An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath



# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

MEÁN FÓMHAIR 2006 – LÚNASA 2007



**TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN**
**Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath**
**Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath**

Meán Fómhair 2006 – Lúnasa 2007

Le cur i láthair Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag cruinniú an 18 Nollaig 2007.

ISBN 1-905254-27-X
ISBN 978-1-905254-27-9

# An Clár






Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD 2

**Struchtúr Acadúil Dinimiciúil 5**

Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD 6
Coláiste Gnó agus Dlí UCD 9
Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD 12
Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD 15
Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD 18

**Barr Feabhais a bhaint amach sa Teagasc agus san Fhoghlaim 21**

Líon na Mac Léinn 23
Modúlú, Seimeastrú agus *UCD Horizons* *25*
Earcaíocht ar Mhic Léinn agus Cláir Nua 28
Gníomhaíocht na Mac Léinn Idirnáisiúnta 29
Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim 31

**I dTreo Ollscoil Diantaighde 35**

Maoiniú Taighde 37
Dámhachtainí Taighde 39
Gnóthachtáil Straitéiseach 41
Éachtaí Taighde 43
Ceathrú Leibhéal 46
Institiúid Mhic Con Mí don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD 47
Ionad um Shintéis agus Ceimbhitheolaíocht UCD 49
Ionad Míochaine Móilíní Bhaile Átha Cliath UCD 51
Institiúid Uí Ghadhra UCD 53
Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD 55
Institiúid Uirbeach Éireann UCD 56
Institiúid Michíl Uí Chléirigh UCD 57
Institiúid Clinton an Léinn Mheiriceánaigh UCD 58
Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD 59
Institiúid Dhomhanda Éireann UCD 60
Ionad um Léann Síneach UCD/ Institiúid Confucius na hÉireann UCD 61
NovaUCD 62

**Eispéireas den Chéad Scoth a Sholáthar do Mhic Léinn 65**

Forbairt ar Áiseanna 67
Cur le Rannpháirteachas 72
Cúnamh Airgid do Mhic Léinn 74
Crèche UCD 75
Leabharlann UCD 76
Seirbhísí TF UCD 77
Seirbhísí Leighis agus Comhairleoireachta UCD 78
Comhairleoirí agus Séiplínigh na Mac Léinn UCD 80
Spórt UCD 81
Ceol 83
Cumainn agus Gníomhaíochtaí na Mac Léinn 84
Rannpháirteachas Pobail 85
Gairmeacha agus Fostaíocht 86

**Cláir Oibre a Mhúnlú 87**

Caidrimh na hOllscoile 89
Forbairt agus Caidreamh le hAlumni 91
Aitheantas Speisialta 93

**Forbairtí Foirne 95**

Forbairtí Foirne 97
Lá Carnabhail na Bliana Seo 100



"Is mór an cion oibre é UCD a shuíomh mar ionad barr feabhais domhanda i margadh atá iomaíoch thar cuimse, cion oibre ar oibrigh pobal UCD go hiomlán air gan stad."

# Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtáran UCD

## Ár bhFís

Laistigh de roinnt laethanta tar éis oscailt Ollscoil Chaitliceach na hÉireann in 1854, d'fhiafraigh an Cairdinéal Newman - cén fáth a bhfuilimid anseo? Bhí ár n-obair ar fhrámaíocht Phlean Straitéiseach UCD 2005-2008 bunaithe ar fhreagra comhaimseartha a aimsiú ar an gceist sin. Tá lúcháir mhór orm a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn an-mhaith a dhéanamh again i dtreo ár spriocanna i ngach gné den Phlean.

Táimid anois i lár tréimhse an-spreagúil do UCD. Mar a bhí ag Newman lena linn féin, tá fís shoiléir againn de na háiteanna inar féidir le UCD difir shuntasach a dhéanamh agus cur le hÉirinn agus leis an domhan. Is mór an cion oibre é UCD a shuíomh mar ionad barr feabhais domhanda i margadh atá iomaíoch thar cuimse, cion oibre ar oibrigh pobal UCD go hiomlán air gan stad.

Tá tuairim is 23,000 mac léinn cláraithe anois sna cúig Choláiste agus 35 scoil. Tá fiche cúig faoin gcéad de na mic léinn ag déanamh staidéar iarchéime agus tá pobal taighde UCD anois ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí idirnáisiúnta chun na teorainneacha eolais a leathnú.

Leanann UCD ar aghaidh ag mealladh mic léinn eisceachtúla. Ar a n-uain, bíonn timpeallacht teagaisc agus foghlama rompu a uasmhéadaíonn a gcumas, a leathnaíonn a bhfiosracht agus a chomhlíonann a ngá le heolas. Tá sármhaitheas ár gcláir ceathrú leibhéal ag déanamh rogha níos tarraingtí de thaighde agus staidéar iarchéime go leanúnach. Lean níos mó ná leath de ranganna 2007 ar aghaidh le breisoideachas nó breisoiliúint.

Táimid tiomanta a bheith inár n-ollscoil diantaighde Eorpach ar thús cadhnaíochta, a thiomáineann nuálaíocht agus fionnachtain chruthaitheach laistigh de phobal de thaighdeoirí den scoth. Cuireann sármhaitheas agus sainiúlacht an taighde i UCD, chomh maith lenár suíomh ar thús cadhnaíochta in oideachas iarchéime sa tír seo agus san Eoraip, leis na spriocanna sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha de shochaí an eolais.

Mhéadaigh an líon de mhic léinn idirnáisiúnta ag freastal ar UCD go beagnach 3,300, méadú de 4% ar 2005/06. Tagann na mic léinn seo as 110 tír éagsúil.

Ar bhealaí eile, ba bhliain mhór í, nó chuir UCD deireadh lena cheangal de 124 bliain le hArdán Phort an Iarla i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Táimid ag leanúint ar aghaidh lenár bpleananna uaillmhianacha chun campas Belfield a fhorbairt mar ionad dinimiciúil 24/7 maireachtála agus foghlama i gcroílár phobail bheoga acadúla agus áitiúla.

Thógamar céimeanna breise i dtreo chomhlíonadh ár sprice i dtaobh an campas a fhorbairt ina shaoráid den scoth. Faoi threoir uileghabhálach ár bPlean Forbartha Campais, tháinig togra dearfach ón ailtire Gearmánach Christoph Ingenhoven mar thoradh ar chomórtas idirnáisiúnta don Gateway Project. Cuirfidh a dhearadh, a bhuaigh an comórtas, cumas ar Gateway Project UCD eispéireas na foirne agus na mac léinn a athrú, an pobal áitiúil a shaibhriú agus cur le forbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil chathair Bhaile Átha Cliath agus Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin.

In áiteanna eile ar a gcampas tá roinnt tionscadail mhóra ar siúl, mar shampla cruthú an Cheantair Eolaíochta. Críochnaíodh roinnt eile go sainiúil, mar shampla athchóiriú Theach Belfield.

Thug an Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 (PFN) cuntas ar an tiomantas leanúnach ar thaighde agus infheistíocht do thionscadail chaipitiúla san earnáil ardoideachais. Tacaíodh leo seo leis an Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, a foilsíodh sa bhliain 2006. Tá fís ar chúl an dá dhoiciméad, fís atá agam féin chomh maith, a tharraingíonn aird an domhain ar Éirinn i dtéarmaí shármhaitheas ár dtaighde agus á chur i ngníomh chun sochair na sochaí.

Seoladh Timthriall a 4 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, a mhaoinigh an tÚdarás um Ard-Oideachas, sa bhliain 2007 agus fuair UCD beagnach €30 milliúin le haghaidh tionscnaimh chlaochlaithe sna heolaíochtaí agus sna daonnachtaí. Cuirfidh an t-infheistiú tráthúil seo i mbonneagar ceathrú leibhéal agus taighde le forbairt na hÉireann mar shochaí bheoga an eolais.

## Cur i nGníomh Phlean Straitéise 2005-2008

Táimid anois i bhfad níos mó na leathbhealach tríd an tréimhse den phlean reatha a leagann amach fís i dtrí réimse ina ndéanfaidh UCD a dhícheall bheith



A Soilse, Rí Harald V ón Iorua ar cuairt in UCD, in éineacht leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán, UCD

i dtús áite:

- Teagasc agus Foghlaim;
- Taighde;
- Tionchar ar shochaí na hÉireann.

Baineadh amach sár-dhul chun cinn leanúnach i rith na bliana seo caite.

*UCD Horizons*, - - bhí ár gcuraclam modúlaithe, eagraithe i seimeastair agus bunaithe ar chreidiúint an-rathúil ar fad agus rinneadh 85% de na cláir múinte iarchéime a mhodúlú le go ndéanfaí iad a sheachadadh sa bhliain acadúil 2006/07. Fuair mé spreagadh faoi leith ó na bealaí samhlaíocha ina bhfuil Scoileanna ag comhoibriú chun réimsí éagsúla ábhair a chur le chéile agus ón bhfócas ar chláir shainiúla trí thorthaí foghlama.

Rinne UCD an cinneadh mór roinnt blianta ó shin gur i dtaighde atá a thodhchaí. Is é taighde anois croílár an méid atá a dhéanamh againn. Forbraíonn sé ár gcumas chun foghlama, chun polasaí a fhoirmiú agus chun nuálaíochta. Mhéadaigh an luach iomlán de chonarthaí taighde 16% le bliain anuas le taobh 2005/06.

Agus muid ar an institiúid oideachais is mó sa tír, tá cuid mhór dár bhfoireann ar thús cadhnaíochta i réimsí de ghníomhaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, áit a gcuireann siad a n-eolas ar aghaidh agus a thairgeann siad a ndearcadh agus a gcomhairle. Ag leibhéal na mac léinn chomh maith, bhí fás suntasach ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí chun saoránacht agus rannpháirtíocht pobail a fhorbairt.

## Taighde

Tá UCD ag leanúint ar aghaidh ag tógáil ar a chlú mar rogha áite do phríomh-thallann taighde, ag cur timpeallacht ar fáil ina féidir le ceannairí taighde nuálú agus sárú. Táimid ag cruthú comhpháirtithe agus comhoibriúcháin spreagúla oideachais agus taighde le heagraíochtaí acadúla agus tionsclaíochta, ag feabhsú muiníne san ollscoil mar áit don infheistiú caighdeánach agus ag déanamh ceannaire náisiúnta de i maoiniú taighde.

Bhí rath mórthaibhseach orainn in aimsiú maoiniúcháin ó raon leathan foinsí. Tá roinnt shuntasach díobh seo ann le haghaidh tionscadail taighde chomhoibritheacha. Tá sárobair ar siúl agus tá aithint a thabhairt don obair sin ó phiaraí in Éirinn agus thar lear. Bhí dul chun cinn dearscnaitheach déanta chomh maith i dtráchtálú taighde.

## Caighdeán na Mac Léinn

Ag am ina bhfuil déimeagrafaic shochaí na hÉireann ag tairiscint rogha níos mó do mhic léinn ag an tríú agus an ceathrú leibhéal ná a bhí ann go dtí seo, tá na mic léinn leis an gcumas is mó ag teacht go UCD go fóill. Mhéadaíomar ár scair den mhargadh d'ardghnóthachtálaithe le níos mó ná 456 mac léinn ag baint níos mó ná 545 pointe amach san ardteistiméireacht nó a choibhéis. Bhí forbairt eiseamláir earcaíochta mac léinn-lárnach mar mhórfhócas, ceann a raibh mar aidhm aige dul i dteagmháil le mic léinn ionchasacha ag am a rogha le caighdeán níos fearr agus teagmháil níos inrochtana.

## Eispéireas na Mac Léinn

Tá an Ollscoil ag leanúint ar aghaidh lena infheistiú mór i bhforbairt fhisiceach agus mheabhrach, sláinte agus leas na mac léinn i UCD. Éiríonn an rogha ó thaobh spóirt agus cumainn de níos mó le gach infheistiú mór atá ar siúl le haghaidh saoráidí a fheabhsú.

Leathnaíodh an tseirbhís comhairleoireachta mac léinn go suntasach agus tá tionscnaimh ar siúl chun mothú pobail níos fearr agus comhchuspóir ar champas a fhorbairt. De réir mar a fhásann an ollscoil, éiríonn tógáil an phobail níos tábhachtaí leis chun mothú ár gcomhoibriú a thógáil agus chun cur leis na pobail níos leithne atá thart orainn.

*Ag bronnadh Ghradam Teagaisc an Uachtaráin (clé go deas):An Dr Oonagh Breen,UCD An Scoil Dlí, An Dr Katherine O'Donnell ,UCD Scoil na Córa Sóisialta, An Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD, An Dr Debra Laefer, UCD Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta, agus David Jennings, Leas-Stiúrthóir, Ionad Teagaisc agus Foghlama UCD*

## Céimeanna oinigh agus dámhachtainí

Le linn na bliana, thug UCD onóir do raon leathan de dhaoine a rinne cion tairbhe suntasach don saol Éireannach agus idirnáisiúnta i réimsí gnó, spóirt, eolaíochta, na n-ealaíon agus eolaíochta beatha. Ina measc bhí an t-údar mór le rá, Maeve Binchy, ar bronnadh an bonn Foundation Day uirthi. Thug sí roinnt scéalta siamsúla faoina laethanta mar mhac léinn in Ardán Phort an Iarla do Farewell to the Terrace, leabhar comórtha a foilsíodh le linn na bliana.



*Maeve Binchy lena fear céile, Gordon Snell, tar éis di bonn Foundation Day UCD a fháil*



## Foireann

Braitheann ábaltacht spriocanna ár bplean straitéisigh a bhaint amach go hiomlán ar chaighdeán fhoireann UCD – foireann acadúil, riaracháin, theicniúil agus tacaíochta – a thugann tacaíocht dár n-iarrachtaí. Is tosaíocht é ar fud na hollscoile earcaíocht and coinneáil daoine sármhaithe a chothú.

Tá caighdeán ár dteagaisc múnlaithe ag an taighde. Na mic léinn is fearr ná iad sin a fhaigheann teagasc ó na múinteoirí agus ó na taighdeoirí is fearr. Earcaímid na múinteoirí agus taighdeoirí is fearr trí mhaoiniú agus tacaíocht a thabhairt dá n-obair thaighde i dtimpeallacht ilchineálachta, smaoineamh criticiúil agus oscailteacht i dtaobh smaointe.

## Conclúid

Chuaigh UCD go mór chun feabhais go mór le linn na tréimhse seo ó chomhairle chríonna agus thaithí an Údaráis Rialaithe agus a chathaoirleach, Kieran McGowan. Is mór againn a dtacaíocht.

Táimid anois ag teacht amach as tréimhse ina raibh athrú mór ann agus corraíl agus clampar i gceist in amanna.Ní bheadh na tionscnaimh shuaithinseacha go léir a críochnaíodh indéanta gan dúthracht agus diongbháilteacht cuid mhór de chomhoibrithe na foirne.

I mo thuarascáil anuraidh, thug mé mo thuairim go raibh an ollscoil ar tí tosú ar thréimhse i bhfad níos cruthaithí, tar éis don ollscoil dul chun cinn ollmhór a dhéanamh, ach go mbeadh céimeanna de dhíth go fóill. Creidim go bhfuil an tréimhse seo faoi lán seoil anois agus go bhfuil obair thiomanta na dtaighdeoirí, na múinteoirí agus na mac léinn ag tabhairt clú níos fearr de shíor do UCD ar fud na réimsí dianiarrachta acadúla go léir.

I dtuarascáil mar seo, níl sé indéanta cuntas a thabhairt ar gach rud a bhíonn ar siúl san ollscoil. Táimid uile mar pháirt de phobal mór ilchineálach atá ag fás, ina bhfuil méideanna móra daoine le chéile ag déanamh cion tairbhe dár gcomhchuspóir - comhrathúlacht do UCD. Tá mé fíorbhuíoch díbh go léir.

Hugh R. Brady

Hugh Brady
Uachtarán

2

# Struchtúr Acadúil Dinimiciúil

Leagadh amach sa Phlean Straitéiseach na prionsabail agus na critéir a bheidh mar threoir don phróiseas athstruchtúrúcháin a mbeidh gá leis chun spriocanna na hOllscoile a bhaint amach. Le trí bliana anuas, rinneadh athstruchtúrú ó bhonn ar UCD agus anois tá an Ollscoil roinnte i gcúig Choláiste agus 35 Scoil.

Cé go bhfuil sé fós sna céimeanna tosaigh, cruthaíodh struchtúr acadúil dinimiciúil a bheidh mar bhonn ag an uile ní a bhainfidh UCD amach sa todhchaí. I dtimpeallacht atá de shíor ag athrú, ní mór do na Coláistí agus na Scoileanna iad féin a chur in oiriúint do na cúinsí nua agus barr feabhais a bhaint amach i ngach ceann dá ngníomhaíochtaí.

# Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD

Is é príomhfhócas an Choláiste agus a ocht scoil ná:

- Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag saibhriú an eispéiris oideachais agus baint amach an chomhchruinnithe is mó de mhic léinn daonnachtaí in Éirinn;
- Tógáil ar an gclú maith seo i dtaobh na sármhaitheasa ina réimsí taighde;
- A bhailiúcháin luachmhara a chothabháil agus a fheabhsú i gCartlann Bhéaloidis na hÉireann, Cartlanna UCD, agus Institiúid Mhichíl Uí Cléirigh UCD;
- Tuiscint i measc an phobail náisiúnta agus idirnáisiúnta a leathnú faoina raon teagaisc, taighde agus acmhainní.

## Forbairt Cláir

Ba é an cion oibre is mó le linn na bliana 2006/07 ná críochnú an athraithe go clár céime modúlaithe, agus comhtháthú a dhéanamh ar na Scoileanna nua, agus coistí an Choláiste. Le linn na bliana rinne foireann acadúil sa Choláiste athbhreithniú chomh maith ar a straitéisí teagaisc agus taighde agus lean siad lena dtaifead láidir d'fhoilseacháin, agus de dhámhachainí taighde.

Tá ilchineálacht nua, a bhfuil fáilte mhór roimhe, i gcuid mhór ranganna bunchéime anois, siocair modúlaithe, le mic léinn tréidliachta ag tógáil modúl i mbéaloideas na hÉireann agus mic léinn leighis ag déanamh staidéir ar na clasaicí agus ar nuatheangacha. Faoi UCD Horizons tá tairiscintí nua, ina measc léann drámaíochta do mhic léinn bunchéime; modúil i léinn Ghaeilge; clár trí bliana i mbéaloideas na hÉireann agus BA/MA nua sna saorealaíona, a bhfuil mar aidhm aige roinnt de thraidisiúin churaclaim Newman a thabhairt do mhic léinn UCD sa lá atá inniu ann.

Is féidir le baill de Cheolfhoireann agus Cór Aireagail UCD creidiúint acadúil a fháil anois do thaibhiú agus rannpháirtíocht. Tá céim úr Dlí le Stair ag athbhunú na gceangal traidisiúnta idir an dá dhisciplín seo. Tá éileamh ar áiteanna san MA nua sa Scríobh Cruthaitheach; tá muinín ag an gColáiste go ndéanfaidh a chéimithe glúin nua de scríbhneoirí UCD a chothú.



*An tOllamh Anne Fogarty, Ollamh le Léann Joyce UCD agus an Dr Fritz Senn, bunaitheoir na Fondúireachta James Joyce in Zurich, a d'fhreastail ar Scoil Samhraidh Joyce i mí Iúil 2007*

Rinne Coiste Teagaisc agus Foghlama an Choláiste modúil ar scileanna staidéir a thriail sna daonnachtaí; ghríos siad comhoibrithe chun modhanna nua measúnúcháin agus teagaisc a chur in áit scrúduithe, mar shampla den fhoghlaim ar bhonn fiosraithe, agus d'oibrigh siad go dlúth le Leabharlann James Joyce UCD chun mic léinn a threalmhú le húsáid iomlán a bhaint as acmhainní nua leictreonacha. Tá na mórghníomhartha seo le sonrú ar chomh maith is a d'éirigh leis an gColáiste i nDámhachtain Teagaisc an Uachtaráin. Ciallaíonn an Scoil Iarchéime nuabhunaithe go mbíonn mic léinn PhD atá ag teacht isteach cláraithe anois i gcláir structúrtha oiliúna, a thugann raon níos leithne de scileanna dóibh, a fheabhsóidh a roghanna ó thaobh gairme de, agus timpeallacht taighde níos coláistí.

Chuir cuid mhór daoine aithne ar mhic léinn daonnachta UCD le linn scoileanna samhraidh, comhdhálacha agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile. Bhí leagan nua ar Scoil Samhraidh UCD 2007, ag cur béime ar pholasaí eachtrach na hÉireann idir 1919 agus 2006. I measc an luchta freastail bhí lucht foirne, a hearcaíodh go háitiúil, de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha as ambasáidí ar fud an domhain, agus mic léinn iarchéime idirnáisiúnta. Athsheoladh Soil Samhraidh James Joyce go rathúil faoi stiúir an Ollaimh Anne Fogarty, i gcomhpháirtíocht leis an James Joyce Centre, Baile Átha Cliath agus Coláiste Boston – Éire. I mí Iúil rinne Scoil an Bhéarla agus Drámaíochta óstáil ar níos mó na 300 mac léinn idirnáisiúnta ag an gcruinniú débhliantúil den Chumann Idirnáisiúnta um Staidéar de Theangacha Éireannacha. Tá páirt mhór le fada an lá ag Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh

UCD i gcláir na n-ócáidí comórtha chun an 400ú comóradh bliain de Theitheadh na nIarlaí agus bunú Choláiste na hÉireann i Lováin a mharcáil.


## Ceapacháin Acadúla

Neartú an réimse ábhair Stair na hEalaíne le ceapachán an Ollaimh Kathleen James-Chakraborty mar Ollamh Stair na hEalaíne, duine a bhí tráth fostaithe ag Ollscoil California ag Berkeley agus ar scoláire oirirc d'ailtireacht na fichiú haoise í. D'fhill an tOllamh Liam Mac Mathúna ar a alma mater, chun ceannaireacht a ghlacadh ar Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD. Cinnteoidh ceapachán an Ollaimh Anne Fogarty, as Scoil an Bhéarla agus Drámaíochta UCD, mar Ollamh Léinn James Joyce, go mbeidh UCD ina cheannaire domhanda sa réimse seo. Tugann ceapachán Frank McGuinness mar Ollamh Scríobh Cruthaitheach onóir do dhuine de mhór-dhrámadóirí na hÉireann agus duine de na léachtóirí ar a bhfuil an-mheas i Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta i UCD.

## Taighde agus Dámhachtainí

Tugadh aitheantas do chaighdeán thaighdeoirí an Choláiste nuair a bronnadh cúig chomhaltacht de chuid na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochta Sóisialta do 2006/07, le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta ag fáil ceithre dhámhachtain. Agus muid ag leanúint ar aghaidh ag ceiliúradh agus ag tabhairt tacaíochta do scoláirí aonair, tá an Coláiste ag cothú braislí taighde i measc a fhoirne agus mic léinn iarchéime. Le bliain anuas bhí ceardlanna agus seimineáir ar éirigh go han-mhaith leo, agus a bhí dírithe ar an nuathréimhse mhoch, staidéir Éireannacha, eagarthóireacht téacs, cultúr ábhartha agus an domhan Atlantach. I measc cuid suntais taighde eile tá Dámhachtain Feabhais Muiníne Wellcome chun stair an leighis in Éirinn a fhorbairt (i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Uladh), agus aistriú eile de lámhscríbhinní agus leabhair luachmhara, ina measc, go suaithinseach, na Wadding Papers, d'Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh UCD, comhpháirtíocht idir UCD agus Ord Bráithre Mionúra (na Proinsiasaigh).

I dtreo dheireadh na bliana seo fuair an Coláiste duais de €3.6 milliúin ón gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, Timthriall 4, don tionscadal Global Ireland – comhthionscnamh ó Choláiste na nEalaíon agus Léinn Cheilteach UCD agus Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD – chun tacaíocht a thabhairt do sprioc uaillmhianach UCD staidéar in Éirinn a athrú go mór.



*Ceapadh Frank McGuiness ina Ollamh le Scríbhneoireacht Chruthaitheach UCD*

# Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD


Poist amhail 1 Meán Fómhair 2006



**Príomhoide an Choláiste**
An tOllamh Mary Daly




**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Muiris O'Sullivan



**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Paula Murphy



**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Michael Lloyd



**Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Andrew Carpenter



**Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Richard Aldous



**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas na hÉireann agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Séamas Ó Catháin



**Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
Clíona de Bhaldraithe-Marsh



**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Wolfgang Marx

# Coláiste Gnó agus Dlí UCD

Ag a bhunú, leag Coláiste Gnó agus Dlí UCD síos roinnt de phríomhchuspóirí straitéiseacha, go sonrach:

- Cothabháil ar líon na mac léinn bunchéime i gcomhthéacs déimeagrafaic mhíshásúil in Éirinn;
- Méadú suntasach ar mhic léinn iarchéime;
- Méadú ar thaighde maoinithe agus aschur taighde dáimhe;
- Méadú ar inmheánú na mac léinn agus na foirne acadúla, chomh maith le feabhsú ar an bpróifíl idirnáisiúnta;
- Forbairt inniúlachta feidhmiúcháin oideachais den scoth ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit ag UCD;
- Feabhsaithe ollmhóra ar na háiseanna.

Rinne Scoil Ghnó UCD (bunchéimithe) agus Scoil Dlí UCD dul chun cinn maith i dtaobh na gcuspóirí seo.



*Leabharlann Scoil Smurfit UCD a cuireadh ar bun le déanaí a bhuíochas le bronntanas flaithiúil ó dheontóir anaithnid*

## Forbairt Cláir

Tá Scoil Ghnó UCD ina rogha áite gó fóill dóibh siúd atá ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach sa ghnó, agus tháinig athbheochan ar an éileamh ar an Dlí, mar dhisciplín, i measc na ndaoine a bhí ag fágáil na scoile ag an dara leibhéal. Tháinig méadú ar líon na mac léinn a roghnaigh dlí i UCD mar a chéad rogha CAO siocair sraith de chláir nua céimeanna.

Mhéadaigh an líon mac léinn iarchéime in ainneoin drochthreochtaí déimeagrafacha agus níos mó iomaíochta ó institiúidí eile agus margadh earcaíochta buacach. Tá Máistreacht sa Bhainistíocht á tairiscint anois ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit ag UCD den chéad uair agus chuir siad tús le roinnt sruthanna MBA nua.

Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt tairiscintí Oideachais Feidhmiúcháin le seoladh clár ceannasaíochta feidhmiúchán d'oifigigh shinsearacha sa Gharda Síochána. Sheol Stiúrthóir nua um Oideachas Feidhmiúcháin roinnt clár nua, rud atá ag baint amach uimhreacha arda clárúcháin.

Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair chun áiseanna fisiceacha a fheabhsú, le bronnadh €4 mhilliúin ó Peter Sutherland, duine de alumni is oirirce de chuid UCD, chun tacú le tógáil foirgnimh nua do Scoil Dlí UCD; táthar ag dréim leis seo a bheith críochnaithe faoi 2010.

Siocair bronntanas mór ó bhronntóir anaithnid, cuireadh leabharlann nua ar fáil ar champas Scoil Smurfit ar an gCarraig Dhubh. Rinneadh an seanséipéal a athchóiriú go samhlaíoch agus é anois ina leabharlann den scoth. Tá sé cumasaithe

*An tOllamh Paul O'Connor, Scoil Dlí UCD(ar chlé) leis an mBreitheamh Adrian Hardiman a ceapadh mar bhall foirne sa scoil mar Bhreitheamh cónaitheach don dara seimeastar den bhliain acadúil 2006/07*

go hiomlán do wi-fi, le spás do 150 úsáideoir, le níos mó ná 20,000 leabhar agus 5,000 tráchtas. Tá sé ceangailte le gach mórbhunachar sonraí agus stór ar líne chomh maith.

Ghlac Scoil Céimithe Ghnó Michael Smurfit ag UCD le togra uaillmhianach le haghaidh athfhorbairt champas na Carraige Duibhe. Beidh cuid mhór tiomsú airgid de dhíth le linn na bliana atá amach romhainn chun fís seo na Scoile a chomhlíonadh.

Rinne an Coláiste roinnt cuairteoirí agus ócáidí dearscnaitheacha a óstáil le linn na bliana chomh maith, ina measc An Taoiseach, Bertie Ahern TD, an straitéisitheoir bainistíochta a bhfuil clú air ar fud an domhain, an tOllamh Henry Mintzberg, agus Fóram Dlí na hEorpa Éireann.

Rinne mic léinn as níos mó ná 40 tír staidéar sa Choláiste anuraidh. Tá an treocht seo ag leanúint ar aghaidh le mic léinn as Veiniséala agus an Chasacstáin, i measc tíortha eile, dearbhaithe don bhliain atá ag teacht. Táthar ag dréim go mbeidh tromlach de mhic léinn as thar lear ar an gclár MBA lán-aimseartha den chéad uair.

Táthar ag dréim go dtiocfaidh méadú de níos mó ná 20% ar mhic léinn Erasmus agus iad sin atá ag staidéar thar lear ag Scoil Ghnó UCD sa bhliain atá romhainn agus beidh níos mó ná 1,400 mac léinn ag an Scoil san Áise Thoir-Theas ar chláir chianfhoghlama go fóill.

Tugadh ceithre chlár MSc nua isteach do mhic léinn as thar lear ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit. Bhí an leas-phríomhoide, an tOllamh Frank Roche, i gceannas ar thoscaireacht a chuaigh go dtí an tSín agus a shínigh comhaontas le hOllscoil Wuhan. Tá sé faoi chaibidil ag an straitéis don mhargadh Síneach comhghuaillíochtaí a bheith ann le roinnt ollscoileanna Síneacha ardchaighdeánacha le haghaidh malairt mac léinn agus ball foirne. Déanann mic léinn Síneacha suas an cohórt is mó de mhic léinn as thar lear sna Scoileanna go léir.



*An tOllamh Henry Mintzberg (lár) ó Ollscoil McGill, Montreal leis an Dr Gerardine Doyle, Stiúrthóir ar an gclár MBA sa Chúram Sláinte ag Scoil Samhraidh UCD agus an tOllamh Tom Begley, Ceann Scoil Ghnó UCD*



Tá an Coláiste ag comhoibriú leis an bpobal gnó chun sruthanna taighde agus cláir oideachais nua a fhorbairt in Airgeadas, faoi choimirce an Global Finance Academy.

## Ceapacháin Acadúla

Bhí feabhsú leanúnach ann ar an gcumas bainistíochta agus acadúil le roinnt ceapacháin shinsearacha ag leibhéal an Choláiste, ina measc Stiúrthóirí nua ag Scoil Ghnó UCD agus Scoil Smurfit UCD.

Líon feachtas dianearcaíochta idirnáisiúnta ann le cúig chathaoir nua ag an Scoil Ghnó, an mhórchuid acu as thar lear.

D'éirigh an tOllamh Paul O'Connor as a phost mar Dhéan Scoile Dlí UCD tar éis beagnach 15 bliana de sheirbhís. Tá an tOllamh Joe Mc Mahon in áit mar Dhéan eatramhach go dtí go ndéanfar ceapachán buan, rud atáthar ag dréim leis go luath sa bhliain 2008.

## Taighde agus Dámhachtainí

Tá líon na mic léinn dochtúireachta níos airde anois ná mar a bhí riamh roimhe agus chuir tabhairt isteach an chláir dhochtúireachta feabhas mór ar réim agus ar chaighdeán na hoiliúna a chuirtear ar fáil do mhic léinn taighde. Déanfar caipitliú ar na feabhsúcháin seo trí fhorbairt foinsí breise maoiniúcháin chun tacaíocht airgeadais do chéimeanna taighde a fheabhsú.

Mhéadaigh an dá Scoil a rannpháirtíocht i scéim síolmhaoiniúchán na hOllscoile go mór, le 22 deontas nua bronnta.


Bhí maoiniú ollmhór chomh maith ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le haghaidh tionscadail ar chódú dhlí coiriúil na hÉireann

# Coláiste Gnó agus Dlí UCD

Poist amhail 1 Meán Fómhair 2006



**Príomhoide an Choláiste**
An tUasal Paul Haran



**An Scoil Ghnó UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Tom Begley



**Scoil Dlí UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Paul O'Connor

# Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD

Is iad príomhspriocanna straitéiseacha an Choláiste ná:

- Sármhaitheas a thairiscint ó thaobh teagaisc agus foghlama de, bunaithe ar shármhaitheas i dtaighde agus i scolaíocht;
- Na mic léinn is fear a earcú agus a gcumas a uasmhéadú;
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt cláir nua Baitsiléara agus Máistreachta agus na roghanna agus deiseanna do mhic léinn a mhéadú. Go háirithe, tá forbairt an chláir Bologna lárnach i gceann de na réimsí is leithne de roghanna oideachais ar fáil san Eoraip a thairiscint do mhic léinn.

## Forbairt Cláir

Ta an Coláiste tiomanta an t-ardchaighdeán tacaíochta do theagasc agus don foghlaim, a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach aige dá bharr, a chothabháil. Seoladh cláir nua BSc san Innealtóireacht, san Ailtireacht Tírdhreacha, san Eolaíocht Aeráide agus Domhaneolaíochta, agus san Fhisic le Réalteolaíocht agus Spáseolaíocht. Seoladh clár ME nua san Innealtóireacht Struchtúr le hAiltireacht agus clár MEngSc san Innealtóireacht Bhithchógaisíochta (i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Coláiste na Trionóide (TCD) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT) chomh maith.

Le linn na bliana bunaíodh an tSaotharlann do Chórais Choimpléascacha agus Oiriúnaitheacha UCD (CASL). Bailíonn sé le chéile níos mó ná 150 taighdeoir ó gach cuid den Choláiste isteach san ionad ildisciplíneach is mó in Éirinn ag díriú ar réitigh a sholáthar ar phríomhfhadhbanna san eolaíocht ach cur i bhfeidhm matamaitice agus faisnéisíochta.

Tá na struchtúir oibríocha don Scoil Chéimithe curtha i ngníomh anois agus tháinig rialacháin nua PhD in éifeacht do gach mac léinn ó mhí Mheán Fómhair 2006. D'fhorbair Scoileanna pleananna cur i ngníomh ag leibhéil Scoile agus cláir do chlár struchtúrtha PhD agus rinneadh roinnt de chláir théamacha nua PhD idirscoile, idircholáiste agus idir-institiúide a dhearadh agus a sheoladh.

I gcomhar le Scoil Chéimithe Choláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD, rinne Scoil Chéimithe Choláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD modúil a thairiscint do mhic léinn nua PhD chuig príomh-scileanna taighde, forbraíodh doiciméadú do mhic léinn nua agus rinneadh athdhearadh ar an suíomh gréasáin chun acmhainn bhreise a chur ar fáil don fhoireann agus do na mic léinn. Forbraíodh comhthaobhacht margaidh agus rinneadh ionadú ar an Scoil Chéimithe agus a chomh-Scoileanna ag ócáidí earcaíochta céimithe i rith na bliana. Trí theagmháil le UK GRAD agus an UK Council for Graduate Education, rinneadh fiosrúchán ar chomhoibriú féideartha mar shampla an chomhoibriú leis na Scoileanna Céimithe ag Imperial College London i réimse scileanna inaistrithe.

## Taighde agus Dámhachtainí

Cuireann an Coláiste taighde agus teagasc ildisciplíneach chun cinn idir Scoileanna agus Coláistí i UCD, agus le hinstitiúidí eile laistigh d'Éirinn agus thar lear chomh maith. Déanann an Coláiste taighde, oiliúint agus aistriú teicneolaíochta i gcomhar le tionscail. Is páirt lárnach de mhisean an Choláiste é taighde ardchaighdeáin ar thús cadhnaíochta a chur ar fáil, le próifíl idirnáisiúnta. Bronnadh maoiniú seachtrach le haghaidh taighde ar an gColáiste de níos mó ná €24.3 milliúin, méadú suntasach de 70% ar an mbliain roimhe sin.



*Pictiúr ar bronnadh duais ar sa chomórtas* Images of Research, *dar teideal* Time to Reflect *leis an gcéimí Oran Morris, ina bhfuil córas optach saintógtha ag an ngrúpa um un fhisic adamhach agus mhóilíneach chun staidéar a dhéanamh ar radaíocht agus ar phlasmaí léasar-chruthaithe as a dtagann iain*

Léiríonn an tréimhse de mhéadú foisteanach i maoiniú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) chomh maith, ó €4.6 milliúin (2005/06) go €6.4 milliúin (2006/07) le 82 príomhthaighdeoir maoinithe ag an SFI sa Choláiste san am i láthair. Nuabhronnadh 25% dóibh seo sa bhliain acadúil 2006/07.

Mhéadaigh inniúlacht taighde go mór chomh maith. Tháinig méadú de 30% ar an líon taighdeoirí iardhochtúireachta sa Choláiste sa tréimhse 2006/07 agus tá 111 taighdeoir ann faoi láthair. Chomh maith leis sin, tháinig ardú ar an líon mac léinn taighde, le 427 mac léinn PhD cláraithe sa Choláiste don seisiún acadúil 2006/07. Ba é 389 an líon coibhéiseach do 2005/06. Fuair seasca cúig mac léinn céim PhD le linn 2006/07, méadú de 58% ar an mbliain roimhe sin.

Tá an tIonad Tacaíochta Matamaitice ag leanúint ar aghaidh ag cur cúnamh foghlama luachmhar ar fáil do mhic léinn ar fud an Choláiste. Tá pleananna á bhforbairt faoi láthair chun ionaid eile mar sin a bhunú i bpríomháiteanna eile.

D'éirigh go han-mhaith le taighdeoirí sa Choláiste sna Deontais Taiscéalaíocha do Chláir Oideachais Thaighde Céimithe Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET)/IRCHSS. Bhí páirt shuntasach ag an gColáiste i naoi gcinn de na 22 tionscnamh ar éirigh leo.

Bhronn Intel Ireland Ltd agus an IDA maoiniú de $9.3milliún/€7.1milliún ar UCD le haghaidh Taighde Teicneolaíochta don Mhaireachtáil Neamhspleách. Bhí an tOllamh Richard Reilly ó Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Mheicniúla i bhfeighil an ghrúpa. I measc na rannpháirtithe eile san infheistíocht $30 milliún/€23 milliún bhí Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Mic Léinn idirnáisiúnta ag Seachtain um Éagsúlacht Chultúrtha UCD i mí Feabhra 2007.

Bronnadh an Dámhachtain um Thaighde Geolaíochta Griffith, dar luach €1.46 milliúin, ar an nGrúpa Taighde Geolaíochta Muirí agus Peitriliam, leis an Ollamh Patrick Shannon i gceannas, as Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD. Is príomhpháirt é an dámhachtain seo den Chláir Geolaíocht Náisiúnta 2007 – 2013.

Bronnadh maoiniú de €2.7 milliúin ó Thionscnaimh Matamaitic an SFI 2006 ar Gary McGuire, Stiúrthóir Institiúid Claude Shannon um Matamaitice Scoite, Códú agus Cripteagrafaíocht. Tá comhoibriú idir UCD, UCC, DCU agus Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i gceist leis an Institiúid.

Bhí bronnadh na Dámhachtana Enterprise Ireland do thráchtálú faisnéisíoschta 2006 ar an Ollamh Barry Smyth as ucht a cheannasaíochta i dtráchtálú taighde ollscoile ar bhuaicphointú thaighde eile sa Choláiste.

Leis an Ollamh Paddy Nixon i gceannas, as Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, bhunaigh cuibhreannas d'Institiúidí tríú leibhéal an tIonad Taighde Digiteach Náisiúnta sa bhliain 2006, le maoiniú de níos mó ná €25 milliúin ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá dhá phríomhsprioc ag an gColáiste don bhliain amach romhainn: tacú le feabhsú inniúlachta na Scoileanna agus ionaid taighde idirscoile a thógáil atá dearscnaitheach agus iomaíoch go hidirnáisiúnta. Déantar díriú ar thacaíocht Scoile chun go leanfar ar aghaidh leis an rathúlacht i mealladh maoiniú taighde agus chun inniúlacht thaighde na Scoile a fheabhsú.

Ag leibhéal an Choláiste, is é an sprioc ná forbairt a dhéanamh i roinnt de phríomhréimsí straitéiseacha, ina measc fuinneamh, samhaltú ríomhaireachtúil, córais choimpléascacha agus oiriúnaitheacha, nanai-bhitheolaíocht, agus innealtóireacht bhithleighis.



*An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey TD (ar chlé) ag bronnadh gradam Charles Parsons um Thaighde ar Fhuinneamh ar an Ollamh Mark O'Malley (lár) agus ar an Ollamh Nick Quirke, Príomhoide, Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD*

# Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD

Poist amhail 1 Meán Fómhair 2006



**Príomhoide an Choláiste**
An tOllamh Nick Quirke



**Scoil na hAiltireachta , na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Mark Richardson



**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisís UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Don MacElroy



**Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Barry Smyth



**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr David FitzPatrick



**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Pat Shannon



**Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Adrian Ottewill



**Scoil na Fisice UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Gerry O'Sullivan

# Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

Tá an Coláiste déanta suas de dheich Scoil a thugann le cheile na heolaíochtaí sóisialta, raon de réimsí ildisciplíneacha, agus disciplíní eile, ina measc síceolaíocht, tíreolaíocht agus fealsúnacht.

Is iad aidhmeanna an Choláiste ná:

- Cur leis an tuiscint atá ann faoi athrú dhinimic náisiúnta, Eorpach agus dhomhanda agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Forbairt a dhéanamh sa bhreis mar ionad thaighde ardchaighdeáin ar thús cadhnaíochta sna heolaíochtaí sóisialta agus daonna;
- Ár gcláir bhunchéime a fheabhsú agus na mic léinn is fearr a mhealladh isteach chun riachtanais shochaíocha agus eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh;
- Scoil Chéimithe a fhorbairt a bhfuil meas air go hidirnáisiúnta.

## Forbairt Cláir

Le linn 2006/07 tharla leanúint agus somhdhlúthú ar fhorbairtí tábhachtacha i Scoil na nEolaíochtaí Daonna UCD. Ghlac na deich scoil páirt ghníomhach i bpróiseas pleanála na Scoileanna, seoladh teaglaim nua de chéimeanna sa Scoil Chéimithe agus bhuaigh scoláirí sna hEolaíochtaí Daonna deontais agus comhaltachtaí móra.


Seoladh roinnt clár bunchéime spreagúil nua i Meán Fómhair 2006, mar shampla céimeanna i dTíreolaíocht, Polasaí Pleanála agus Comhshaoil, Stair, Polaitíocht agus Caidreamh Idirnáisiúnta, Eacnamaíocht agus Polaitíocht, Dlí le Polaitíocht, Dlí le Fealsúnacht, agus Dlí le hEacnamaíocht. Rinne Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD agus Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD le chéile tionscadal teagaisc nuálaíoch do ranganna móra a sheoladh. Sa tionscadal seo rinne Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD athdhearadh ar cheann de na módúil mhóra leibhéal a haon, le níos mó ná 400 mac léinn ag úsáid cur chuige nuálaíoch teagaisc ar bhonn fiosraithe. Nochtaigh taighde i dtoradh an mhódúil leibhéal níos airde de rannpháirtíochta i measc na mac léinn, chomh maith le tinreamh níos fearr agus gráid níos airde.

Bhí an Coláiste, arna mhaoiniú ag Ciste Nuálaíochta Straitéise an tÚdarás um Ard-Oideachas, ar thús cadhnaíochta i bhforbairt scéime do chomhaltachtaí teagaisc ollscoile agus forbairtí acadúla. Aithníonn an scéim seo sármhúinteoirí a oibríonn i róil cheannasaíóchta ina Scoileanna aonair féin agus ar fud na hollscoile, agus tugann sé luaíocht dóibh. Bronnadh trí cheann de na comhaltachtaí oirirce seo de scoláirí na nEolaíochtaí Daonna a bheidh ag obair go sonrach ar fheabhsú eispéireas na chéad bliana agus ag cabhrú lena gcomhoibrithe chun cur chuige measúnachta níos éifeachtaí a fhorbairt.

Le linn na bliana rinne an Coláiste forbairt bhreise ar a Scoil Chéimithe agus bunaíodh Boird Chéimithe do chláir taighde agus teagaisc. Ba é an Coláiste an chéad cheann i UCD a thug isteach comhpháirt struchtúrtha múinte ina chláir PhD go léir; chuir Scoil Chéimithe an Choláiste cláir eagraithe módúil ar fáil ar mhodhanna taighde i gcomhar le Scoil Chéimithe an Choláiste Ghnó agus Dlí UCD. Thug ceapachán léachtóra i bhFealsúnacht na hEolaíochta agus i Modhanna Cannoíochtúla Taighde tacaíochta do thiomantas an Choláiste i dtaobh foirmiú gairmiúil a mhac léinn iarchéime a fhorbairt. I measc feabhsúcháin shuntasacha ar eispéireas an chéimithe sa Choláiste bhí bunú níos mó ná 300 spás oifige nua do chéimithe agus sheoladh an chéad Chiste Nuálaíochta Taighde Iarchéime do mhic léinn atá ag déanamh taighde iarchéime.

Thionóil an Scoil Chéimithe a chéad chomhdháil PhD i mí Bealtaine 2007 le níos mó ná 40 mac léinn iarchéime ag glacadh páirte, agus aoichainteoirí, ina measc an tOllamh Frances Ruane, Stiúrthóir na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus Mary Davis, Cathaoirleach an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach.

Rinne an Coláiste roinnt léachtaí dearscnaitheacha a óstáil le mhórscoláirí idirnáisiúnta. Thug an tOllamh Ian Shapiro, Ollamh Steirling na hEolaíochta Polaitiúla ag Ollscoil Yale agus Stiúrthóir Ionad Macmillan do Staidéir Idirnáisiúnta



*Pictiúr ar bronnadh duais ar sa chomórtas Images of Research, dar teideal Averaged leis an Dr Nuala Brady, Scoil na Síceolaíochta UCD, a cruthaíodh ach 70 aghaidh fireann agus baineann a mheascadh chun an 'meán' aghaidh atá ag duine óg Éireannach a léiriú. Baintear úsáid as na híomhánna seo i dtaighde a dhéantar ar éifeacht an characatúir in aithint aghaidhe.*

*An tOllamh Brigid Laffan, Príomhoide, Choláiste na nEolaiochtaí Daonna UCD leis an Ollamh Ian Shapiro ó Ollscoil Yale*



agus Ceantair ag Ollscoil Yale Léacht tionscnaimh Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD i mí na Samhna 2006. The Flight from Reality in the Human Sciences a bhí mar theideal ar a léacht. I mí an Mhárta 2007 rinne an fealsamh oirirc an tOllamh Hilary Putnam as Ollscoil Harvard, freastal ar chollóiciam ina onóir mar pháirt de cheiliúradh a 80 bliain. Thug an tOllamh Putnam léacht dar teideal The Fact/Value Dichotomy and its Critics. I mí an Mheithimh 2007 bhronn UCD céim oinigh ar an Ollamh Amartya Sen, Nobel Laureate in Eacnamaíocht. Thug an tOllamh Sen léacht poiblí ar an téama Féiniúlacht, Bochtaineacht agus Foréigean (Identity, Poverty and Violence) agus thug sé seimineár do chéimithe i Scoil na hEacnamaíochta UCD. Ghlac an tOllamh Sneja Gunew (Ollscoil British Columbia) agus an tOllamh Marco Mattiniello (Ollscoil Liège) páirt i ngníomhaíochtaí an Tionscnaimh um Thaighde Imirce agus Saoránachta.

## Ceapacháin Acadúla

Rinne an Coláiste roinnt ceapachán Ollaimh le linn na bliana acadúla. I measc na gceapachán nua bhí dhá ollúnacht i Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh, an tOllamh Tomy Fahey, Ollamh le Beartas Sóisialta agus an tOllamh Brian Nolan, Ollamh le Beartas Poiblí. Ceapadh an tOllamh Karl Whelan go Scoil na hEacnamaíochta UCD agus an tOllamh Alun Jones go Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD. Chuaigh an tOllamh Damiel Thomas agus an tOllamh Paul Walsh isteach i Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí idirnáisiúnta. Bhí seisiún tionscnaimh idirnáisiúnta an Choláiste, atá ag dul i méid go leanúnach, le feiceáil in earcaíocht lucht léinn ag tús a ngairmeacha ón RA, Mór-Roinn na hEorpa agus ó Mheiriceá Thuaidh.

Chuir an Scoil Chéimithe fáilte roimh an Dr. Christopher Mole (Scoil na Fealsúnachta UCD) agus an Dr Jos Elkink (Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta UCD), a oibreoidh mar fhoireann chun an soláthar múinte do chéimithe a athdhheardh agus a neartú.

## Taighde agus dámhachtainí

Bhí rath ar an gColáiste le linn 2006/07. Ina measc bhí foilseacháin mhóra le foilsitheoirí idirnáisiúnta i leabhair agus in irisí idirnáisiúnta ar thus cadhnaíochta a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu. Chomh maith leis sin, bhí deontais ón gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtai Sóisialta (IRCHSS), an tAontas Eorpach (AE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), Norface, Cúnamh Éireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE),an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla. Bhí rath ar scoláirí an in iarracht de chuid Fhoras Eolaíochta na hEorpa chun clár Taighde Comhoibríoch na hEorpa ESF (EUROCORES) a fhorbairt. Ba seo an chéad uair a forbraíodh clár taighde EUROCORES sna heolaíochtaí sóisialta. Bunaíodh an clár ar théama an idirghníomhaithe idir luachanna daonna, institiúidí, agus iompar. Tagann maoiniú don chlár ó 18 ngníomhaireacht mhaoiniúcháin náisiúnta, an IRCHSS i gcás na hÉireann.

Bhí rath ar an gColáiste in dhá ghné de chur i ngníomh PRTLI, Timthriall 4 na hOllscoile. Bhí comhoibriú idirdhisciplíne agus idir-institiúide i gceist leis an dá thionscadal. I gceann amháin (an Tionscadal Éireann Domhanda) tá comhiarratas i gceist, le Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD mar pháirt de chlár Ealaíon/na nDaonnachtaí níos leithne.  Is é a bhí i gceist leis an dara ceann ná forbairt bhreise ar Chartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann i gcomhar le hInstitiúid Uí Ghadhra UCD. B'ionann luach na gconarthaí a síníodh le linn 2006/07 ná níos mó na €5.75 milliúin.

# Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

Poist amhail 1 Meán Fómhair 2006



**Príomhoide an Choláiste**
An tOllamh Brigid Laffan




**Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Valerie Richardson



**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Rodney Thom



**Scoil an Oideachais is Foghlaim feadh Saoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Sheelagh Drudy



**Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Joe Brady



**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Mary Burke




**Scoil na Fealsúnachta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Gerard Casey



**Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Attracta Ingram



**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Barbara Dooley



**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Sara Cantillon



**Scoil na Socheolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Aogán Mulcahy

# Coláiste na nEolaíochtaí Beatha

Ba iad príomhchuspóirí straitéiseacha an Choláiste ná méadú i méid na n-aonaid acadúla agus taighde le mais chriticiúil níos mó agus cothú na dtionscnaimh tras-Scoile. Dhírigh siad seo go príomhúil, ach ní hamháin, ar thionscnaimh thaighde, bunaithe ar rathúlacht in iomaíocht don leibhéal ard atá ar fáil san am i láthair de chistí náisiúnta agus AE.


Chuir roinnt fachtóirí leis an rathúlacht reatha:

- ioncaim thaighde méadaithe a ghin foirne taighde atá ann faoi láthair;
- earcaíocht straitéiseach ar thaighdeoirí breise i ndisciplíní roghnaithe;
- méadú suntasach ar an gcomhoibriú tras-Scoile as ar eascair deontais taighde téamach níos mó.

Ní le taighde amháin atá an comhoibriú tras-Scoile ag baint, ach tháinig tionscnaimh de roinnt cláir chéime idirdhisciplíne nua as, ata leagtha amach thíos.

## Forbairtí Cláir

The Colour of Life, pictiúr a chruthaigh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Beithmhóilínigh agus Bithleighis UCD, agus a cuireadh isteach ar an gcomórtas Images of Research



Ba bhliain de ghníomhaíocht a bhí de shíor ag dul i méid í 2006/07. Rinne gach ceann de na hocht Scoileanna a struchtúir nua a chomhdhlúthú agus mhéadaigh siad a bhfoirne le ceapachán baill foirne shinsearacha acadúla agus riaracháin. Is dócha gurb é an t-athrú is mó a d'fhógair aon Scoil ná tionscnaimh Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD chun dul isteach le dhá cheann de na hospidéil oiliúna is mó in Éirinn, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae chun an chéad ionad leighis acadúil na hÉireann a chruthú, Cúram Sláinte Acadúil Bhaile Átha Cliath (DAHC). Úsáideadh an modh seo d'idirnascadh scoileanna leighis agus a n-ospidéil chleamhnaithe faoi bhrateagraíocht amháin go rathúil i Meiriceá Thuaidh agus in áiteanna eile san Eoraip agus is é an chéad tionscnamh den chineál seo é i gcóras cúraim shláinte acadúil na hÉireann. Déanfaidh DAHC saineolas agus acmhainní na dtí eagraíocht a chomhthiomsú chun imeascadh de chúram othar a fheabhsú chomh maith le hoiliúint leighis, agus chun comhoibriú idir thaighdeoirí bithleighis agus cliniceoirí a chur chun cinn.

Cuireadh tús le thrí clár bunchéime nua ceithre bliana sa Choláiste i Meán Fómhair 2006, as ar eascair méadú réamh-mheasta de 240 mac léinn bunchéime faoi 2009. Ba chláir BSc iad san eolaíocht néarchórais (iontógáil de 10 mac léinn sa bhliain), Cnáimhseachas (iontógáil de 20 mac léinn sa bhliain, agus Altranas Leanaí agus Ginearálta (iontógáil de 30 mac léinn sa bhliain).

Tharla méadú de 11% ar an líon céimithe taighde sna heolaiochtaí beatha, go 790. B'ionann an caiteachas ar thaighde agus thart ar 17% níos mó agus tharla an méadú is mó i Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, agus Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil.

Mar atá sonraithe ar lch64 den tuarascáil seo, tá tús curtha leis an gcéad chéim d'athfhorbairt ionad Eolaíochta UCD.

Rinneadh athfhorbairt ar Oifig Chlár Eolaíocht na Talmhaíochta chun timpeallacht dheas a chur ar fáil do mhic léinn in áit amháin.

Thosaigh obair thógála agus tá sé chun cinn go maith chun ligean don Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhogadh ó Ardán Phort an Iarla go forbairt níos nua-aimseartha laistigh de choimpléasc na nEolaíochtaí Sláinte.

Cuireann méadaithe in ioncaim thaighde in iúl go bhfásfaidh foireann agus céimithe atá maoinithe ag taighde de thart ar 500 sna 18 mí amach romhainn, agus ceapadh baill foirne le déanaí ag tabhairt foirne suntasacha taighde leo chomh maith.

Chríochnaigh gach scoil pleananna cúig bliana le bliain anuas. I measc spriocanna na ngníomhaíochtaí pleanáilte tá:

- Méadú in ioncaim thaighde bhliantúil de 136%;
- Méadú de 101% ar chóimheas chéimithe lánaimseartha ó 1,131 go 2,269;
- Méadú ar Chóimheas mac léinn bunchéime/iarchéime múinte lánaimseartha de 14% ó 4,876 i mbliain náid go 5,557 i mbliain a cúig. Ag cur leis seo, beidh cláir nua in Eolaíocht Chothaithe, Eolaíocht Bhithleighis, Ceimic Mhíochaineach agus Eolaíocht Fheidhmiúlachta;
- Infheistiú glan de €2.2 milliúin sa bhliain i mbliain a haon, ag a bhuaic ag 44.3 milliúin sa bhliain i mbliain a trí, do Scoil an Leighis agus Eolaíocht Leighis – ar bhaill foirne acadúla don mhórchuid. Táthar ag dréim sa Scoil seo le sruth nua iontrála de chéimithe chomh maith.
- Forbairt ar Institiúid nua um Spóirt agus Sláinte UCD atá gaolmhar le Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta ag tosú le hinfheistiú de €750k de threalamh.

## Ceapacháin Acadúla

Several senior academic staff members joined the Tháinig roinnt de bhaill foirne shinsearacha acadúla isteach sa Choláiste trí ghnáthearcaíocht agus cleachtadh earcaíochta téamaí. Leanfaidh earcaíocht ar aghaidh sa bhliain acadúil 2007/08 le próiseas earcaíochta Stokes an SFI. I measc na gceapachán nua tá ollúnachtaí chun Institiúid idirdhisciplíneach um Bia agus Sláinte UCD a cheannasú (an tOllamh Michael Gibney) agus Institiúid um Spóirt agus Sláinte UCD a cheannasú (an tOllamh Colin Boreham). Ceapadh ollaimh chomh maith i ndisciplíní na Bithaisnéisíochta (an tOllamh Brendan Loftus); Leigheas agus Treapeolaíocht ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann (an tOllamh Michael Keane); Asaideolaíocht agus Banliacht ag Ospidéal naomh Uinseann agus Ospidéal na mBan sa Chom (an tOllamh Michael Turner); Gníomheolaíocht (an tOllamh Giuseppe De Vito); Eipidéimeolaíocht de Chothaíocht agus Galair Iompraithe ar Bhia (An tOllamh Patrick Wall; Ithireolaíocht (an tOllamh Christoph Muller); Staidéir Chliniciúil Tréidliachta (an tOllamh Michael Doherty) agus Tréidliacht (an tOllamh Pieter Brama).

## Taighde agus dámhachtainí

Is dócha go mbeidh luach de níos mó ná an t-iomlán de €45 milliúin (glan ar fhorchostais) a bhí ann anuraidh ag baint leis na conarthaí a síníodh roimh dheireadh na bliana. Na Scoileanna a bhfuil an bhaint is mo acu leis seo ná Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, agus Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD.

Cruthaíodh dhá institiúid idirdhisciplíneacha taighde nua i mBia agus Sláinte, agus Spóirt agus Sláinte. Bhí bliain an-rathúil ag an gcéad cheann díobh seo sa tréimhse 2006/07, le conarthaí móra ó Enterprise Ireland (€8.5 milliúin), EU Framework 7 agus an clár PRTLI atá á mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas. Laistigh den chlár PRTLI is déanaí, bhí baint ag an gColáiste le roinnt tionscnamh rathúil sna heolaíochtaí (bhith)chógaisíochta agus cógaseolaíochta, teicneolaíochtaí naineolaíochta agus nanascála agus clár oiliúna céimithe san eolaíocht bhithleighis.



A safe pair of hands, *pictiúr a bhuaigh duais sa chomórtas* Images of Research *leis an* Dr Eamonn Gormley, *Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD. Tá an broc ar cheann de na mamaigh dhúchasacha is mó in Éirinn. Tá lámh chúnta á thabhairt don bhroc óg seo sula dtabharfar ar ais dá mháthair é*

# Coláiste na nEolaíochtaí Beatha

Poist amhail 1 Meán Fómhair 2006



**Príomhoide na Scoile**
An tOllamh Brian McKenna



**Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Maurice Boland



**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Tom Bolger



**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Paul Moynagh




**Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Michael McGlinchey



**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Bill Powderly



**Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
*Ceann na Scoile*
Dr Marie Carney



**Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Cecily Kelleher



**Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Catherine Blake



# 3

## Ag Baint Amach Barr Feabhais i dTeagasc agus i bhFoghlaim

Tá sé riachtanach go mbeidh sarmhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim mar bhunchloch ag gach gné den saol i bpobal UCD, má tá an ollscoil chun a fhís uaillmhianach a fhíorú, caipitliú ar a fhoireann agus a ilchineálacht ó thaobh mac léinn de, agus dul san iomaíocht go rathúil faoi choinne na mac léinn is fearr.

Bhí leasú ar Phlean Straitéise UCD sa tréimhse dramatúil agus tá an ollscoil anois ag tairiscint sraith nualaíoch, spreagúil agus lánmhódúlaithe de chláir céime. Lig forbairt UCD Horizons don ollscoil an t-uasmhéid a bhaint as a thraidisiún de rathúlacht na mac léinn agus méadú a dhéanamh ar fhíor-rogha na mac léinn trí dhearadh curaclaim solúbtha agus módúlaithe laistigh de, agus trasna na gclár.

Comhthreomhar le sin, bhí leathnú an-mhór chomh maith ar chláir hgníomhaíochta taighde agus céimithe, cláir struchtúrtha dochtúireachta san áireamh. Faigheann teagasc ardchaighdeáin ag UCD tairbhe as Barr feabhais sa thaighde a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach dá bharr, agus is iad na mic léinn is fearr iad sin a theagascann na múinteoirí agus taighdeoirí is fearr. Trí infheistiú ina chláir bunchéime, iarchéime agus taighde, tá UCD ag tógáil ar an am a chuaigh thart agus an t-am i láthair chun mic léinn agus foireann dearscnaitheacha a mhealladh, a oibreoidh le chéile i gcultúr comhroinnte de bharr feabhais marthanach agus nuálaíocht i dteagasc agus i bhfoghlaim.

*Mac léinn séú bliana Amy Browne ó Bhaile Garbháin ag labhairt le John Buckley ó Oifig Chlár an Leighis Talmhaíochta agus an Leighis Tréidliachta ag Lá Oscailte 2006 i mí na Nollag*



Líon na Mac Léinn

Modúlú, Seimeastrú agus *UCD Horizons*

Earcaíocht Mac Léinn agus Cláir Nua

Gníomhaíocht Idirnáisiúnta na Mac Léinn

Nuálaíocht i dTeagasc agus i bhFoghlaim

Caighdeán

## Líón na Mac Léinn

Tá an líon mac léinn a roghnaíonn UCD chun staidéir ag méadú leis. D'ardaigh an líon iomlán de mhic léinn ag leibhéal bunchéime agus iarchéime beagnach 2% ó 22,528 sa bhliain acadúil 2005/06 go 22,929 sa tréimhse 2006/07. Léiríonn Tábla 1 miondealú líon na mac léinn de réir cláir de.

Ta tarraingt ag UCD ar mhic léinn ó gach cearn den domhan, le beagnach aon chúigiú de na mic léinn iarchéime ag teacht as áiteanna taobh amuigh d'Éirinn. Ardaíonn próifíl na hollscoile go leanúnach, agus tá ionadú á dhéanamh ar 110 tír anois. Léiríonn Tábla 2 na háiteanna as a dtagann na mic léinn bunchéime agus iarchéime.

Léiríonn Table 3 miondealú na mac léinn idirnáisiúnta de réir bunchéime (52%) agus iarchéime (48%).

Léiríonn Tábla 4 miondealú na mac léinn ar bronnadh cáilíochtaí orthu le linn 2006/07.

**Tábla 1 – Líon na Mac Léinn de réir Cláir**

| Fochéimithe | Lán-aimseartha | Páirt-aimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Céim Onóracha | 12,602 | 1,177 | 13,779 |
| Teastas/Dioplóma | 43 | 2,181 | 2,224 |
| Mic Léinn Malairte | 246 | 285 | 531 |
| Ilghnéitheach | 312 | 176 | 488 |
| **Iomlán Fochéimithe** | **13,203** | **3,819** | **17,022** |
| **Céimithe** | **Lán-aimseartha** | **Páirt-aimseartha** | **Iomlán** |
| PhD | 1,393 | 154 | 1,547 |
| Máistreacht Thaighdeach | 307 | 54 | 361 |
| Máistreacht Mhúinte | 1,578 | 646 | 2,224 |
| Teastas/Dioplóma | 704 | 1,070 | 1,774 |
| **Iomlán Céimithe** | **3,982** | **1,925** | **5,907** |
| **Iomlán na hOllscoile** | **17,185** | **5,744** | **22,929** |

**Tábla 2-Bunús na Mac Léinn**

| | Fo-chéimithe | Iarchéimithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cathair agus Contae | | | |
| Bhaile Átha Cliath | 7,421 | 2,455 | 9,876 |
| An Chuid eile de hÉirinn | 7,245 | 2,271 | 9,516 |
| Tuaisceart na hÉireann | 206 | 47 | 253 |
| An Bhreatain Mhór | 239 | 139 | 378 |
| AE | 691 | 439 | 1,130 |
| Meiriceá Theas | 574 | 110 | 684 |
| An Áise | 489 | 263 | 752 |
| An Afraic | 96 | 145 | 241 |
| An Chuid Eile den Domhan | 61 | 38 | 99 |
| **Iomlán** | **17,022** | **5,907** | **22,929** |

**Tábla 3-Mic Léinn Idirnáisiúntas**


| | Fochéimithe | Iarchéimithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Idirnáisiúnta | 1,217 | 1,134 | 2,351 |
| Bliain Shóisearach Thar Lear/ Ilghnéitheach/ Malairt | 933 | | 933 |
| **Iomlán** | **2,150** | **1,134** | **3,284** |


**Nótáil**: Is é an sainmhíniú ar mhic léinn idirnáisiúnta ná mic léinn le háit chónaithe taobh amuigh d' Éirinn agus níl mic léinn malairte, ar bhliain shóisearach thar lear nó ar chláir ilghnéithacha ar bith eile san áireamh

**Tábla 4 – Mic Léinn ar Bronnadh Cáilíochtaí orthu**

| Fochéimithe | Lán-aimseartha | Páirt-aimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Céim Onóracha | 3,265 | 289 | 3,554 |
| Teastas/Dioplóma | 15 | 1,503 | 1,518 |
| **Iomlán Fochéimithe** | **3,280** | **1,792** | **5,072** |
| **Céimithe** | **Lán-aimseartha** | **Páirt-aimseartha** | **Iomlán** |
| PhD | 101 | 96 | 197 |
| Máistreacht Thaighdeach | 114 | 28 | 142 |
| Máistreacht Mhúinte | 1,300 | 340 | 1,640 |
| Teastas/Dioplóma | 637 | 722 | 1,359 |
| Iomlán Céimithe | 2,152 | 1,186 | 3,338 |
| **Iomlán na hOllscoile** | **5,432** | **2,978** | **8,410** |

## Tíortha Dúchais na Mac Léinn



# Modúlú, Seimeastrú agus *UCD Horizons*

Is iad spriocanna uaillmhianacha an Phlean Straitéisigh ná:

- Curaclam módúlaithe agus seimeastaraithe a chur i ngníomh agus leasú curaclaim a spreagadh ag leibhéal módúil agus cláir;
- Díriú ar shainmhíniú an phríomhchuraclam agus torthaí foghlama;
- Eispéireas foghlama na mac léinn a shaibhriú trí sholáthar UCD Horizons.

Rinne UCD dul chun cinn mhór i leabhú na meicníochtaí agus próisis chun bainistíocht éifeachtach na gclár céimithe go léir - taighde agus múinte - a rialú agus a chumasú, ag éascú forbairt leanúnach na gclár ag an am céanna. Déantar é seo go háirithe i réimse na gclár téamacha dochtúireachta, réimse a aithníonn Plean Straitéise UCD agus Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013 an Rialtais mar phríomhréimse forbartha.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Tá mórchuid de chláir fochéimithe na hollscoile módúlaithe agus seimeastaraithe go hiomlán, le torthaí foghlama tugtha ag leibhéal cláir agus módúil.

Tá Scoileanna ag comhoibriú ar bhealaí nua agus spéisiúla chun réimsí éagsúla ábhair a chur le chéile agus tá siad ag díriú ar shainchláir trí thorthaí foghlama. Bunaíodh cláir nua a thugann le chéile réimsí staidéir le haghaidh céim ar leith.

Ta an deis ag mic léinn clárú ar mhódúil thoghaithe atá taobh amuigh dena réimsí staidéir, a chuireann ar a gcumas bunachar eolais níos leithne a fháil in ábhair ilchineálacha. Tá an deis ag mic léinn chomh maith clárú ar thoghaithe laistigh dena gcláir féin a chuireann ar a gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar a n-ábhar. Bhí éileamh mhór ar mhódúil i dTeangacha Feidhmeacha agus sa Síceolaíocht mar thoghaithe i Meán Fómhair 2006.

Forbraíodh polasaí ar sholáthar roghnaithe agus ceadaíodh é sa bhliain 2007. Leagann sé amach na prionsabail ghinearálta atá ag an Ollscoil maidir le soláthar roghnaithe, agus mar a féidir ‘bloic’ roghnaithe a struchtúrú laistigh de Scoil nó de réimse ábhair.

Cuireadh tús, ar bhonn céimnithe, le clárú ar líne do Mheán Fómhair 2007, i lár mhí Lúnasa 2007, le feabhsúcháin an-mhór a thairiscint ar an gcóras ar an mbliain roimhe sin. Ba Chlárlann UCD, aonad nua a tháinig chun cinn go struchtúrach de réir na bhforbairtí i módúlú agus athchumrú bainistíochta laistigh d’Oifig fhoriomlán an Chláraitheora agus an Leas-Uachtaráin, a bhí i gceannas ar an obair chasta seo.

**An Chead Bhliain—na Roghanna Roghnaithe is mó a raibh éileamh orthu i Meán Fómhair 2006**

| Módúil | Uimhir Mhic Léinn na Chéad Bhliana |
|---|---|
| Síceolaíocht | 284 |
| Teangacha Feidhmeacha | 221 |
| Ríomheolaíocht | 188 |
| Bainistíocht Gnó | 166 |
| Dlí | 135 |
| Fisic | 130 |
| Fealsúnacht | 129 |
| Eacnamaíocht | 123 |
| Bitheolaíocht | 111 |

I gceannas ar Chlárlann UCD tá Stiúrthóir na Clárlainne, Kevin Griffin, agus tá na cúig aonad seo a leanas ann: Forbairt Polasaí agus Cláir Acadúil, Earcaíocht Mac Léinn, Oibríochtaí, Measúnú agus loighistic agus SySDEM (Córais, Tacaíocht, Forbairt agus Bainistíocht Clárúcháin).

Ba mar thoradh ar phróisis chomhoibriú le caitheamh ama idir Oifigí na gCláir, Boird na gCláir, Scoileanna agus foirne sa Chlárlann a tharla gnóthachtáil i réimse na bhfochéimithe. Bhí Bord Chlár Fochéimithe na hOllscoile ina phríomhfhóram le haghaidh plé agus moltaí ar leasú curaclaim agus ceisteanna níos leithne ar fhorbairt cláir.

Bhí tionchar mór ag Modúlú agus Seimeastrú ar phatrúin agus ar mhodhanna measúnúcháin ar mhic léinn. Rinneadh cuid mhór oibre chun Oifig na Scrúduithe a athstruchtúrú san Aonad Measúnúcháin agus Loighistic chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann sa chomhthéacs measúnú atá ag athrú. Díriú go háirithe ar phróisis agus nósanna imeachta chun freastal do na struchtúir nua curaclaim, le hathstruchtúrú loighistice, sceidealú scrúdaithe agus córas bainistíochta halla, agus cruthú sraith tuarascálacha measúnaithe nuálaíocha chun forbairt a dhéanamh

ar phróiseas ceadú grád módúlach a chumasú. Ba iarracht chomhoibríoch é seo idir an tAonad Measúnúcháin agus Loighistice, Feitheoir Scrúdaithe (Déan an Léinn Fochéimithe), Oifigí Cláir, Oifigí an Scoil Chéimithe agus an tAonad Seirbhísí Bainistíochta.

Faoi Lúnasa 2007, ní raibh ach cúig chlár múinte iarchéime fágtha le módúlú, agus rinneadh modúlú ar gach clár máistreachta taighde le go ndéanfaí iad a sheachadadh sa tréimhse 2007/08. Chomh maith leis sin, ceadaíodh 30 clár nua múinte iarchéime le go ndéanfaí iad a sheachadadh sa tréimhse 2007/08, le 15 chlár théamacha dochtúireachta nua.

Cuireadh tús le hiarrachtaí comhbheartaithe i dtreo módúlú cláir thaighde iarchéime i Meán Fómhair 2006, nuair a thug an ollscoil isteach clár struchtúrtha nua PhD do gach mac léinn PhD a bhí ag teacht isteach. Mar pháirt den PhD struchtúrtha nua, tá mic léinn dochtúireachta in ann módúil mhúinte a ghlacadh ó gach cuid den ollscoil agus faigheann siad tacaíocht ina dtaighde anois ní hamháin ó fheitheoir aonarach ach ó Phainéal ar Staidéir Dochtúireachta chomh maith. Tugtar spreagadh do gach mac léinn anois Plean Taighde agus Forbairt Ghairmiúil a dhéanamh i gcomhairle lena bPainéal ar Staidéir Dochtúireachta.

## Spriocanna Amach Anseo

- Dul chun cinn ar leasú agus ar fhorbairt curaclaim ag leibhéal an chláir, go háirithe in ailíniú dearadh churaclaim le torthaí foghlama sonracha;
- Dul chun cinn ar fhorbairt phunanna roghnaithe ag leibhéal Scoile, go háirithe i réimse na rogha struchtúrtha;
- Neartú na meicníochtaí do rialachas ar chéimithe agus tacaíocht don fhorbairt cláir iarchéime nua, go háirithe cláir théamacha dochtúireachta, agus forbairt roinnt ionstraimí breise polasaí chun treoir agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na mic léinn agus na baill foirne go léir a bhfuil baint acu le hoideachas iarchéime;
- Athbhreithniú de réir an chleachtais is fear idirnáisiúnta ar, agus cur i ngníomh, cur chuige measúnúcháin agus modheolaíochtaí i gcóras módúlach, scrúdú, grádú agus polasaithe agus nósanna imeachta an bhoird scrúduithe san áireamh.

Agus muid ag cur síos ar an méid atá bainte amach go hinstitiúideach, tá sé thar a bheith tábhachtach aitheantas a thabhairt don ról ceannaireachta a ghlac Leas-Phríomhoidí Teagaisc agus Foghlama Scoileanna na gCéimithe ag múnlú agus ag soláthar an tionscnaimh modúlúcháin ag gach leibhéal.



## Déin na gClár Fochéime

Le linn na bliana, ba é príomhról Dhéan na gClár ná forbairt straitéiseach na gclár a chur ar aghaidh. Ceapadh Déin do 12 Bord Cláir, le téarmaí tagartha ceadaithe chun a chinntiú go mbeidh rialachas agus bainistíocht éifeachtach ann.

Beidh Déin na gClár i gceanna na forbartha straitéisí atá á dhéanamh ar ár gcláir fochéime laistigh den fhrámaíocht mholdúlach agus tá siad freagrach as rialachas acadúil na gclár trí mheán Bhoird na gClár, agus as leasa agus eispéireas foghlama na mac léinn ag leibhéal an chláir.

Tá freagracht ar Dhéin na gClár as an rialachas acadúil ar na cláir trí Bhoird na gClár, agus leas agus eispéiris foghlama na mac léinn ag leibhéal cláir. Cinnteoidh na Déin, agus iad ag obair leis na hOifigí Cláir bainteacha agus le Clárlann UCD, go mbeidh soláthar comhordaithe de thacaíochtaí riaracháin ann do mhic léinn agus feidhmiú éifeachtach cláir.

An tOllamh Cecily Kelleher, Cathaoirleach Bhoird na gClár Sláinte Poiblí, Fisiteiripe, Gníomheolaíochta agus Eolaíocht an Daonra


Ba iad na Déin a ceapadh sa tréimhse 2006/07 ná:



**An tOllamh Jim Phelan**
*Déan na hEolaíochta Talmhaíochta*



**An tUasal Jim Murphy**
*Déan na hAiltireachta*



**An Dr Joe Brady**
*Déan na nEalaíon*



**An tOllamh Tom Begley**
*Déan an Ghnó*



**An Dr David Timoney**
*Déan na hInnealtóireachta*




**An tOllamh Joe McMahon**
*Déan an Dlí (eatramhach)*




**An tOllamh Bill Powderly**
*Déan an Leighis*



**An tOllamh Gerard Fealy**
*Déan an Altranais, Cnámhseachais agus na gCóras Sláinte*



**An tOllamh Mark Rogers**
*Déan na hEolaíochta*



**An Dr Bairbre Redmond**
*Déan na hEolaíochta Sóisialta*



**An tOllamh Grace Mulcahy**
*Déan an Leighis Tréidliachta*



**An tOllamh Cecily Kelleher**
*Cathaoirleach Bhoird na gClár Sláinte Poiblí, Fisiteiripe, Gníomheolaíochta agus Eolaíocht an Daonra*

## Earcaíocht ar Mhic Léinn agus Cláir Nua

Leagadh amach spriocanna soiléire chun a chinntiú go mbeidh UCD go fóil ina togha ollscoile do na mic léinn is fearr agus is cumasaí. Mar pháirt de straitéis chomhordaithe earcaíochta, d'oibrigh an ollscoil go crua chun:

- Caighdeán agus líon na dteagmhálacha pearsanta le mic léinn féideartha a mhéadú
- Caighdeán agus leibhéal an eolais atá ar fáil do an mac léinn agus a c(h)omhairleoirí a mhéadú.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Ba phríomhthasc é cur i ngníomh na chéad chéimeanna den eiseamláir earcaíochta mac léinn-lárnach a forbraíodh i UCD. Aithníonn an t-eiseamláir go bhfuil riachtanais éagsúla ag mic léinn féideartha ag céimeanna éagsúla dá dturais fionnachtana agus iad ag roghnú na hollscoile agus an chúrsa cúrsa céime chirt, chomh maith leis an luach atá le heolas níos infhaighte agus ar chaighdeán níos airde. Caithfidh an ollscoil an riachtanas seo a chomhlíonadh in earcaíocht agus teagmháil le mic léinn féideartha.

Mhéadaigh UCD a sciar d'ardghnóthachtálaithe le níos mó ná 456 mac léinn ag baint níos mó ná 545 pointe amach ina n-ardteistiméireacht nó a choibhéis. Go náisiúnta, d'éirigh le 8% de mhic léinn ardteistiméireachta níos mó ná 500 pointe a bhaint amach. Mar thacaíocht don bharr feabhais, bronnadh scoláireacht tosaigh ar 108 mac léinn. Tugadh a scoláireachtaí do na mic léinn i mbarr gach cláir ag searmanas a thug aitheantas dá ngnóthachtáil agus a d'ardaigh próifíl ardghnóthachtálaithe UCD i meáin chumarsáide náisiúnta agus áitiúla.

I measc gníomhaíochtaí le linn na bliana bhí feachtas chun mic léinn féideartha a thabhairt go UCD agus chun caighdeán na tacaíochta leo a fheabhsú. Rinne 50 Ambasadóir Mac Léinn de chuid UCD turas den champas, a chlúdaigh seisiún eolais in Ionad Fáilte nua UCD, a thairiscint do níos mó ná 8,000 mac léinn féideartha as Éirinn agus thar lear.

In áit na Laethanta Oscailte i mí an Mhárta, cuireadh cuairteanna grúpaí scoile agus cuairteanna aonair go campas ar fáil. Tháinig feabhas suntasach ar Laethanta oscailte na Nollag do mhic léinn sa bhliain dheireanach agus do mhic léinn lánfhásta sna cainteanna cláir agus soláthar eolais.

*Cuireann Ambasadóirí Mac Léinn UCD fáilte roimh dhaltaí ón idirbhliain ó Scoil Phobail Cholm Cille, Cnoc Liamhna, Baile Átha Cliath 16, ar thuras den champas*

Cuireadh tús le Lá Deiseanna Céimithe i Halla O'Reilly i mí Feabhra.

Forbraíodh ceangail straitéiseacha níos láidre le scoileanna tríd Sheimineár tionscnaimh Threoirchomhairleoirí UCD inar díríodh ar oiliúint an oiliúnóra agus eolas ar churaclaim. Rinneadh athdhearadh mór bunaithe ar thaighde ar an réamheolaire agus forbraíodh Lámhleabhar Eolais Threoirchomhairleoirí UCD do scoileanna agus do threoirchomhairleoirí.

Is lárphointe fócais don tréimhse 2007/08 é forbairt agus cur i bhfeidhm céimneach MyUCD, an chéad tairseach d'fhochéimithe ollscoile in Éirinn. Cuirfidh sé feidhmiúlacht chuardaigh na gclár acadúil breise ar fáil agus deiseanna breise chun teagmháil a dhéanamh le mic léinn féideartha agus ligean dóibh bheith mar pháirt de phobal UCD sula sroicheann siad an campas.

Chuir UCD cúig chlár nua ar fáil sa tréimhse 2006/07, agus i measc na gclár Céime Baitsiléara Onóracha is mó a raibh éileamh orthu bhí:

- Dlí le hEacnamaíochta
- Sláinte agus Gníomheolaíocht
- Ceimic Mhíochaineach agus Bitheolaíocht Cheimiceach
- Bithcheimic agus Bitheolaíocht Mhóilíneach
- Aeráid agus Eolaíocht Chórais Dhomhanda

Leanfaidh na hiarrachtaí ar aghaidh chun mic léinn féideartha a mhealladh le cuairt a thabhairt ar UCD trí sholáthar cainteanna eolais agus turas campais agus níos mó tráthnónta oscailte ag díriú ar chláir amháin.

I measc aitheantais do ardghnóthachtálaithe cuirfear tús le duais Iontrála do gach mac léinn le níos mó ná 545 pointe ardteistiméireachta nó a choibhéis.



## Gníomhaíocht na Mac Léinn Idirnáisiúnta

Sa bhliain acadúil 2006/07, mhéadaigh an líon mac léinnidirnáisiúnta ag freastal ar UCD go beagnach 3300, méadú de 4% ar 2005/06. Tháinig na mic léinn seo as 11 thír éagsúil, níos airde ná an 110 tír a raibh ionadaíocht acu i UCD sa bhliain acadúil roimhe sin. Le dhá bhliain anuas bhí méaduithe suntasacha ar líon na mac léinn as an bhFrainc, an Ghearmáin, an Liotuáin, an Nigéir, an Pholainn, Singeapór agus an Spáinn.

### Dul chun Cinn go dtí seo

Sa bhliain acadúil 2006/07, chaith 281 mac léinn de chuid UCD roinnt ama thar lear mar pháirt den chlár ERASMUS agus ghlac 74 mac léinn eile páirt i malairtí amach nach san EU iad.

Lean an dul chun cinn ar aghaidh i dtreo deiseanna spéisiúla a sholáthar do mhic léinn chun staidéar a dhéanamh thar lear trí chláir malairte. Sa tréimhse 2006/07, den chéad uair, bhí inastritheacht mac léinn idir UCD agus Ollscoil Otago sa Nua-Shéalainn, Ollscoil Keio sa tSeapáin agus Ollscoil Carolina Thuaidh ag Chapel Hill, sna SA. Chomh maith leis seo, bunaíodh seacht gcomhaontas malairte nua le hollscoileanna i gCeanada, sa Chóiré, sa Nua Shéalainn agus sna SA, ag soláthar 38 áit breise malairte amach taobh amuigh den AE. Seo sa bhreis ar na 25 clár malairte nua le hInstitiúidí móra Eorpacha tríd an gclár ERASMUS, a sholáthraíonn beagnach 40 áit malairte nua do mhic léinn UCD.

Sa bhliain 2006 chuaigh UCD isteach i *Universitas 21*, gréasán mór idirnáisiúnta de níos mó ná 20 ollscoil thaighde i ndeich tír. Cuireann an bhallraíocht seo raon leathan de roghanna inaistrithe, tionscnaimh taighde comhoibríocha, comhchláir acadúla agus deiseanna tagarmharcála cleachtas is fearr ar fáil.

Rinneadh céimeanna suntasachta a thógáil i dtreo cuspóirí Fhorógra Shanghai *Universitas 21* a chomhlíonadh, rud a chuireann chun cinn



*Mic Léinn idirnáisiúnta ag Seachtain um Éagsúlacht Chultúrtha UCD i mí Feabhra 2007*

inaistritheacht gan uaim de mhic léinn idir institiúidí atá ina mbaill. Tá cláir ghníomhacha malairte anois ag UCD le 13 de 20 comhpháirtí *Universitas 21* agus tá comhaontais á bplé faoi láthair leis na comhpháirtithe eile le go síneofaí iad sa bhliain 2008.

Beidh an deis ag mic léinn UCD chomh maith páirt a ghlacadh in ócáidí bliantúla *Universitas 21* mar shampla comhdháil an tsamhraidh, comhdháil taighde d'fhochéimithe agus comhdháil do mhic léinn dochtúireachta.

I mí Bealtaine 2008 déanfaidh UCD cruinniú bliantúil an Uachtaráin agus CGB *Universitas 21* a óstáil, chomh maith le Siompóisiam bliantúil *Universitas 21*.

I mí Bealtaine 2007, le linn Bhricfeasta bliantúil UCD ag an NAFSA (Cumann na nOideoirí Idirnáisiúnta), in Minneapolis sna Stáit Aontaithe, d'fhógair UCD bunú a Ionaid Staidéir agus Staidéir Thar Lear. Cuirfidh an tIonad le rathúlacht agus dea-chleachtas na gclár Staidéar Thar Lear/Bliain Shóisearach Thar Lear atá ann cheana i gColáistí agus Scoileanna agus tabharfaidh sé tacaíocht do chomhordú na ndeiseanna Staidéir Thar Lear atá ag teacht isteach ar fud UCD. Cuirfidh sé leibhéal ard de sheirbhís ar fáil chomh maith do mhic léinn Staidéar Thar Lear UCD agus na hinstitiúidí comhpháirtíochta go léir.

## Spriocanna Amach Anseo

Tá comhairliúchán ar siúl faoi láthair le Coláistí agus Scoileanna maidir le múnla don Straitéis Idirnáisiúnaithe ag UCD agus a mbeidh ann, agus déanfaidh a chuspóirí agus spriocanna faoi leith suas páirt de chéad Phlean Straitéise eile UCD.

Le linn 2007/08, tá pleananna ag an Oifig Idirnáisiúnta chun gníomhaíochtaí earcaíochta a reáchtáil sa tSín, in India, sa Chasacstáin, sa Mhalaeisia, i Meicsiceo, sa Mheánoirthear agus sna SA ag comhoibriú le Coláistí agus Scoileanna, agus, bheith páirteach i raon de ghníomhaíochtaí earcaíochta le hurraitheoirí agus ionadaithe i bpríomhthíortha eile.

Leanfaidh dul chun cinn ar aghaidh i dtreo raon deiseanna inaistritheacha mac léinn atá ar fáil ag mic léinn UCD a fheabhsú laistigh de fhrámaíocht ERASMUS agus taobh amuigh den Eoraip araon.

### COMHDHÁIL SAMHRAIDH MHIC LÉINN *UNIVERSITAS 21*

I mí Iúil 2007, ghlac cúig mhac léinn UCD páirt i gComhdháil Samhraidh Mhic Léinn *Universitas 21* ag Ollscoil Virginia sna SA. Chuaigh mic léinn UCD le mic léinn as 15 de comhpháirtithe *Universitas 21* le haghaidh clár foghlama bunaithe ar an téama Ceannasaíocht i Sochaí Domhanda. Rinneadh dearadh ar an gclár chun cabhrú leis na daoine a bhí ag glacadh páirte a scileanna ceannasaíochta a thuiscint agus a fhorbairt trí shaoil ceannairí as disciplíní agus ceantair éagsúla ar fud an domhain a staidéar. Bhí comhpháirt foghlama an-láidir ó thaobh eispéiris de sa churaclam agus bhain sé úsáid mhór as grúpaí traschultúrtha.

I mí Feabhra 2008 beidh UCD agus Ollscoil Ghlaschú ag óstáil, go comhoibríoch, Comhdháil tionscnaimh Teagaisc agus Foghlama *Universitas 21*, dar teideal “An féidir Teagasc agus Foghlaim a Aistriú”. Cuirfear gréasán láidir de cheannairí U21, acadúil agus riaracháin, le chéile chun dul i ngleic le dúshlán domhanda Eispéireas Foghlama Ardoideachais Mhic Léinn.

# Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim

## Ciste Nuálaíochta Straitéisí

Rinne UCD dul chun cinn breise le linn na bliana ag tabhairt isteach meicníochtaí tacaíochta don fhoireann chun gur féidir leo nualú ina gcuid teagaisc, agus leathnú orthu. Le tacaíocht ó Chiste Nuálaíochta Straitéisí a mhaoinigh an rialtas, is é sin ciste cúig bliana de €300 milliúin a chomhordaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas chun comhoibriú a chur chun cinn, tacú le hathrú agus caighdeán in ardoideachas na hÉireann a fheabhsú, tá UCD ag obair i réimsí foghlama na mac léinn a chlaochlú, teagasc nuálaíoch a spreagadh agus comhpháirtíocht a leathnú. Tá tionscadail teagaisc agus foghlama SIF UCD comh-chomhordaithe ag an gCláraitheoir agus coiste stiúrthóra ar a ndéanann Déan na Staidéir Fochéime, an tOllamh Gerry Doyle, cathaoirleacht, agus tuairiscíonn an coiste seo do Bhord Teagaisc agus Foghlama na hOllscoile.

**Ag SpreagadhTeagasc Nuálaíoch**

Rinne UCD tionscnamh rathúil trí SIF do Scéim Chomhaltachta sa Teagasc agus san Fhorbairt Acadúil. Is é feidhm na scéime atá comhordaithe ag an Dr Bairbre Redmond (Leas-Phríomhoide, Teagasc agus Foghlaim, Coláiste na hEolaíochtaí Daonna) agus Elizabeth Noonan (Stiúrthóir Polasaí Acadúil agus Forbairt Cláir), ná chun struchtúir forbartha a chur i ngníomh le haghaidh cur chun cinn an bhairr feabhais i dteagasc agus i bhforbairt acadúil atá freagrúil do riachtanais mhic léinn, atá ag athrú.

Úsáideann an scéim eiseamláir hibride nuálaíoch a chuireann chun cinn láidreachtaí gach duine de na comhaltaí i réimsí dhisciplíneacha faoi leith, ag srianú seo trí cur chuige grúpa chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo ar bhealach a thugann isteach an ollscoil go léir le haghaidh athraithe agus forbartha níos leithne. Ceapadh ocht gcomhalta i mí Bealtaine 2007 as raon de dhisciplíní ar fud na hollscoile chun pobal cleachtais a bunú, a dhíríonn ar fhorbairt an bhairr feabhais i dteagasc agus le freagracht as forbairt acadúil a threorú isteach in dhá réimse atá tábhachtach, ó thaobh straitéise de, do UCD – eispéireas na chéad bhliana agus ag dul i ngleic le mic léinn.



*An chéad chohórt d'fhoireann UCD ar bronnadh Dioplóma orthu sa Teagasc agus san Fhoghlaim in earrach na bliana 2006, in éineacht leis an bhfoireann ón Ionad um Theagasc agus Foghlaim – An Dr Bairbre Redmond, Leas-Phríomhoide an Ionaid um Theagasc agus Foghlaim agus an Cláraitheoir, An Dr Philip Nolan (lár)*

Is iad na comhaltaí ná:

- An Dr Amanda Gibney, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD
- An Dr Eilis Hennessy, Scoil na Síceolaíochta UCD
- An Dr Patricia Kieran, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisís UCD
- An Dr Feargal Murphy, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus na Teangeolaíochta UCD
- An Dr Henry McLoughlin, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD
- An Dr Niamh Moore, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD
- An Dr Sara O Sullivan, Scoil na Socheolaíochta UCD
- Maria-Rosario "Charo" Hernandez, uasal, Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta UCD

Beidh obair na gcomhaltaí sna chéad chéimeanna ag díriú ar ionchais mhic léinn atá ag glacadh páirte i saol na hollscoile a thuiscint i dtreo eispéireas foghlama na mac léinn a athrú ó thaobh an teagaisc de agus ó thaobh na measúnachta de. Beidh cothú ar fhorbairt scoláireacht teagaisc trí fhoilsiú in irisí phiarmheasúnaithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ina phríomhthoradh ar an Scéim.

**Ag Claochlú Fhoghlaim na Mac Léinn**
Cuireadh tús leis an tionscadal maidir le Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe/Faidhbe, ata comhordaithe ag Geraldine O'Neill agus Terry Barrett as Ionad Teagaisc agus Foghlama UCD, i mí Eanáir 2007. Chomh maith le eolas saindisciplíne, déanann an cur chuige seo i dtaobh teagaisc agus foghlama mic léinn a spreagadh chun a n-obair ghrúpa, aisghabháil faisnéise, agus scileanna smaointe léirmheastóireachta agus cruthaitheacha a fhorbairt, ag obair le fadhb/fiosrú. Tá an cur chuige seo, a thógann ar chleachtais atá in áit cheana i UCD, a chur i ngníomh ó mí Eanáir 2007 i gcláir ar fud na hollscoile, mar shampla i dtíreolaíocht, sa tSíceolaíocht, san Íomháú Diagnóiseach agus tá sé i gcéim dheartha i módúil i Litríocht an Bhéarla, Innealtóireacht, Fisiteiripe agus Teangacha. Tá an fhoireann tionscadail ag forbairt úsáid cineálacha éagsúla eiseamláir i roinnt comhthéacsanna éagsúla, mar shampla le ranganna le grúpaí móra sa chéad bhliain agus cláir chéimithe mháistreachta i gcleachtas gairmiúil. Tá taighde á dhéanamh faoi láthair ar an tionscadal agus scaipeadh na torthaí a fuarthas go dtí seo ag comhdháil idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Rinneadh ceangail le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mar shampla an *Centre for Excellence in Enquiry-Based Learning* ag Ollscoil Mhanchain.

**Tionscadal chun Rannpháirtíocht a Leathnú**
Is é an tionscadal seo an chéad mheasúnú cainníochtúil den tionscnaimh New ERA Access. Is é an phríomhaidhm atá ag New ERA ná rannpháirtíocht na mac léinn as grúpaí socheacnamaíocha níos ísle a chur chun cinn agus a thacú, nó bíonn siad de ghnáth faoi ghannionadaíocht in ardoideachas. Bhí an ERA ag déanamh obair shármhaith thábhachtach, ach rinneadh measúnú ar éifeachtacht an chláir trí thuairimí sóisialta in áit na fianaise cainníochtúla. Má tá an clár New ERA chun forbairt a dhéanamh agus a chumas a uasmhéadú, tá measúnú an chláir ina riachtanas tráthúil. Measúnú shiarghabhálach den chlár new ERA le seacht mbliana anuas a bheidh sa chéad chéim den tionscadal. Déanfar measúnú ar éifeachtacht an chláir New ERA i dtrí réimse: rochtain níos fearr ó scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste, rátaí coinneála, agus feidhmiú i scrúdaithe go forleathan. Beidh pleanáil agus cur i ngníomh seirbhísí nua/modhnaithe i gceist leis an dara céim, agus déanfar iad a sheachadadh go fothacar de scoileanna New ERA agus MAP. Déanfar modhanna diana eolaíocht shóisialta a úsáid chun a n-éifeachtacht a mheasúnú.

Cuireadh maoiniú ar fáil chomh maith chun staidéar féidearthachta a dhéanamh ar úsáid an churaclaim modúlaithe chun foghlaim pháirtaimseartha a éascú laistigh de fhrámaíocht níos leithne d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá obair ar an tionscadal seo ar siúl.

**Dámhachtainí Teagaisc an Uachtaráin**

Bronntar Dámhachtain Teagaisc an Uachtaráin chun aitheantas a thabhairt don bharr feabhais sa teagasc. Tá dámhachtain déanta suas de shaoire shabóideach le pá de aon seimeastair chomh maith le €12,000 atá le caitheamh ar ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla le linn na tréimhse sin. Tá liúntas breise ar fáil de suas le €4,000 chun aon torthaí a thagann as na gníomohaíochtaí seo a scaipeadh.

Bhí triúr ann a fuair Dámhachtain Teagaisc an Uachtaráin le linn na bliana:

An Dr Katherine O'Donnell, Scoil na Córa Sóisialta UCD

An Dr Debra Laefer, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD

An Dr Oonagh Breen, Scoil Dlí UCD

## Ionad Teagaisc agus Foghlama UCD

Cuireann Ionad Teagaisc agus Foghlama UCD barr feabhais agus nuálaíocht i dteagasc chun cinn trí:

- Éascú, cruthú agus soláthar gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla ag leibhéil na hinstitiúide agus ag an leibhéal aonair;
- Cleachtas machnamhach agus dialóg scoláireach a chur chun cinn ar theagasc agus foghlaim in ollscoileanna;
- Taighde i bhfoghlaim in ardoideachas a dhéanamh;
- Eolas ar dhea-chleachtas i dteagasc agus dearadh curaclaim a scaipeadh;
- Comhairle a sholáthar faoi theagasc agus foghlaim, ar féidir cinntí UCD faoi bhainistíocht straitéiseach a bhunú orthu.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Rinne an tIonad óstáil ar an Chollóiciam Idirnáisiúnta tionscnaimh ar Theagasc agus Foghlaim Ollscoile i mí an Mheithimh 2007, bunaithe ar an téama Pobail Chleachtaithe san Aois Dhigiteach.

Chláraigh 24 mac léinn i mí Eanáir 2007 don chlár Dioplóma Iarchéime sa Teagasc agus san Fhoghlaim Ollscoile. Tionóladh 13 sheisiún ar phríomhchlár ceardlainne an Ionaid agus bhí ceardlanna breise bunaithe ar thionscadail agus ceardlanna sain-Scoile ann chomh maith.

Tá obair ar siúl faoi láthair ar an Stór Náisiúnta Foghlama Digiteach – seirbhís ar líne a ligeann d'úsáideoirí acmhainní teagaisc agus foghlama a chuardach agus cur leo. Is páirt é tionscadal an Stóir de thionscnaimh straitéiseacha an Údaráis um Ard-Oideachas tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú i ríomhfhoghlaim laistigh d'earnáil an ardoideachais.

Cuireann an tIonad meicníochtaí ar fáil le haghaidh breathnadóireacht phiara agus féinmheasúnú de theagasc i UCD trínar féidir le léachtóirí breathnadóireacht a fháil déanta ar a dteagasc ar dhóigh ar féidir leo é a rialú i ngach páirt den phróiseas.

### Deontais Teagaisc an Uachtaráin

Tá Deontais Teagaisc an Uachtaráin iomaíoch agus bronntar iad chun tionscadail a mhaoiniú do fheabhsúchán teagaisc agus foghlama i UCD. Is féidir leo bheith suas le €8,000 chun an tionscadal a mhaoiniú, chomh maith le €4,000 eile chun torthaí a scaipeadh.

Bronnadh ocht ndeontas le linn na bliana:

An Dr Gavin Barrett, Scoil Dlí UCD

An Dr Joe Brady et al, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD

An Dr Fionnuala Dillane, Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD

An Dr Juliet Hewish agus Katie Long, Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD

An Dr Peter Holloway, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD

Mary Catherine Lucey, Scoil Dlí UCD

An Dr Patrick Orr, Scoil na hEolaíochtaí Geolaíochta UCD

# Cáilíocht

Ag feidhmiú i dtimpeallacht iomaíoch dhomhanda, aithníonn an ollscoil go gcaithfidh sé cáilíocht a chláir oideachais agus a bhonneagar tacaíochta a fheabhsú go leanúnach. Bhí UCD ina cheannródaí i bhforbairt an dearbhaithe cáilíochta/feabhas cáilíochta, ag bunú an chéad aonaid fhoirmiúil um dhearbhú cáilíochta in earnáil ollscoile na hÉireann.

Cuireann cur i ngníomh na hollscoile dá nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta/feabhas cáilíochta ar a chumas a léiriú mar a chomhlíonann sé a fhreagrachtaí i dtaobh cháilíocht agus chaighdeán a dhámhachtainí a chinntiú, mar atá riachtanach de réir Acht na nOllscoileanna 1997. Leanfaidh UCD ar aghaidh ag tógáil air seo chun a mheicníochtaí cáilíochta a fhorbairt agus chun cultúr feabhais cáilíochta a chruthú ar fud a ghníomhaíocht tacaíochta oideachais agus na ngníomhaíochtaí bainteacha.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Sa bhliain acadúil 2006/07 chuir an ollscoil tús le hathbhreithniú a fhrámaíocht cáilíochta agus tá forbairt sceideal athbhreithiúcháin leasaithe do Choláistí, Scoileanna agus aonaid tacaíochta ar siúl.

I mí Aibreáin 2007, ceapadh Roy Ferguson mar an Stiúrthóir Cáilíochta nua, chun clár cáilíochta uasghrádaithe a thabhairt chun cinn.

Mar pháirt den phróisis athbhreithnithe seo, chur an ollscoil tús le roinnt tionscadal atá bainteach le cáilíochta, ina measc:

- clár de cheangail ollscoile le forais ghairmiúla agus reachtúla agus comhlachtaí seachtracha eile a bhunú;
- forbairt ar fhrámaíocht institiúideach do chláir chomhoibríocha, polasaithe agus nósanna imeachta gaolmhara do cheadú shocruithe comhoibríocha san áireamh;
- athbhreithniú ar na meicníochtaí um dhearbhú cáilíochta/feabhas cáilíochta le haghaidh cheadú agus athbhreithniú na gclár múinte.

## Spriocanna Amach Anseo

Tá UCD ag forbairt pleananna uaillmhianacha chun a chórais cáilíochta a fheabhsú níos mó:

- Frámaíocht imeasctha a bhunú don fheabhas cháilíochta chun an raon de phróisis um dhearbhú cáilíochta/fheabhas cháilíochta ar fud na hollscoile a chórasú;
- Na próisis um dhearbhú cáilíochta/feabhas cáilíochta agus na torthaí uathu a úsáid, in éineacht le hinniúlacht taighde institiúide níos mó, chun pleanáil agus gníomhaireachtaí straitéiseacha a thacú;
- Staidéar a dhéanamh ar cén chaoi a n-éireodh na mic léinn níos feasaí ar na próisis um dhearbhú cáilíochta/feabhas cáilíochta agus tuilleadh a chur leis seo: go háirithe, meicníocht a thabhairt isteach ar fud na hollscoile chun rannpháirtíocht na mac léinn a thomhas.
- Roghanna do shinéirgí idir phróisis an chreidiúnaithe ghairmiúil agus an próiseas inmheánach um dhearbhú cáilíochta/feabhas cháilíochta a fhiosrú.



4


# I dTreo Ollscoil Diantaighde

Tá UCD tiomanta de a bheith ar ina ollscoil diantiaghde a chothaíonn an nuálaíocht agus fionnachtain chruthaitheach laistigh dá phobal de thaighdeoirí den scoth.

Chomh maith le bheith ina cheannasaí in oideachas iarchéime, go náisiúnta agus san Eoraip, cuireann barr feabhais agus sainiúlacht taighde i UCD le spriocanna sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha shochaí an eolais.

Tá UCD ag leanúint ar aghaidh ag tógáil ar a chlú mar rogha áit do thallann taighde ar thús cadhnaíochta, ag soláthar timpeallachta ina féidir le ceannasaithe taighde barr a gcumais a bhaint amach. Tá comhpháirtíochtaí agus comhoibriú á chur ar bun ag UCD le heagraíochtaí acadúla, pobail, gnó agus gairmiúla, ag feabhsú muiníne i UCD mar áit le haghaidh infheistithe ardcháilíochta agus ag déanamh ceannasaí náisiúnta de i maoiniú taighde.

*Ba í Maria Cederlund, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, An Buaiteoir foriomlán den chomórtas* Images of Research *as a pictiúr* Gene Expression in Zebrafish Embryos. *Taispeánann an ruaim chorcraghorm an áit ina bhfuil an ghéin mab21l2 i suth 28 uair d'aois suth an shéabra-iasc*



Maoiniú Taighde

Scéimeanna Inmheánacha a thugann Tacaíocht do Thaighde
Scéim Straitéise agus Mhór-Thionscnaimh
Scéim Maoinithe Síol
Scéim Chomhaltacht Taighde an Uachtaráin

Dámhachtainí Taighde

PRTLI
Dámhachtainí Uachtarán na hÉireann do Thaighdeoirí Óga
Dámhachtain Fhiontraíocht Éireann
Boinn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann
Gradaim Taighde Fuinnimh Charles Parsons agus Griffith Geoscience
Acadamh Ríoga na hÉireann

Gnóthachtáil Straitéiseach

Gnóthachtáil Taighde

Ceathrú Leibhéal

Institiúidí Taighde UCD

Institiúid Mhic Con Mí don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD
Ionad um Shintéis agus Ceimbhitheolaíocht UCD
Ionad Míochaine Móilíní Bhaile Átha Cliath UCD
Institiúid Uí Ghadhra UCD
Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD
Institiúid Uirbeach Éireann UCD
Institiúid Michíl Uí Chléirigh UCD
Institiúid Clinton an Léinn Mheiriceánaigh UCD
Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD
Institiúid Dhomhanda Éireann UCD
Ionad um Léann Síneach UCD/ Institiúid Confucius na hÉireann UCD

NovaUCD

## Foilseacháin Taighde

Tá sonraí faoi na foilseacháin taighde go léir do thréimhse na Tuarascála seo le fáil ar líne ag

www.ucd.ie/research/publications

## Maoiniú Taighde

Bhí an-rath ar UCD i méadú luach iomlán na dteagmhálacha taighde a fuair faoi 16% ar 2005/06. Chomh maith leis an ngnáthghníomhaíocht deontais, ar a bhfuil cur síos sa dá thábla seo a leanas, bhí UCD an-rathúil chomh maith ag aimsiú maoiniú iomaíoch náisiúnta, go háirithe tríd an gClár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI), maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas, agus léirigh sé rath gan fasach i dtús a chur le roinnt tionscnamh spreagúil, a bhfuil cur síos orthu níos moille sa rannán seo.

**TÁBLA 1 – D AMHACHTAINÍ TAIGHDE**

| Bliain | Luach iomlán na gConarthaí a Síníodh, Ranníocaíochtaí d'Fhorchostais san Áireamh (€ milliúin) | Ranníocaíochtaí Iomlán d'Fhorchostais (€ milliúin) | Líon Iomlán na dTeaghmhálacha a Bronnadh | Líon na dTograí a Cuireadh Isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2003/2004 | 49.8 | 5.6 | 405 | 685 |
| 2004/2005 | 62.5 | 8.1 | 495 | 1,074 |
| 2005/2006 | 82.9 | 11.8 | 664 | 1,245 |
| 2006/2007 | 96.3 | 14.8 | 556 | 1,234 |

**TÁBLA 2 – FOINSÍ MAOINITHE**

| Foinsí Maoinithe | Líon na gConartha | Luach (€ milliúin) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI | 86 | 23.2 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 32 | 9.1 |
| Coimisiún na hEorpa | 31 | 4.7 |
| An Bord Taighde Sláinte (HRB) | 77 | 12.0 |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | 31 | 4.7 |
| Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET) | 63 | 3.9 |
| An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) | 20 | 1.5 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil (GCC) | 7 | 1.0 |
| Gnó | 28 | 8.6 |
| Eile | 181 | 27.6 |
| **Iomlán** | **556** | **96.3** |



*Foirgneamh Taighde UCD*

## Scéim Inmheánach UCD a Thugann Tacaíocht do Thaighde

**Scéim Straitéiseach agus Mhór-Thionscnaimh**

Is aidhm amháin de chuid UCD é taighde idirdhisciplíneach a spreagadh chomh maith le cláir thraschampais a chuirfidh UCD san iomaíocht do dheiseanna maoinithe móra. Agus é ina dhara bliain, tá Scéim Taighde Straitéiseach agus Mhór-Thionscnaimh UCD ag leanúint ar aghaidh ag spreagadh tograí straitéiseacha ar scála mór atá dealraitheach chun maoiniú de níos mó ná €10 milliúin a mhealladh. Cuireadh an scéim ar bun chun tacú le roinnt staidéir féidearthachta (le maoiniú suas le €50,000) ar féidir a fhorbairt ina dtograí móra maoinithe. Tá an maoiniú le haghaidh cláir idirdhisciplíneacha, comhoibriú le hinstitiúidí seachtracha san áireamh.

**Scéim Maoinithe Síol**

Tá an Scéim Maoinithe Síol anois ina thríú bliain, agus cuireann sé deiseanna solúbtha do mhaoiniú inmheánach ar fáil do thaighdeoirí. Is é an aidhm atá ag an Scéim ná maoiniú síl a sholáthar do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairm, le béim faoi leith ar thionscadail a bhfuil de chumas iotu dul san iomaíocht go rathúil do thacaíocht sheachtrach ina dhiaidh sin. Tugadh isteach an dara gairm don Chlár Scaipeadh agus Aischur, freastal ar chomhdhálacha go háirithe, i mí an Mheithimh 2007 mar aitheantas ar an tairbhe mhór a bhaineann taighdeoirí agus an ollscoil as rannpháirtíocht i gcomhdhálacha. Méadaíodh maoiniú atá ar fáil faoin Scéim go €1.25 milliúin i mbliana. Chuir níos mó ná 600 taighdeoir iarratais isteach ar an Scéim Maoinithe Síol sa bhliain 2007 agus bronnadh maoiniú ar 43 faoin gcéad de na taighdeoirí seo. Féach Tábla 3.

**TÁBLA 3 –SCÉIM MAOINITHE SÍOL**

**Babhta 2 2006**

| Clár | Líon na nDámhachtain | Méid a Bronnadh € |
|---|---|---|
| Scaipeadh agus Aischur | 48 | 109,771 |
| Fiontair agus Tráchtálú | 7 | 35,000 |
| **IOMLÁN** | **55** | **144,771** |

**Babhta 1 2007**

| Clár | Líon na nDámhachtain | Méid a Bronnadh € |
|---|---|---|
| Comhoibriú Inmheánach agus Seachtrach | 39 | 325,082 |
| Scanadh na Léaslíne | 29 | 295,949 |
| Scaipeadh agus Aischur | 104 | 156,647 |
| Dámhachtainí Bheaga Trealaimh | 24 | 251,895 |
| **IOMLÁN** | **198** | **1,049,573** |

**Babhta 1 (Dara Gairm) 2007**

| Clár | Líon na nDámhachtain | Méid a Bronnadh € |
|---|---|---|
| Scaipeadh agus Aischur / Rannpháirtíocht Comhdhála Amháin | 63 | 75,393 |
| **IOMLÁN** | **63** | **75,393** |

**Scéim Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin**

Tairgeann Scéim Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin deis do thaighdeoirí UCD iarratas a chur isteach ar chomhaltacht inmheánach chun a bpróifíl taighde i UCD a fheabhsú. Is é aidhm na gcomhaltachtaí ná tacaíocht a thabhairt don lucht léinn a rachadh le forbairt ghairmiúil mar thaighdeoirí chun tairbhe a bhaint as tréimhse de thaighde dírithe. I 2006/07, fuarthas 31 iarratas do Scéim Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin agus bronnadh ocht dámhachtain. Féach Tábla 4.



*Pictiúr ar bronnadh duais ar sa chomórtas* Images of Research *dar teideal* Microwave plasma standing wave *le* Greg Byrne *i gcomhar le* Denis Dowling

**TÁBLA 4 – DÁMHACHTAINÍ ÓN SCÉIM COMHALTACHTAÍ TAIGHDE AN UACHTARÁIN**

| Ainm | Scoil |
|---|---|
| An tOllamh Mark O'Malley | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD |
| An tOllamh Gerry O'Sullivan | Scoil na Fisice UCD |
| An tOllamh Adrian Ottewill | Scoil na hEolaíochtaí Matamaitice UCD |
| An Dr Gavin Barrett | Scoil Dlí UCD |
| An tOllamh Alan Carr | Scoil na Síceolaíochta UCD |
| An Dr Nuala Brady | Scoil na Síceolaíochta UCD |
| An Dr John Brannigan | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD |
| An Dr Graeme Warren | Scoil na Seandálaíochta UCD |

## Dámhachtainí Taighde

Bronnadh €30 milliúin ar UCD faoin gclár do thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, Timthriall 4, a mhaoinigh an tÚdarás um Ard-Oideachas, do thionscnaimh bhunathraithe i dtaighde eolaíochta agus na daonnachtaí. Tá seo déanta suas de €17.5 milliúin de mhaoiniú bonneagair chaipitil d'fhorbairt Ionad Eolaíochta UCD agus €12.5 milliúin de mhaoiniú athfhillteach do thionscadail sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí.

Laistigh de na daonnachtaí, beidh Institiúid na nÉireannach Domhanda ag díriú ar léann na hÉireann agus a dhiaspóra. Gheobhaidh Cartlann Sonraí na hEolaíochta Sóisialta maoiniú chomh maith chun bonneagar náisiúnta a chur ar aghaidh i mbailiúchán agus i mbainistíocht sonraí eolaíochta sóisialta.

Laistigh de na heolaíochtaí tá ceithre chlár chomhoibríocha chun maoiniú athfhillteach a fháil:

- Tógann Clár na hEolaíochta Bithchógaisíochta agus Cógaseolaíochta ar an Institiúid Náisiúnta do Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála dar luach €72 milliúin, atá á mhaoiniú ag an UFT Éireann i bPáirc Nuálaíochta Belfield UCD;
- Tugann Food Ireland tacaíocht do cheann de na tionscail is mó in Éirinn, talamhghnó, trí fhorbairt ar chlár taighde comhoibríoch náisiúnta bia agus sláinte;
- Tá an Clár Náisiúnta Naineolaíochta ceaptha sa dóigh is go mbeidh tionchar aige ar nainteicneolaíochtaí ata ag teacht amach a aithnítear mar phríomhghineadóirí saibhris na todhchaí;
- Éascóidh Eolaíocht Bithleighis comhdhlúthú agus comhordú gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna sna heolaíochtaí bithleighis, ag seachadadh tairseach faisnéise comhtháite agus ardán atá infhaighte go náisiúnta do leigheas móilíneach/aistritheach agus na heolaíochtaí bithleighis.

### Dámhachtainí Uachtarán na hÉireann SFI do Thaighdeoirí Óga 2006

Mar aitheantas ar a gcumas eisceachtúil do cheannasaíocht ag imeallchrios eolais agus taighde, bronnadh Dámhachtainí Uachtarán na hÉireann SFI do Thaighdeoirí Óga ar bheirt thaighdeoirí de chuid UCD. Tugann na dámhachtainí seo, na dámhachtainí is airde gradam ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, dar luach €1 mhilliúin an ceann thar chúig bliana, aitheantas d'innealtóirí agus d'eolaithe cumasacha ag am an-luachmhar ina ngairmeacha. Bhí beirt thaighdeoirí de chuid UCD, an Dr Emma Teeling agus an Dr Oliver Blacque, i measc cúigear faighteoirí a fuair níos mó ná €4 mhilliúin faoin scéim. Is é UCD an t-aon institiúid Éireannach a fuair níos mó ná dámhachtain amháin dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

Déanann taighde Dr Teeling a bhuaigh an duais PIYRA scrúdú ar éabhlóid mhóilíneach aireachtáil chéadfaigh i mamaigh ag úsáid na gcéadfaí cloisteála agus amharc ialtóige mar eiseamláir. Is é an aidhm atá lena taighde ná na comhathruithe gineacha a shainaithint is dócha is cúis le bodhaire agus daille i ndaoine.

Tá dámhachtain PIYRA an Dr Blacque ag dul i dtreo iniúchadh ar bhitheolaíocht fabhráin; is é is fabhráin phríomhacha ann ná struchtúir ghearra cosúil le gruaig atá ar dhromchla cealla agus ag a bhfuil róil chéadfaigh thábhachtacha sa chorp. Mar thoradh ar locht i bhfabhráin príomhacha is féidir duáin chisteacha, diostróife reitineach agus mínormalachtaí cnáimhe a fháil. Ag úsáid péisteanna micreascópacha, déanfaidh an Dr. Blaque scrúdú ar an bhunús gineach fheidhmiú, rialúchán agus fhorbairt fabhráin.



*Buaiteoirí ghradaim an Chomórtais SFI President of Ireland Young Researcher Award - an Dr Emma Teeling agus an Dr Oliver Blacque leis an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa*

### Dámhachtainí Fhiontraíocht Éireann

Bronnadh Dámhachtain Tráchtálú Faisnéise Fiontraíocht Éireann 2006 ar an Ollamh Barry Smyth, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD de bharr a cheannasaíochta i dtráchtálú thaighde ollscoile. Bronntar an dámhachtain bhliantúil ar thaighdeoir, ar ghrúpa taighdeoirí nó ar institiúid a léiríonn tiomantas, nuálaíocht agus rath maidir le tráchtálú taighde ollscoile. Agus é ag bronnadh na dámhachtana ar an Ollamh Smyth, dúirt Fergal Ó Móráin, Stiúrthóir Thráchtálú an taighde Fheidhmigh i bhfiontraíocht Éireann, gur bhain an tOllamh Smyth amach cothromaíocht chomhchuí idir rath acadúil agus tráchtála, agus gur éirigh leis taifead láidir de bharr feabhais sa taighde a chothabháil agus é ag tráchtálú a chuid oibre tríd an gcuideachta ChangingWorlds.

## Boinn Óir agus Ballraíocht Acadamh Ríoga na hÉireann

Bronnadh Boinn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) ar an Ollamh James Dooge agus ar an Ollamh Peter Neary i réimsí na heolaíochta innealtóireachta agus sóisialta faoi seach. Meastar go forleathan gur duine de bhunaitheoirí hidreolaíocht nua-aimseartha é James Dooge, a bhí ina Aire Gnóthaí Eachtracha tráth agus atá ina ollamh emeritus le hInnealtóireacht Shibhialta ag UCD.



*An tOllamh Peter Neary (ar chlé) agus an tOllamh Jim Dooge (ar dheis) ag taispeáint a ngradam a bhronn Acadamh Ríoga na hÉireann orthu*

Níl aon amhras ná gur duine de na heacnamaithe acadúla is oirirce in Éirinn é an tOllamh Peter Neary, a bhí ina Ollamh le hEacnamíocht Pholaitiúil ag UCD ó 1980 go 2006. Is é an príomhréimse taighde atá aige ná teoiric thrádáil idirnáisiúnta, ina n-oibríonn sé ar pholasaí trádála agus tionsclaíochta, domhandú agus iomaíocht.

Mar aitheantas ar a ngnóthachtáil acadúil eisceachtúil, bronnadh ballraíocht an RIA ar thriúr scoláirí de chuid UCD i mí Bealtaine 2007. Is é seo an onóir is mó is féidir le scoláirí agus eolaithe ag obair in Éirinn a fháil. Bronnadh na dámhachtainí ar:

- An tOllamh Comhlach Jennifer Todd, Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí idirnáisiúnta UCD agus Comhalta Sinsearach Taighde an IRCHSS;
- An tOllamh Desmond Higgins, Ollamh le Bithfhaisnéisíocht, Institiúid Mhic Con Mí UCD, an eolaí ríomhaireachta is luaite ar an domhan;
- An tOllamh Ciaran Regan, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, Ollamh le Néarchógaseolaíocht agus Comhordaitheoir an Ghrúpa Taighde Néarthreapeolaíochta Feidhmí.

Le linn na bliana toghadh an tOllamh Paul Engel mar Leas-Uachtarán ar an Acadamh agus Cathaoirleach ar choiste na nEolaíochtaí Beatha.

## Gradaim Taighde Fuinnimh Charles Parsons agus Griffith Geoscience

San áireamh i gcur i ngníomh Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 an rialtais bhí tionscnaimh nua fuinnimh: Dámhachtainí Taighde Fuinnimh Charles Parsons agus Dámhachtainí Taighde Griffith Geoscience.

Ba UCD an t-aon institiúid a bhuaigh dhá cheann de na seacht nDámhachtain Taighde Fuinnimh Charles parsons, dar luach €5.38 milliúin. Roghnaigh painéal piarmheasúnaithe idirnáisiúnta na hiarratais a bhuaigh, as 22 togra as 11 institiúid tríú leibhéal. Ba ceann amháin de na buaiteoirí é Ionad Taighde Leictreachais UCD, faoi stiúir an Ollaimh Mark O'Malley. Is comhoibriú é idir an Grúpa Taighde ar Chórais Chumhachta ag UCD agus an tionscal leictreachais in Éirinn, agus tá a thaighde dírithe ar thrí phríomhréimse: margaí leictreachais nua agus iad sin atá ag teacht amach, imeascadh cumhacht gaoithe i ngreillí leictreachais, agus oibríochtaí córais chumhachta. Ba é Ionad Taighde Bithacmhainní UCD, faoi stiúir an Ollaimh Shane Ward, é an dara buaiteoir. Cuirfidh an dámhachtain seo dar luach €3 mhilliúin go mór le obair an Ionaid ar bhithbhreosla leachtach agus taighde ar bhithmhais-go-fuinneamh.

Bhuaigh UCD dhá cheann de na hocht nDámhachtain Taighde Griffith Geoscience chomh maith, a bronnadh ar an Ollamh Patrick Shannon as Grúpa Taighde Geo-eolaíocht Mara agus Peitriliam, agus an tOllamh Christopher Bean as an nGrúpa Geoifisice. Tháinig na dámhachtainí seo go níos mó ná €2 mhilliún.

Bhunaigh an grúpa taighde Geo-eolaíochta Mara agus Peitriliam sárghrúpa eolaithe chun díriú ar thuiscint ar phróisis ghrinneall na farraige maidir le fána agus domhainmhara de agus, i soláthar frámaíocht gheolaíoch d'fhorbairt imchuach, fionnachtain pheitriliam agus anailís taisce amach ó chósta na hÉireann. Tugtar aitheantas go hidirnáisiúnta don ghrúpa taighde Geoifisice ag UCD de bharr a gcuid oibre ag cur leis an tuiscint ar a leithéid de fheiniméin choimpléascacha agus creathanna talún agus aeráid.

# Gnóthachtáil Straitéiseach

## Taighde maidir le Dul in Aois


Tá UCD ina cheannasaí ar an Ionad Taighde Teicneolaíoch do Maireachtáil Neamhspleách (TTMN), infheistiú de $30 milliúin / €20 milliúin a seoladh i mí Eanáir 2007 agus lena raibh comhoibriú i gceist le Coláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Grúpa Sláinte Digiteach na hEorpa nua ag Intel. Cruthóidh an tIonad TTMN ceann de na hiarrachtaí taighde is mó in iarmhairt aosúcháin ar fud an domhain. Rachaidh a thionscadail taighde i ngleic leis na hiarmhairtí fisiceacha, cognaíocha agus sóisialta a bhaineann le dul in aois, bunaithe ar thaighde eitneagrafach agus innealtóireacht bhithleighis. Tá timpeallacht taighde ghníomhach, ardchaighdeáin ag UCD i réimse an chúraim shláinte: tógann an tIonad TTMN air seo agus déanann sé ionad barr feabhais de UCD ó thaobh na hinnealtóireachta bhithleighis, agus an cineál seo taighde de, san Eoraip.

Is é an tOllamh Richard Reilly as Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla Stiúrthóir an Ionaid TTMN agus Príomhthaighdeoir de ghníomhaíochtaí Innealtóireachta Bhithleighis an Ionaid TTMN.

Tá foireann mhór d'innealtóirí bhithleighis anseo atá dírithe ar fáil, ar bhailiúchán agus ar mhíniú marcálaithe iompraíochta an aosúcháin. Ní ar thaighde saotharlainne amháin atá an bhéim, ach ar sheachadadh agus bailmheas réitigh theicniúla laistigh de thimpeallacht an bhaile chomh maith. Díríonn an Ionad TTMN ar innealtóireacht néarach agus próiseáil comhartha ilmhódach, chomh maith leis an ardán teicneolaíochta a thugann tacaíocht don chlár ar fud an chuibhreannais.

## Saotharlann na gCóras Coimpléascach agus Oiriúnaitheach

Bunaíodh Saotharlann na gCóras Coimpléascach agus Oiriúnaitheach (SCCO) i mí na Samhna 2006 agus, faoi stiúir an Dr Scott Rickard, bailíonn sé le chéile níos mó ná 30 príomhthaighdeoir agus 175 mac léinn iarchéime agus taighdeoir iardhochtúireachta as Scoileanna Gnó, Ríomheolaíochta agus Faisnéisíochta, Innealtóireacht Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla, Eolaíochtaí Geolaíochta agus Eolaíochtaí matamaitice UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD in áis thiomnaithe de 2,600m² thar cúig urlár.



*Pictiúr ar bronnadh duais ar sa chomórtas* Images of Research. *An teideal atá ar an bpictiúr seo, arna chruthú ag Brian O'Mullane ná* Gesture Recognition. *An aidhm atá leis an tionscadal TRIL ná teicneolaíocht chuiditheacha chruthú do dhaoine scothaosta. Seo sraith pictiúr a tógadh le linn próisis ar leith a bhain le geáitsí fisiciúla a aithint agus tá an teicneolaíocht á forbairt ag an bhfoireann taighde.*



*Cormac Nolan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, a bhain an tríú háit sa chomórtas* Images of Research *dá phictiúr dar teideal* Sleeping with the Anemone. *Seo séacla breactha ón Mhuir Chairib a úsáideann a dhathanna spleodracha agus a adhaircíní bána chun cliaint a mhealladh chuig an mbundán leice. Aimsíodh na ceann seo in uisce éadomhain tar éis d'fhoireann tumadh in Turneffe Atoll, an Bheilís*

Tá SCCO déanta suas de 25 príomhthaighdeoir SFI i réimsí Ríomhbhitheolaíochta, Ríomheolaíocht, Eolaíocht Dhlúthshonraí, Córais Bhraite, Matamaiticí Fasinéise agus Cumarsáide agus Airgeadas Matamaitice chun cláir taighde nuálaíocha agus iarchéime a chruthú a tharchéimníonn teorainneacha disciplíneacha.

## An Leigheas Aistritheach

Bunaíodh comhpháirtíocht chomhoibríoch cúig bliana idir Institiúid Mhic Con Mí UCD agus Servier Laboratories, comhlacht cógaisíochta ceannasaíoch Francach, i mí Feabhra 2007 le deontas de €3.3 milliún. Ar dtús, díríonn Ionad Servier um Leigheas Aistritheach UCD, comhoibriú Francach-Éireannach ag tabhairt eolaíocht bhithleighis go dtí an pobal, ar fhorbairt a dhéanamh ar chógais nua chun brú fola ard agus galar croí a chóireáil. Amach anseo, rachaidh clár taighde an Ionaid I ngleic le riachtanais neamh-chomhlíonta i réimsí mar chliseadh croí agus galar Alzheimer.

## Ionad Taighde Digiteach Náisiúnta

Is clár €25 milliúin é an Ionad Taighde Digiteach Náisiúnta (ITDN) a d'fhorbair cuibhreannas institiúidí tríú leibhéal, ina measc UCD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus an Coláiste Náisiúnta um Ealaín agus Dearadh sa bhliain 2006, le cúnamh ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Is é misean an ITDN ná luach a chruthú trí thaighde nuálaíoch a aistriú go poitéinseal tráchtála.

## Tionscadal Géanóm Uathachais

Tá ról an-mhór ag taighdeoirí UCD I dtionscadal ceannasach domhanda a bhfuil mar aidhm aige na géanóim a aimsiú a chuireann leis an riosca go bhforbrófaí uathachas. Gheobhaidh an cuibhreannas idirnáisiúnta ar a dtugtar an Tionscadal Géanóm Uathachais (TGU) infheistiú de €12 mhilliúin ó eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla thar na trí bliana amach romhainn. Beidh páirt le glacadh ag taighdeoirí UCD, an tOllamh Andrew Green agus an Dr Sean Ennis as Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis, agus taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide sa tionscadal, a bhfuil sé mar aidhm aige ceangal a aimsiú idir eolas cliniciúil agus géiniteach in othair agus trí seo, tuiscint níos fearr a fháil ar na fachtóirí a chuireann le huathachas. Beidh seo ríthábhachtach d'fhorbairt dhiagnóisic, cóir leighis dírithe agus idirghabháil.

# Gnóthachtáil Taighde

## Institiúid Faisnéisíochta Bithleighis

Is comhpháirtíocht é an Institiúid Faisnéisíochta Bithleighis (IFB) ar a bhfuil UCD i gceannas, le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ag obair le Hewlett-Packard. Bunaíodh an institiúid taighde uile-Éireann nua seo sa bhliain 2007 chun na huirlisí bogearra a fhorbairt atá de dhíth chun an ceangal idir géin agus galair mar ailse, galair chardashoithíoch agus diaibéiteas a fhiosrú.

Is é sprioc an IFB ná taighde a dhéanamh agus caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt i réimse na fhaisnéisíochta bithleighis. Forbróidh an institiúid cláir oideachais ar fhaisnéisíocht bhithleighis chomh maith do na hearnálacha tráchtála agus poiblí agus cuideoidh said foireann de sheirbhísí tráchtála a chruthú don tionscal sláinte. Ansin beidh béim láidir ar thaighde córais agus soláthar seirbhíse trí ríomhaireacht ar scála mór, chomh maith le bainistíocht agus mianadóireacht sonraí agus amharcléiriú sonraí.

## Comhdháil agus Taispeántas Blaschka

Rinne UCD agus Músaem Stair an Dúlra óstáil ar an gcéad chomhdháil idirnáisiúnta ag díriú ar Leopold agus Rudolf Blaschka, ealaíontóirí gloine – mac agus athair. In éineacht leis an gcomhdháil bhí taispeántas poiblí de roinnt de chuspaí Bhlaschka nach raibh ar taispeáint riamh roimhe sin. Tá clú ar dhealbhóireachtaí gloine Blaschka as a dtábhacht stairiúil, theicniúil agus ealaíne agus ina measc tá cuspaí d'ainmhithe mara agus orgánaigh mhicreascópacha fhormhéadaithe atá mionsonraithe go hanatamaíoch agus beacht go heolaíoch. Seoladh Bitheolaíocht ar bhonn Bailiúcháin i mBaile Átha Cliath (CoBiD), an comhpháirtíocht UCD a d'eagraigh an chomhdháil, sa bhliain 2003 chun teagasc agus taighde a chur chun cinn in eiseamail bitheolaíochta caomhnaithe a choinnítear i mbailiúcháin mhúsaeim. Is é CoBiD an t-aon clár teagaisc ar bhonn bailiúcháin sa domhan. Reáchtálann Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil agus Ard-Mhúsaem na hÉireann (Stair an Dúlra) é.

## Ceapann Foras Croí na hÉireann Ollamh de chuid UCD mar Uachtarán


Ceapadh an tOllamh Eoin O'Brien, Ollamh Cúnta Cógaseolaíocht Mhóilíneach ag Institiúid Mhic Con Mí UCD, mar Uachtarán ar Fhoras Croí na hÉireann. Ba bhunaitheoir agus stiúrthóir an Aonaid Brú Fola é an tOllamh O'Brien, atá ina chairdeolaí agus ceannasaí domhanda I hipirtheannas agus tá níos mó ná 600 páipéar eolaíochta foilsithe aige faoi thaighde hipirtheannais. Is údar Blood Pressure Measurement agus ABC of Hypertension é agus suíonn sé ar bhoird eagarthóireachta de roinnt irisí eolaíocha a dhíríonn ar hipirtheannas; is Cathaoirleach an Choiste um Mheasúnú Bhrú Fola i Suímh Easpa Acmhainní é ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

## Comórtas Íomhánna Taighde

B'ócáid uathúil in Éirinn é an comórtas agus taispeántas Íomhánna Taighde ina raibh níos mó ná 250 íomhá a chruthaigh taighdeoirí in UCD, ag taispeáint doimhne agus ilchineálachas an taighde atá ar siúl san ollscoil. Bhain na híomhánna a tugadh isteach don chomórtas agus atá le feiceáil sa taispeántas le disciplíní acadúla agus taighde UCD go léir, na hEalaíona, na hEolaíochtaí Beatha, na hEolaíochtaí Sóisialta, na Daonnachtaí, Innealtóireacht agus Eolaíochtaí Fisiciúla. Reáchtáiltear an comórtas agus an taispeántas go bliantúil anois i UCD.



*Samhail ghloine Blaschka d'ochtapas (©Ard-Mhúsaem na hÉireann*



*Ar ghearrliosta an chomórtas* Images of Research *bhí an pictiúr a chruthaigh an Dr Alfonso Blanco, Institiúid Mhic Con Mí UCD, dar teideal* Different World II – Islands. *Léiríonn an pictiúr spór raithní faoin micreascóp leictreonach*

## Comhoibriú Réaltfhisice Plasma le hOllscoil Oxford

Athbhunaíodh mór-thionscadal comhoibríoch taighde idir Coláiste Naomh John, Oxford, agus Scoil na hEolaíochtaí Matamaitice UCD a rachaidh i ngleic le buncheisteanna réaltfhisiceacha. Oibreoidh taighdeoirí UCD, faoi stiúir an Dr Peter Duffy i mBaile Átha Cliath, le comhpháirtithe taighde in Oxford i dtreo tuisceana faoin ról atá ag suaiteacht mhaignéadaithe in iompar agus luasghéarú cháithníní an-fhuinnimhiúil i gcuasáir agus micreacuasáir. Déanfar na samhlacha teoiriciúla agus ríomhaireachtúla a fhorbraítear i UCD agus in Oxford a chur i gcomparáid leis an eolas a fhaightear ó na réaltléimh. Is gné ar leith den tionscadal seo é a nádúr ildisciplíneach; ag tarraingt ar réimsí na réalteolaíochta bhreathnaithí, fisicí teoiriciúla, eolaíocht ríomhaireachtúil agus forbairt i dteoiric an iompair do phlasma domhanda, comhleáite núicléach.

## Mórthionscnaimh chun cabhrú le bochtaineacht a laghdú i náisiúin atá ag forbairt


Fuair UCD €1.5 milliúin de mhaoiniú i gcéad bhabhta de Chlár Comhoibrithe Straitéiseach Chúnamh Éireann; faigheann an clár spreagadh ó chomhpháirtíochtaí idir institiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus a gcontrapháirtithe i dtíortha ata ag forbairt. Cuirfidh Tionscnaimh an Léinn Forbartha idirnáisiúnta foireann idirdhisciplíneach ar bun de thaighdeoirí ó Institiúid Mhic Con Mí UCD, Institiúid Uí Ghadhra UCD agus Institiúid Uirbeach na hÉireann UCD chun bochtaineacht i dtíortha atá ag forbairt a imscrúdú. Tá an tOllamh Patrick Paul Walsh i gceannas an tionscnaimh UCD seo, agus i measc na bpríomhréimsí taighde tá: Sláinte agus VEID/SEIF; Bochtaineacht agus Míbhuntáiste; Dea-Rialachas; Fás Pró-bhochtaineachta; Oideachas; Comhionannas Inscne; Bia agus Slándáil Slí Beatha; agus Comhshaol.

## Aonad Acmhainne Géanóim Naomh Uinseann UCD

Cuireann oscailt Aonad Acmhainne Géanóim Naomh Uinsinn UCD leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, TD, i mí Aibreáin 2007, ar chumas eolaithe eolas ó dhaonraí d'othair Éireannacha a roinnt agus a chur i gcomparáid le heolas ó dhaonraí d'othair ar fud an domhain. Ba mhórthosaíochtaí do thaighdeoirí cliniciúla ag UCD iad galair díblithe mar chliseadh croí, ailse, airtríteas agus diaibéiteas, agus cuireann an tsaoráid ar chumas eolaithe cliniciúla bheith ag obair le hInstitiúid Mhic Con Mí UCD teicneolaíochtaí atá ag teacht amach a úsáid ar roinnt de na galair domhanda is righne.

## Ionad um Iompraíocht agus Sláinte

Seoladh tionscnamh taighde nua i mí Bealtaine 2007 in Institiúid Uí Ghadhra UCD a dhíríonn ar Shláinte agus Iompraíocht Sláinte. Tá an tIonad nua um Iompraíocht agus Sláinte chun é féin a bhunú mar ionad barr feabhais domhanda a fhoirmeoidh díospóireachtaí polasaí agus a scrúdóidh an dóigh ina ndéanann daoine cinnt ag a mbíonn tionchair ar a saoil. Ba é an tOllamh Colm harmon, Stiúrthóir Institiúid Uí Ghadhra UCD, duine de na príomhcheannasaithe ar an taighde in éineacht leis an Ollamh Patrick Wall as Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra. Agus Éire mar phríomhfhócas aige, tá an taighde úrnua atá idir lámha san Ionad díreach bainteach le sochaí na hÉireann atá ag athrú go sciobtha agus leis an phobal polasaí.



*Sa dara háit sa chomórtas* Images of Research *bhí* Bridge's Soul *le Daniel Cantero Lauer, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD. Léiríonn an pictiúr seo an earráid choibhneasta a bhaineann le UNB (Under vehicle Bending moment) do mhinicíochtaí éagsúla shíntoinn phróifílí bóthar, le freagra le haghaidh 1cm amplitiúide mar thagairt*

## Taighde ar Bhia agus Sláinte

Tá naoi dtionscnaimh taighde ar siúl i UCD i réimse an taighde ar Bhia agus Sláinte. Ceapadh an tOllamh Michael Gibney chun an Institiúid idirdhisciplíneach Bhia agus Sláinte a stiúradh. Fuathas maoiniú de níos mó ná €20 milliún le haghaidh na dtionscadal taighde a leanas: Food Ireland; Clár Taighde Náisiúnta an Bhia Fheidhmigh; Ionad Náisiúnta Taighde ar Bhiaréim agus Sláinte; Clár Taighde Náisiúnta Géanómaíocht Cothaíochta; Faireachas Náisiúnta ar Shábháilteacht Bia agus Cothaíocht; Clár Náisiúnta Forbartha do Chéimithe. I measc na gcomhpháirtithe taighde tá Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Uladh, Ollscoil Luimnigh, Teagasc agus roinnt eile.

## Téann Taighdeoir Ceannródaíoch sa Naineolaíocht isteach in Institiúid Mhic Con Mí UCD

Tháinig an tOllamh Suzi Jarvis agus a grúpa feidhmiúcháin nanscála go dtí Institiúid Mhic Con Mí UCD le déanaí ón Ionad um Thaighde ar Nanstruchtúirí Oiriúnaithe agus Nain-fheistí ag Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Ta bunachar scileanna ag a foireann idirdhisciplíneach, ina measc fisic, innealtóireacht mheicniúil, eolaíocht na n-ábhar, matamaitic, an cheimic, bitheolaíocht agus síceolaíocht. Ag baint úsáide as teicnící mhicreascóp fhórsa adamhach, tá an tOllamh Jarvis agus a ghrúpa ag imscrúdú fheidhmíocht an scála nanaiméadar de mhóilíní orgánacha agus bitheolaíochta. Tá roinnt de chomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an ngrúpa agus is comhbhunaitheoir í an tOllamh Jarvis chomh maith ar Fhóram Idirnáisiúnta ar Nanai-tribhitheolaíocht, a iniúchann eolaíocht an thribhitheolaíochta (eolaíocht agus teicneolaíocht dhromchlaí idirghníomhacha i ngluaisne choibhneasta) ag an nana-scála.

## Bronntar Dámhachtain Intleacht Shaorga Idirnáisiúnta ar Chuideachta Seachthairbhe UCD

Fuair ChangingWorlds, cuideachta seachthairbhe NovaUCD, Dámhachtain Feidhmiú Imscartha ón Association for the Advancement of Artificial Intelligence (AAAI). Bronnadh an dámhachtain, a thugann aitheantas d'fheidhmiúcháin ráthúla praiticiúla agus tráchtála de theicneolaíochtaí Intleachta Shaorga i dtionscal, ag an naoú comhdháil bhliantúil déag AAAI a tharla i mí Iúil 2007. Thug an tOllamh Barry Smyth ó Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, duine de bhunaitheoirí ChangingWorlds, an páipéar a bhuaigh, dar teideal Enabling Intelligent Content Discovery on the Mobile Internet. Cuireann an páipéar síos ar conas a d'imscar oibreoirí fóin póca ar fud an domhain an teicneolaíocht pearsanú tairsí ClixSmart a d'fhorbair ChangingWorlds chun leasa úsáidiú tairsí a sheachadadh as a dtagann úsáid méadaithe tairsí agus fás ioncaim.

# Ceathrú Leibhéal

Leagann Plean Straitéise UCD amach go soiléir an sprioc go mbeidh an ollscoil ar thús cadhnaíochta go náisiúnta agus san Eoraip in oideachas iarchéime. Tá seo tábhachtach d'fhorbairt UCD mar ollscoil dhiantaighde, do bheogacht a phobail acadúil agus do rath na hÉireann mar shochaí eolais.

*Mic Léinn ag cur chun cinn Lá Oscailte Deiseanna do Mhic léinn i Halla O'Reilly i mí Feabhra 2007*

Tá níos mó céimithe ag UCD ná mar atá ag aon ollscoil in Éirinn. Ag 5,907, seasann seo do 26% de dhaonra mhic léinn iomlán UCD. Mhéadaigh líon na gcéimithe taighde i UCD go suntasach go 1,908 sa tréimhse 2006/07. Go forleathan, tá 22% de na céimithe taighde go léir in institiúidí ardoideachais in Éirinn ag UCD.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Tar éis bhunú na gcúig Scoil Chéimithe UCD sa bhliain acadúil 2005/06 faoi stiúir an Ollaimh Michael Ryan, Déan le Léann Dochtúireachta agus Oiliúint Iardhochtúireachta, bunaíodh struchtúir rialachis nua don oideachas iarchéime i UCD i mbliana. Bhí bunú, agus ceadú téarmaí tagartha do Bhord Chláir Iarchéime na hOllscoile i gceist leis seo, ag a bhfuil freagracht as maoirseacht ar gach clár iarchéime I UCD agus ar na cúig Bhord Scoile Céimithe UCD. Sa mhórchuid de na Scoileanna, bunaíodh fo-bhord do chláir múinte iarchéime chomh maith.

Tugadh isteach agus cuireadh i bhfeidhm PhD struchtúrtha UCD do gach mac léinn PhD ag teacht isteach go UCD i Meán Fómhair 2006. Bhí taighde agus módúil i modheolaíocht taighde agus scileanna inaistrithe i gceist le cur i ngníomh an PhD struchtúrtha. Ina theannta seo, rinneadh modúlú ar na cláir múinte iarchéime go léir.

Go suntasach, bunaíodh 100 post Scoláire Taighde Ad Astra nua ceithre bliana, agus tugadh isteach treoirscéim nua chun pleananna taighde agus forbartha gairmiúla a fhorbairt le gach scoláire.

Glacadh raon de thionscnaimh chun céimithe a mhealladh chuig an ollscoil:

- Rinneadh suíomh gréasáin an Léinn Iarchéime a uasghrádú agus rinneadh ábhair nua brandaithe;
- Cuireadh tús le treoiphróiseas iarratais ar líne do raon de chláir iarchéime agus fuarthas aiseolas an-dearfach faoi ó iarratasóirí;
- Tionóladh ócáid fáilteach tionscnaimh do chéimithe taighde ag teacht isteach i mí Dheireadh Fómhair 2006;



- Tionóladh Lá Deiseanna Céimithe tionscnaimh UCD ar an 21 Feabhra 2007. D'fhreastail níos mó ná 1,100 céimí féideartha nua freastal air seo, ina measc fochéimithe as ollscoileanna eile agus mic léinn lánfhásta féideartha a bhí i bhfostaíocht.

Tá ceangail féideartha chláir iarchéime UCD le hollscoileanna comhpháirtithe tríd *Universitas 21* a imscrúdú faoi láthair.

## Spriocanna don Todhchaí

Sa bhliain 2007 déanfar an Plean Taighde agus Forbartha Gairmiúil (PTFG) a chur i bhfeidhm go céimneach do gach mac léinn PhD ag teacht isteach agus déanfar forbairt agus comhordú ar rialacháin do gach chéim taighde eile. Is foireann uirlisí é an PTFG chun cabhrú le hullmhúchán agus dul chun cinn taighde agus scileanna gairmiúla. Is bunpháirt den chlár struchtúrtha PhD é agus tá sé ceaptha go sonrach chun cabhrú le pleanáil, monatóireacht agus críochnú staidéir PhD.

Beidh comhordú á dhéanamh ar gach clár múinte iarchéime chomh maith leis an rogha leathan de mhódúil atá ar fáil anois.

Tá sé ar intinn chomh maith daonra céimithe UCD a mhéadú ó 26% go 40% agus cláir iarchéime comhoibríocha a fhorbairt le hollscoileanna eile in Éirinn agus thar lear.

Beidh méadú leanúnach de líon na mac léinn PhD ann chun an líon PhDa dhúbailt faoi mbliain 2013, de réir sprioc an rialtais.

## Institiúid Mhic Con Mí um Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD

Seo a leanas na cuspóirí straitéiseacha ag Institiúid Mhic Con Mí UCD:

- Lárionad barr feabhais a chur ar bun sna beitheolaíochtaí in UCD laistigh de 10 mbliana agus rath an ionaid sin á mheas de réir na dtorthaí a nglactar leo go hidirnáisiúnta;
- Soláthar a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: rialachas éifeachtach, struchtúir bhainistíochta agus chomhairleacha mar bhonn is mar thaca don bharr feabhais eolaíochta, taighde comhoibritheach, comhtháthú ar dhisciplíní, cosaint ar mhaoin intleachtúil agus fionnachtana a bhogadh go gasta chuig bith-thionscail;
- Ceannaireacht a thairiscint i mbaint amach na gcuspóirí straitéiseacha níos leithne ag an ollscoil i réimsí taighde, foghlama agus aistriú teicneolaíochta sna heolaíochtaí bithleighsis;
- Nuálaíocht a bhaint amach trí mheán an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le comhpháirtithe acadúla, cúraim shláinte agus tráchtála.

Tiocfaidh méadú leanúnach ar líon na mac léinn PhD chun go mbainfí amach sprioc an rialtais – is é sin líon na mac léinn PhD a dhúbailt faoin mbliain 2013.

Faoi láthair tá 135 Imscrúdaitheoir ag Institiúid Mhic Con Mí. In éineacht lena bhfoirne gaolmhara de isteach is amach le 320 céimí agus 150 comhalta 150 iardhochúireachta, tá pobal de thuairim is 600 duine san institiúid. Is í Janet Allen Stiúrthóir na hInstitiúide.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

D'éirigh le hInstitiúid Mhic Con Mí UCD i roinnt tairiscintí faoin PRTLI, Timthriall 4 chun cláir do chéimithe a fhorbairt in dá réimse: Eolaíochtaí (Bith)chógaisíochta agus Cógaseolaíochta (BPS) agus Líonraí Eolaíochtaí Bithleighis (BMSN).

Bronnadh €19.8 milliún in ioncam piarmheasúnaithe ar imscrúdaitheoirí Institiúid Mhic Con Mí le linn na bliana faoi chaibidil. peer Rinne imscrúdaitheoirí Mhic Con Mí fiche nochtadh fionnachtana, ceithre iarratas ar phaitinn agus dhá chomhaontú ceadúnaithe a thaisceadh. Ina theannta sin, go dtí mí Lúnasa 2007, chuir céimithe a bhfuil baint acu le himscrúdaitheoirí Mhic Con Mí isteach 53 PhD agus cúig thráchtas Máistreachta le linn na tréimhse.

Mar chomhlánú ar na cláir thaighde reatha in Institiúid Mhic Con Mí agus san Ionad um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach, tógann an clár nua in Eolaíochtaí (Bith)chógaisíochta agus Cógaseolaíochta ar an tionscnamh Taighde agus Oiliúint Bhithphóiseála (NBRT). I dteannta a chéile, díreoidh na tionscnaimh thábhachtacha seo ar thaighdeoirí oilte a sholáthar don tionscal bithchógaisíochta (e.g. Wyeth, Amgen). Díreofar



*Múinteoirí eolaíochta Laura Barry, Seosamh Ó Braonáin agus Aoife McCarthy lena samhail de DNA déanta le linn an chláir SFI Secondary Teachers Assistant Researchers (STARs) in Institiúid Mhic Con Mí.*

go háirithe ar theiripeolaíocht bhitheolaíoch a sholáthar – móilíní a tháirgeann cealla ar féidir úsáid a bhaint astu chun cóireáil a chur ar ghalair chomónta a bhíonn ar dhaoine amhail airtríteas, galar duán agus galar athlasta na bputóg.

Déanfaidh an Líonra Eolaíochtaí Bithleighis éascú ar chomhtháthú agus chomhordú náisiúnta ar ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna sna heolaíochtaí bithleighis. Táthar ag súil go mbeidh páirt ag an líonra i soláthar tairseach eolais agus ardán a mbeidh rochtain náisiúnta air le haghaidh an leighis mhóilínigh/aistrithigh agus le haghaidh na n-eolaíochtaí beithleighis. Gné thábhachtach ná forbairt ar dheiseanna oiliúna taighde atá curtha in oiriúint do chliniceoirí chun eolaithe-chliniceoirí a chothú.

Chuir an tOllamh Mike Scott an chéad saotharlann thrasghéineach ar bun in UCD. Tá an tsaotharlann lonnaithe i Saoráid Saor ó Phataiginí – is é sin Seirbhísí Biteicniúla Institiúid Mhic Con Mí UCD, agus thosaigh an tsaotharlann seo ag feidhmiú i mí Lúnasa 2007.

## Nithe Suntasacha a Baineadh Amach




*Colour Life with Science le Isabel Kelly, Teresian School, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4, a bhuaigh an duais sa chatagóir iar-bhunscoile de chomórtas póstaer AccessScience '07 de chuid Institiúid Mhic Con Mí, UCD*

Earcaíodh roinnt ball tábhachtach foirne lena n-áirítear an Dr Ollie Blacque (fabhráin phríomhúla), An tOllamh Suzie Jarvis (micreascópacht fórsa adamahach), An tOllamh Helen Roche (meitibileacht i gcothú an duine) agus An tOllamhr Michael Keane (ceaptha ina Ollamh le Leigheas agus Teiripeolaíocht).Ceapadh an Dr Giuliano Elia ina Stiúrthóir ar an tsaoráid mhais-speictriméadrachta.

Arna chur ar bun in Institiúid Mhic Con Mí UCD tháinig Biontrack sa dara háit sa Chlár Forbartha Cuideachta Campais a reáchtáladh i mi na Samhna 2006. Is é atá in Biontrack ná soláthraithe bogearraí chun tacú le taighdeoirí próitéiní i dtionscail agus sa saol acadúil.

Faoin scéim nua struchtúrtha PhD ag UCD cheap an Institiúid modúil le haghaidh 207 céimí agus chuir sí na modúil sin ar fáil. Ina measc bhí siad seo a leanas: Introduction to Core Research Skills, Advanced Research Skills for Biological Scientists, Introduction to 'Omic' and Advanced Imaging Technologies, Communications for Research Scientists, Neuroimmunology and Immunology.

Ceapadh PhD nua Bithfhaisnéisíocht agus Bithleigheas Ríomhaireachta agus rinne an tOllamh Denis Shields forbairt air i rith na tréimhse. An aidhm atá leis ná oiliúint mhaith idirdhisciplíneach a thabhairt do mhic léinn, idir thaithí uimhríochta agus thaithí sa taighde bitheolaíochta a chur ar fáil dóibh.

A bhuíochas leis an gclár for-rochtana 2006/07 Science4Schools fuarthas an deis iontais na heolaíochta agus an taighde eolaíochta a tabhairt 3,000 dalta bunscoile agus iar-bhunscoile agus a gcuid múinteoirí ar bhonn náisiúnta. I measc na n-imeachtaí bhí ScienceWorks, ceardlanna bunscoile, cláir thaithí oibre don idirbhliain agus AccesScience Junior, a d'imigh i gcomhar leis an gclár ambasadóirí nua UCD chun turais faoi threoir mórthimpeall an champais a thabhairt do dhaltaí roimh an imeacht.

Rinne AccesScience '07 ceiliúradh ar a 10ú bliain ag feidhmiú le seimineáir Merville agus tugadh cuireadh ar ais do roinnt de na daoine a bhuaigh cheana chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh. Bhain an mac léinn dochtúireachta Elaine McSherry an chéad duais dá cur i láthair The Missing Links?: How Breast Cancer Spreads.

## Cuspóirí Amach Anseo

Cruthóidh Institiúid Mhic Con Mí UCD timpeallacht idirdhisciplíneach shaibhir d'fhonn barr feabhais i dtaighde bithleighis a chothú ach naisc a chruthú laistigh de na heolaíochtaí bitheolaíochta leis na hospidéil teagaisc atá ag UCD, le cúrsaí ceimice trí mheán an CSCB, le disciplíní atá ag teacht chun cinn a bhfuil baint acu le bitheolaíocht córas amhail matamaitic fheidhmeach, ríomheolaíocht agus innealtóireacht agus le heacnamaíocht trí mheán Institiúid Uí Ghadhra UCD.

### Rath ar pháipéar taighde

Ar na foilseacháin a raibh an tionchar is mó acu le linn na tréimhse idir chaibidil bhí na foilseacháin a tháinig ó fhoireann taighde an Ollaimh Denis Shields [Edwards RJ, Moran N, Devocelle M, Kiernan A, Meade G, Signac W, Foy M, Park SDE, Dunne E, Kenny D and Shields DC. Bioinformatic discovery of novel bioactive peptides, Nature Chemical Biology 2007; 3:108-112]. Cuireann an páipéar síos ar an gcaoi a ndearna an fhoireann iniúchadh ar cibé acu an bhféadfadh dearadh bithfhaisnéisíochta olagaipheiptídí atá dírithe go sonrach ar réigiúin de scannáin i gcóngar a chéile a d'fhéadfadh a bheith comhartha-shaibhir sainaithint a dhéanamh ar modhnóirí fheidhm phláitíní an duine. Fuair siad amach go bhfuil scáileáin chórasacha den chineál seo ina n-uirlisí an-éifeachtach chun móitífeanna comharthacha a aimsiú i gconair chomharthaíochta móilíneacha

## Ionad um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach (CSCB)

Is é atá san Ionad um Shintéis agus Bhitheolaíocht Cheimiceach ná comhoibriú idir na heolaíochtaí ceimiceacha idir UCD, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinleá. Le 48 príomhimscrúdaitheoir agus a bhfoirne, tá an tIonad déanta suas de bhreis is 200 taighdeoir. Tagann taighdeoirí UCD (33 príomhimscrúdatheoir) ó Scoileanna na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimicí UCD, na nEolaíochtaí Bithmhóilineacha agus Bithleighis, na Fisice agus na Ceimice agus na hInntealtóireachta Bithphróisis.

An misean atá ag an Ionad, faoina stiúrthóir, An tOllamh Pat Guiry, ná eolas, sláinte agus dul chun cinn eacnamaíochta a chothú trí bharr feabhais a bhaint amach in eolaíochtaí ceimiceacha na sintéise agus na bitheolaíochta ceimicí, chun bonn taighde an náisiúin a shaibhriú agus chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt a dhéanamh ar an tionscal cógaisíochta in Éirinn. Seo a leanas na cuspóirí straitéiseacha atá ag an Ionad:

- Eolas a chur chun cinn sna heolaíochtaí sintéise agus bitheolaíochta ceimicí, mar chuid den iarracht sa taighde bithleighis comhoibritheach;
- Freagairt d'athruithe ar an tionscal cógaisíochta in Éirinn agus don tionscal bithchógaisíochta atá ag teacht chun cinn;
- Próifíl taighde na hÉireann a ardú trí mheán an chomhoibrithe idirnáisiúnta agus le níos mó foilseachán ardtionchair a sholáthar;
- Fiontraíocht a chothú, tacú le haistriú teicneolaíochta agus comhpháirtíochtaí láidre a chothú le tionscail;
- Cláir taighde agus teagaisc ar ardchaighdeán a sholáthar do mhic léinn Éireannacha ag an tríú leibhéal agus ag an gceathrú leibhéal;
- Cláir for-rochtana shuntasacha a fhorbairt chun chur leis na tuiscint atá ag an bpobal ar eolaíochtaí ceimiceacha.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Sa tréimhse 2006/07, d'fhoilsigh taighdeoirí an ionaid os cionn 130 iris phiaramheasúnaithe agus tug siad breis is 160 léacht agus taispeántas póstaeir agus bronnadh os cionn €4 mhilliún ar an ionad mar mhaoiniú inmheánach.

Ceapadh an tOllamh Stefan Oscarson ar an gcéad Ollamh le Bitheolaíocht Cheimiceach i Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimicí UCD i mí Feabhra 2007. An príomhspéis taighde atá ag an Ollamh Oscarson ná sintéis na dtáirgí nádúrtha atá gníomhach go bitheolaíoch, go háirithe olagaishiúicrídí agus gliceachomhchuingeach, le go n-úsáidfí iad i turgnaimh leighis agus i gcur i bhfeidhm an leighis. Bronnadh gradam Earcaíochta Ollaimh SFI ar an Ollamh Oscarson dar luach €760,000 i mí Feabhra 2007.

Bhí ról lárnach ag taighdeoirí an Ionaid i clár Feabhsúcháin Céimithe sna hEolaíochtaí (Bith)chógaisíochta agus Cógaseolaiochta arna mhaoiniú ag PRTLI, Timthriall 4. Is é atá i gceist leis seo ná comhoibriú le comhghleacaithe i gColáiste na Tríonóide, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus i gColáiste Ríoga na Máinleá.



*Rannpháirtithe sa 15ú Siompóisiam Eorpach ar Cheimic Orgánach a reáchtáladh in UCD i mí Iúil 2007*

Shroich an clár for-rochtana Science@CSCB os cionn 1,500 mac léinn trí mheán sraith ceardlann leathlae, seachtain taithí oibre don idirbhliain, léachtaí léirithe agus cuairteanna ar scoileanna. Bronnadh an sparánacht RDS Science Live ar an bhfoireann for-rochtana a chuir ar a gcumas taighde UCD a thabhairt chuig daltaí in iar-bhunscoileanna in os cionn 20 scoil le cur i láthair idirghníomhach.

## Nithe Suntasacha a baineadh amach

Reáchtáladh an cúigiú siompóisiam ag an Ionad, dar teideal Recent Advances in Synthesis and Chemical Biology V, i gColáiste Ríoga na Máinleá i mí na Nollag 2006. D'éist 200 toscaire le léachtaí tionscnaimh ó shé léachtóir oirirce, ag cur síos ar an trasnú idir ceimic agus bitheolaíocht. Seo a leanas na léachtóirí: An tOllamh Erick Carreira (ETH), Barbara Imperiali (MIT), Peter Sadler (Ollscoil Dhún Éideann), Tom Simpson (Ollscoil Bristol), Anna Maria Papini (Ollscoil Fhlórans), agus Gerard Canters (Ollscoil Leiden).

Chomh maith leis sin reáchtáil taighdeoirí an Ionaid ceardlann trí lá ar an téama seo a leanas Modern Carbohydrate and Glycoconjugate Chemistry agus chuir taighdeoirí óga Eorpacha agus ó na SA a gcuid obair thaighde i láthair agus chuir siad tús le comhpháirtíochta lena bpiaraí.

Reáchtáladh ceardlann COST Action D40, Innovative Catalysis: New Processes and Selectivities san Ionad. An príomhchuspóir a bhí leis an gceardlann ná taighde nua nuálaíoch réamhiomaíoch a aimsiú agus an bhunchloch a leagan le haghaidh soláthar earraí tionsclaíochta agus próiseas le buntáistí iomaíochta níos mó ná na cinn is fearr atá ann faoi láthair.

Reáchtáladh an 115ú Siompóisiam Eorpach ar Cheimic Orgánach in UCD i mí Iúil 2007 agus bhí sé ar an imeacht is mó a bhain le ceimic orgánach a reáchtáladh riamh in Éirinn le tinreamh de bhreis is 600 rannpháirtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Cuspóirí Amach Anseo

Leanfaidh an tIonad ar a dhícheall chun a chuspóirí straitéiseacha, taighde agus foghlama a bhaint amach de réir mar a leagadh amach nuair a cuireadh an t-ionad ar bun:

- •Daingniú a dhéanamh ar na naisc idir UCD, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máineá ach tacú leis an taighde comhoibritheach sna hinstitiúidí sin;
- Cur leis an líon mac léinn PhD agus cur níos mó le taighde ach níos mó comhaltaí iardhochtúireachta a earcú agus níos mó eolaithe a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu a mhealladh chuig an ionad;
- Bheith gníomhach i bhfoinsí maoiniúcháin a lorg chun tacú leis an taighde;
- Cur le cáilíocht agus le cainníocht na bhfoilseachán piaramheasúnaithe agus le líon na léachtaí a thugann taighdeoirí an Ionaid ar bhonn cuireadh a fháil;
- Nuashonrú a dhéanamh ar mhodúil reatha agus modúil nua a cheapadh don oiliúint fochéime agus céime;
- Cur i gcrích ar dhearadh na céime nua BSc sa Cheimic Leighis agus sa Bhitheolaíocht Cheimiceach ar cuireadh tús leis nuair a tháinig a chéad mhic léinn isteach i mí Mheán Fómhair 2007;
- Cur leis an gclár for-rochtana Science@CSCB le go gcuirfeadh sé san áireamh níos mó cuairteanna ó mhic léinn agus ó theagascóirí.

### Taighde Síodaí

D'fhoilsigh príomhimscrúdaitheoir de chuid an Ionaid, an Dr Matthias Tacke, agus a fhoireann taighde i Scoil Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimicí UCD, foilseachán a bhfuil suntas mór ag baint leis le torthaí réamhchliniciúla ar ghníomhaíochta frith-shiada Titanocene Y ar ailse i gcíocha an duine agus i samhail luchóige. Sa tsamhail luchóige, tháinig laghdú ní hé amháin ar thoisc an tsiada ach ar a thoirt chomh maith mar a raibh sé ag aon trian dá thoise bunaidh. Bhí grúpa Dr Tacke ag obair ar dhrugaí frith-shiada a bhain les an ngrúpa titanocene le cúig mbliana anuas.



*James Claffey, Clara Pampillón, An Dr Katja Strohfeldt, An Dr Matthias Tacke agus Nigel Sweeney*

## Ionad um Leigheas Móilíneach Baile Átha Cliath

Is sampla é Ionad um Leigheas Móilíneach Bhaile Átha Cliath de thiomantas UCD dá chomhpháirtíochtaí comhoibritheacha sna heolaíochtaí bithleighis. Tá an comhfhiontar seo ag cuidiú le UCD, le Coláiste na Tríonóide agus le Coláiste Ríoga na Máinleá Baile Átha Cliath a lonnú ag lár an bhairr feabhais sa taighde agus san oideachas. Ceapadh an Dr Ruth Barrington ina Príomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2007.

Chuidigh an tIonad le hailíniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí institiúidí taighde bhtihleighis Bhaile Átha Cliath leis na sé ospidéal teagaisc faoi chreat choiteann amháin a ceapadh chun éascú a dhéanamh ar an gcomhoibriú trasinstitiúídieach agus feabhas a chur ar an gcumas taighde aistrithigh.

I measc na bpríomhthorthaí tá:

- Pobal leighis mhóilínigh a chruthú ar bhonn idirnáisiúnta;
- Cláir thaighde nua agus teicneolaíochtaí cumasúcháin a mbeidh tionchar idirnáisiúnta ag institiúidí acadúla rannpháirteacha orthu;
- Diagnóisic nua, teiripeolaíocht agus straitéisí idirghabhála níos éifeachtaí;
- Bailiúcháin bhitheolaíochta luachmhara a chur le chéile ina bhfuil faisnéis ardchomhthéacsúil d'imscrúdaitheoirí indibhidiúla;
- Curaclam oideachais ildisciplíneach a thógáil ar a bhfuil an tionscal bithchógaisíochta bunaithe agus a chumasaíonn foghlaim feadh saoil gairme.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Tharla oscailt oifigiúil Aonad Taighde Géanóim Naomh Uinseann UCD i mí Aibreáin 2007. Cuireann an t-infheistiú seo ag UCD i gcomhpháirt le hOspidéal Ollscoile Naomh Uinseann, leis an DMMC agus leis an Údarás um Ard-Oideachas líonra cliniciúil comhtháite ar fáil a chuireann ar chumas UCD ceannaireacht a ghlacadh faoi scáth Líonra Bonneagair Taighde Chliniciúil Eorpach. Déanfaidh an tsaoráid seo uasmhéadú ar an tsineirge idir eolaithe binsebhunaithe agus eolaithe cliniciúla.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar thaighde aistritheach agus cliniciúil ar fud na cathrach tar éis don DMMC tairiscint chomhordaithe a dhaingniú ón Wellcome Trust agus maoiniú a fháil ón HRB chun Ionad Bhaile Átha Cliath um Thaighde Cliniciúil a chur ar bun. Mar chuid den fhorbairt ar bhonneagair tras-institiúideach tá mórchlár oiliúna altraí agus cur ar bun bonneagar comhtháite



*Ag oscailt an Aonaid um Thaighde Géanóim O. Naomh Uinseann UCD (clé go deas): An Dr Hugh Brady, Uachtarán, UCD; Mary Hanafin TD, An tAire Oideachais agus Eolaíochta; An Dr Seamas Donnelly, Stiúrthóir, Aonad um Thaighde Géanóim N. Uinseann UCD; An tOllamh Noel Whelan, Cathaoirleach, Bord O. Naomh Uinseann; An Dr Risteard O'Laoide, Cathaoirleach, Bord Leighis O. Naomh Uinseann*

faisnéisíochta. Don dara ceann de na tionscnaimh seo, tá céim phíolótach idir lámha chun Córas Bainistíochta Faisnéise Biobank a chruthú don Chuibhreannas Ailse Próstatach DMMC.

D'fhreastail baill ó scoileanna leighis na hollscoile, ó institiúidí taighde na hollscoile agus na n-ospidéal ó ghníomhaireachtaí maoiniúcháin rialtais ar chomhcheardlanna a reácháil an HRB agus ceardlann DMMC Clinical Research Training in Ireland, a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair 2006. Breithníodh le linn na ceardlainne ar an gcaoi is fear le heolaí-chlinceoirí a oiliúint sna heasnaimh atá ann faoi láthair i gcúrsaí pearsanra agus acmhainní agus beartú ar an mbealach is fearr ar aghaidh; sa chás seo ag cuidiú le bunú na bunchloiche d'iarratas an Líonra Eolaíochta Bithleighis ar mhaoiniú PRTLI chun tacú le hoiliúint ar eolaí-chliniceoirí.

I mí Dheireadh Fómhair 2006, thionóil Baill ón gCoiste Comhairleach Eolaíochta, ar Lá Eolaíochta DMMC, a reáchtáladh in Institiúid an Leighis Mhóilínigh de chuid Choláiste na Tríonóide, Ospidéal San Séamas. D'fhreastail breis is 100 eolaí ar an ócáid rud a chuir an deis ar fáil d'imscrúdaitheoirí ag leibhéal na hiarchéime agus na hiardhochtúireachta a gcuid taighde a chur i láthair i réimsí na hailse, an galair néarshíciatrach, an ionfhabhtaithe, an athlasta agus na himdhíonachta.

## Nithe Suntasacha bainte amach go dtí seo

Reáchtáladh ocht gcúrsa agus gceardlann DMMC idir Meán Fómhair 2006 agus Lúnasa 2007. Ba chúrsaí gearra múinte iad seo i mbitheolaíochtaí le béim mhór ar thaighde aistritheacha, a mbaineann céimithe úsáid as chun cur lena gcéimeanna eolaíochta agus a mbaineann oibrithe agus foireann iardhochúireachta úsáid astu mar oiliúint feadh gairme ar fud na ndisciplíní agus na n-institiúidí.

Reáchtáladh ceardlann idirnáisiúnta DMMC Epigenetics: From Mechanisms to Medicines i UCD i mí an Mheithimh 2007. Is snáithe nua de chlár oideachais agus oiliúna DMMC iad na ceardlanna idirnáisiúnta, a bhaineann fónamh as an teaglaim de shaineolas na tíre agus saineolas idirnáisiúnta.

Faoi shamhradh an bliana 2007, bhí méadú tagtha ar líon na ndaoine ag freastal ar cheann amháin nós níos mó de chúrsaí DMMC ó cuireadh iad ar bun i mí na Nollag 2003 go 1,228 le roinnt mhaith daoine ag freastal air athuair. B'ionann iomlán na ndaoine a d'fhreastail ó UCD agus na hospidéil atá gaolta le UCD agus 551 duine. Is saineolais teagaisc tras-institiúídeach aá ann freisin; bhí 161 ball foirne bunaithe i máthair-institiúidí DMMC agus in ollscoileanna agus ospidéil eile in Éirinn ina teagascóirí ar Chúrsaí DMMC. Tá roinnt mhaith díbh a mhúin ar chúpla cúrsa, agus is ionann an t-iomlán ó UCD agus 53 duine.

## Cuspóirí Amach Anseo

Is deis ar leith atá in Ionad Bhaile Átha Cliath um Thaighde Cliniciúil an bonneagar reatha a cheangal lena chéile agus bonneagar sa taighde cliniciúil nua a chur ar bun. Ceanglóidh sé na GRUnna in Ospidéal Beaumont Hospital, Ospidéal Naomh Uinseann agus Ospidéal an Mater Misericordiae chun líonra ar fud na cathrach a chruthú chun a chinntiú gur féidir le líon níos mó othar fónamh a bhaint as an taighde cliniciúil ar bhealach níos costéifeachtaí.

Sa bhliain amach romhainn, leanfaidh clár oideachais agus oiliúna DMMC ar aghaidh ag forbairt agus cuirfidh sé san áireamh cúrsaí comhoibritheacha leis an tionscal bithchógaisíochta. Sna fhadtéarma cuirfear oideachas trasinstitiúídeach ar fáil le níos mó cúrsaí agus gluaisfear chuig an ríomhfhoghlaim.

Is bunobair é bunú an Líonra Bonneagair don Taighde Cliniciúil do thionscadal mór uaillmhianach le togra uile-Éireann a ceapadh chun Leigheas Móilíneach na hÉireann a chur ar bun, i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus le Coláiste na hOllscoile, Gaillimh ag nascadh na bpáirtithe reatha ag an DMMC. Bainfidh MMI úsáid as samhail DMMC agus as an mbonneagar reatha chun gníomhaíochtaí na gcúig institiúid taighde bithleighis is mó in Éirinn a ailíniú, maille les na hospidéil atá nasctha leo. Cruthóidh sé mais chriticiúil agus ionad barr feabhais i dtaighde agus oideachas an leighis mhóilínigh.

Seoladh an Líonra Bonneagair um Thaighde Cliniciúil na hÉireann go hoifigiúil i mí Eanáir 2007. Cuireadh an Líonra seo ar bun faoi Mheamram Tuisceana idir UCD, Coláiste na Tríonóide, Coláiste Ríoga na Máinleá Éireann, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus DMMC. Nascann an comhaontú seo le chéile na cúig scoil leighis agus na hospidéil atá nasctha leo chun líonra a chruthú a bhfuil ar a chumas léann cliniciúil a chur ar fáil sna réimsí galair go léir. Faigheann sé maoiniú ón mBord Taighde Sláinte agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ceapadh comhordaitheoir le déanaí don líonra, Margaret Cooney Uasal, le déanaí laistigh de Stiúrthóireacht DMMC agus gluaisfidh sé i dtreo fhorbairt a dhéanamh ar bhonneagar náisiúnta a éascaíonn an taighde cliniciúil is déanaí i dtimpeallacht shlán rialaithe. I measc na bpríomhchuspóirí tá:

- A chinntiú go gcuirfear cláir oideachais agus oiliúna i bhfeidhm don fhoireann taighde chliniciúil;
- Cuidiú le himscrúdaitheoirí acadúla Éireannacha agus neamh-acadúla páirt a ghlacadh i léann cliniciúil il-lárnach;
- Cur chuige caighdeánaithe a bheith ann maidir le bithbhancáil ag gach suíomh;
- Cuidiú le nósanna imeachta comhchuibhithe in Éirinn maidir le toiliú eolas ach, athbhreithniú eiticiúil, monatóireacht ar shonraí, tuairisciú ar tharluithe neamhfhabhracha, srl, ag teacht leis an obair atá idir lámha san Eoraip.

Is é ICRIN ionadaí na hÉireann laistigh de Líonra Bonneagair Taighde Chliniciúil na hEorpa.

# Institiúid Uí Ghadhra UCD

In Institiúid Uí Ghadhra UCD bítear i mbun roinnt den taighde is ceannródaí ar chúrsaí a bhaineann le conair saoil agus leis an gcaoi a dtéann polasaí poiblí i bhfeidhm ar réimsí amhail torthaí na tréimhsí luath-óige, éagothroime i measc an ógra, iompraíocht i measc daoine atá imithe ar scor agus roghanna oideachais. Ar na saintréithe a bhaineann leis an Institiúid tá a dhearcadh trasdisciplíneach ar an gclár oibre taighde, mar a ndéantar iniúchadh ar na réitigh a d'fhéadfaí a fháil ar shaincheisteanna eacnamaíochta, polaitíochta, eipidéimeolaíochta agus sóisialta. An fhís atá ag an Institiúid ná:

- Tacú le modhanna ceannródaíocha iniúchóireachta, a mbeadh taighde den chéad scoth mar thoradh orthu;
- Feabhas a chur ar an bpróifíl idirnáisiúnta agus rangú a dhéanamh ar a thaighdeoirí;
- Ról lárnach a ghlacadh san oiliúint ar an gcéad ghlúin eile de thaighdeoirí agus mar sin an méid is mó a bhaint as na deiseanna atá ann do chéimithe a bheith ag obair i dteannta na dtaighdeoirí sinsearacha ar thionscadail atá idir lámha;
- Anailís oibiachtúil agus réitigh éifeachtacha a sholáthar a théann i ngleic leis na dúshláin a bhíonn ar chinnteoirí aghaidh a thabhairt orthu.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Tá an Institiúid i gcónaí ag díriú ar mhórfhoilseacháin a chur ar fáil i bhfoinsí a bpiaraí agus ba bhliain mhaith í an bhliain acadúil 2006/07 do thaighdeoirí na hinstitiúide le hábhar foilsithe sna foilseacháin seo a leanas Journal of Human Resources, Canadian Journal of Economics, Quarterly Journal of Economics, American Economic Review, Economic Inquiry i measc foinsí eile.

Bliain bhríomhar a bhí ann maidir le seimineáir –ina measc bhí seimineár ar iompraíocht idirdhisciplíneach, arna mhaoiniú ag Ionad Uí Ghadhra um Iompraíocht agus Sláinte, agus saotharlann ar mhodhanna cáilíochtúla.

Leanadh ar aghaidh leis an dlúthpháirtíocht le grúpaí taighde sna comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear RAND Corporation, Kennedy School of Government in Harvard agus University of Chicago Harris School of Public Policy.

Bíonn mic léinn iarchéime níos baintí anois le braislí taighde. Glacann mic léinn iarchéime páirt i roinnt grúpaí léitheoireachta, i seimineáir, i gceardlanna agus i gcláir theicniúla. Sa bhliain 2006/07 rinne an Institiúid óstáil ar thrí mhac léinn mar chuid dá comhpháirtíocht le Harvard.

Mar thoradh ar an athdhearadh ó bhonn a rinneadh ar an suíomh gréasáin tá léiriú níos soiléire ann ar an obair a bhíonn ar bun in Institiúid Uí Ghadhra agus ar na himpleachtaí ó thaobh polasaí de a bhaineann leis an obair sin. Lean Institiúid Uí Ghadhra UCD lena láithreacht mhaith sna meáin – amhail agallaimh ar thaighde sna meáin in Éirinn, sa RA agus sna SA. I mbliana leathnaíodh torthaí na hoibre chun go gcuimseofaí sraith cruinnithe faisnéise, agus úsáid as ábhair nuálaíocha gréasáinbhunaithe amhail podchraoladh chun ábhair físe agus fuaime ó léachtaí tábhachtacha a dháileadh.

## Nithe Suntasacha a Baineadh Amach

Bhí rath suntasach ar an Institiúid i mórchomórtais taighde náisiúnta. I gCéim 4 den PRTLI , arna mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas, d'éirigh leis an Institiúid mórinfheistíocht a fháil i gCartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta Éireann. Faoi chlár Chiste an Rialtais don Nuálaíocht Straitéiseach (CNS) fuair an Institiúid maoiniú dá cuid oibre ar mheastóireacht a dhéanamh ar na cláir rochtana atá ag an ollscoil agus forbairt ar staidéar fadaimseartha mhic léinn na hollscoile agus mhic léinn iardhochtúireachta agus ar chlár Chúnamh Éireann, atá faoi stiúir an Ollaimh Paul Walsh.

Sháraigh conarthaí a síníodh sa tréimhse 2006/07 an €3 mhilliún agus tá iarratais ar dheontais déanta ag an Institiúid ar chomórtais mhaoiniúcháin idirnáisiúnta dar luach breis is €7 milliún.

Seoladh mórthionscadail taighde i rith na bliana. Cuireadh tús leis an gcéad chlár turgnamhach ar pholasaí sóisialta, faoi stiúir an Dr Orla Doyle,



*An tOllamh James Heckman (Ollamh UCD le hEolaíocht & Sochaí agus Buaiteoir Duais Nobel san Eacnamaíocht),ar cuairt i rang i Scoil Phobail Bawnogue, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath. Thóg an tOllamh Colm Harmon, Stiúrthóir Institiúid Uí Ghadhra an pictiúr dar teideal Investing in Children.*

Preparing for Life i gceantar Darndale Bhaile Átha Cliath agus is é a bheidh ar bun sa chlár ná cohórt leanaí a roghnú, ón mbroinn go dtí a mblianta luatha ar scoil, le hidirghabháil a bhfuil dianmheastóireacht déanta air. Tá Stiúrthóir na hInstitiúide, An tOllamh Colm Harmon agus an Dr Vincent Hogan i gceannas meastóireachta eacnaiméadrach  - clár um infheistiú caipitil dar teideal Building Schools for the Future (BSF), agus an aidhm atá ag an gclár sin tá a chinntiú go mbeidh áiseanna nua-aimseartha ón 21úhaois ar a laghad ag gach iar-bhunscoil laistigh de thréimhse 10-15 bliana.  Seo a leans a thug an tIar-Phríomh-Aire, Tony Blair, ar an gclár  “ the greatest school renewal programme in British history reversing a generation of under-investment in our schools”.

## Cuspóirí Amach Anseo

Tógfaidh Institiúid Uí Ghadhra UCD ar na príomhcheapacháin agus an rath a bhí ar an Institiúid ó thaobh maoiniúcháin de, le roinnt sainspriocanna:

- Dul sa tóir ar dheiseanna maoiniúcháin nua lena n-áirítear an Clár Basic Frontiers de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Comhairle Taighde na hEorpa agus deiseanna Cláir Creatlaí eile;
- Ag cur le spéiseanna taighde eile i gcúrsaí iompraíochta agus sláinte. Ar cheann de na mórspriocanna atá ann don tréimhse 2007/08 tá acmhainní a chinntiú le haghaidh mórchlár taighde ar bhearta chun sláine a mheas agus iad ag teacht le tuiscint níos fearr a bheith ann ar na cúiseanna atá le difríochtaí a bheidh ann idir sláinte na ndaoine éagsúla sa tír. Chomh maith leis sin, tógfaidh an Institiúid ar a acmhainneacht le haghaidh na mórthionscnamh taighde i réimse na n-idirghabhálacha sa pholasaí sóisialta, lena n-áirítear modheolaíochtaí staitistiúla;
- Cláir thaighde a struchtúrú ina n-ionaid féinchothaithe amhail ionad Iompraíochta agus Sláinte. I measc na spriocanna le haghaidh 2007/08 tá comhdhlúthú a dhéanamh ar an obair ar thuairimíocht phoiblí agus ar iompraíocht pholaitiúil agus micrea-anailís ar pholasaí poiblí;
- Agus feidhm á baint as an gcomhghuaillíocht leis an Harris School of Public Policy in Ollscoil Chicago beidh saineolas breise ar fáil don chlár, agus táthar i mbun pleananna a cheapadh le go gcuirfí ar bun cláir atá dírithe ar ghairmithe a oibríonn i réimse na cinnteoireachta.

### Tionscadal um Éagothroime Oideachas

Is í an Dr Dorren Mc Mahon a fuair an Deontas Barr Feabhais Marie Curie dar luach €1.3 milliún – maoiniú le haghaidh tionscadal ceithre bliana idirdhisciplíneach ar éagothroime oideachais trasnáisiúnta i measc dhaoine óga na hEorpa. Is deontais thar a beith iomaíoch iad na Deontais Barr Feabhais agus is annamh a bhronntar iad sna heolaíochtaí sóisialta. A bhuíochas leis an deontas bhíothas in ann foireann tionscadail trasnáisiúnta a chur le chéile chun díriú ar na dearcthaí discipline éagsúla atá ag cur leis an éagothroime i gcúrsaí oideachais. De réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh tá sé ag teacht chun solais go bhfuil an-chumas ann eolas a roinnt maidir leis na cleachtais is fearr san Eoraip agus go deimhin sa taighde trasdomhanda.

Cé go bhfuil roinnt mhaith taighde comparáideach déanta ar dhifríochtaí náisiúnta ar na meánleibhéil gnóthachtála oideachais, díríonn an tionscadal seo ar an éagsúlú atá ann ón meán sa chomhthéacs trasnáisiúnach Eorpach. Tá sraith de thorthaí a chuireann an tionscadal ar fáil – ina measc mórmhonagraif, sraith páipéar oibre, suíomh gréasáin, tairseach forbartha a fhorbairt ar éagothroime oideachais, comhdhálacha agus foilseacháin piarmheasúnaithe. Mar chuid den chlár rinneadh óstáil ar mhic léinn céime de bharr na comhpháirtíochta atá idir Institiúid Uí Ghadhra agus an Clár Ildisciplíneach ar Éagothroime ar bun in Harvard.



An Dr Dorren McMahon (lár) agus comhghleacaithe Jason McKay, agus an Dr Karen Robson

## Institiúid Dhaonnachtaí na hÉireann, UCD

Cuireann Institiúid Daonnachtaí an hÉireann, UCD, go mór le misean straitéiseach UCD a bheith ina mhórollscoil diantaighde idirnáisiúnta.

Na cuspóirí straitéiseacha atá ag an Institiúid ná tacú le nuálaíocht agus feabhas sna healaíona agus sa taighde daonnachtaí, agus ardán a sholáthar do mhic léinn dochtúireachta den chéad scoth agus do chomhaltaí iardhochtúireachta. Tá na institiúid faoi stiúir an Dr Marc Caball. Cuirtear maoiniú ar fáil dá chlár taighde reatha trí mheán Thimthriall 3 de PRTLI an Údaráis um Ard-Oideachas dar teideal Identity, *Memory and Meaning in the 21st Century.*

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Le linn thréimhse na tuarascála seo, bhí 34 mac léinn dochtúireachta, ceithre chomhalta iardhochtúireachta agus ceithre thaighdeoir tionscadail nasctha le Institiúid Daonnachtaí UCD. Chomh maith le Stiúrthóir na hInstitiúide agus le Bainisteoir na hInstitiúíde, tá seisear príomhtgaighdeoirí ó Choláiste Ealaíon agus Léinn Cheiltigh UCD ar chlár reatha na hInstitiúide.  Ar fhoireann Leabharlann agus Chartlann Fhíorúil na hÉireann tá bainisteoir tionscadail agus seisear digiteoirí atá ag digitiú slam mór d'ábhar daonnachtaí ón stoc atá i gcartlann UCD.

Tá an Institiúid Daonnachtaí tiomanta de feabhas ar chur ar an mhais chriticiúil sna daonnachtaí ag an leibhéal náisiúnta trí mheán a cuid nasc le hinstitiúidí eile, lena n-áirítear a naisc taighde-mhaoinithe le Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus lena naisc leis an Ionad Náisiúnta um Léann Francach/Éireannach in Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta. I réimse an líonraithe idirnáisiúnta sna daonnachtaí, tá an Institiúid Daonnachtaí ina bhall gníomhach den Chuibhreannas le haghaidh taighde sna Daonnachtaí.

I measc na n-ábhar idirdhisciplíneacha a ndearna mic léinn dhochtúireachta na hInstidiúide iniúchadh orthu bhí siad seo a leanas: leaca cuimhneacháin agus séadchomharthaí mar chuimhne ar an nGorta Mór in Éirinn; céannachtaí méisiliteacha agus tírdhreach i lár-réigiún na hÉireann, agus coincheap na géineolaíochta sa tréimhse i ndiaidh 1945 de litríocht na Gearmáine; ábhar paranormálta in Éirinn, sa Bhreatain agus sa Fhrainc na naoú haois déag; na cogaí cathracha i cineama Eorpach sa tréimhse tar éis 1989.

Tháinig forbairt sa bhreis ar sheimineár idirdhisciplíneach na hInstitiúide agus í anois ina príomhfhócas don phlé i measc thaighdeoirí sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí daonna in UCD agus lasmuigh de UCD.

Thug an tOllamh Alain Peyraube (CNRS Páras), scoláire i dteangeolaíocht na hÁise thiar agus ball de Chomhairle Taighde na hEorpa, agus clú domhanda air, Aoi-Léacht de chuid na hInstitiúide



*Ag Comhdháil na hInstitiúide* Communities of Knowledge *(clé go deas): Clara Cullen, Scoláire Dochtúireachta UCD, An Dr Marc Caball, Stiúrthóir, Institiúid Daonnachtaí Éireann UCD, an tOllamh Mary Daly, Príomhoide, Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh agus an Dr Michael Ryan, Leabharlann Chester Beatty*

i mí Dheireadh Fómhair 2006;  Thug an tOllamh Philip Esler, diagaire agus scoláire Bíobla, agus an príomhfheidhmeannach reatha de Chomhairle Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí na RA léacht maidir le daonnachtaí agus aistriú eolais i mí na Samhna 2006; Thug an tOllamh Steven Uran, saineolaí ar stair nua-aoise na Fraince (CNRS Páras) agus an tOllamh  Sneja Gunew (Ollscoil British Columbia), scoláire idirnáisiúnta san ilchultúrachas, Aoi-léachtaí i mí an Mhárta agus i mí Bealtaine 2007.

Mar chuid den tiomantas níos leithne ag UCD scoláireacht ar chaighdeán idirnáisiúnta a chur chun cinn, bíonn UCD Press, atá nasctha le HII, i gcónaí ag forbairt mar cheannródaí sa mhargadh i dtaighde a bhaineann le hÉirinn, idir stairiúil is chomhaimseartha. Le linn na bliana acadúla 2006/07 rinne an Institiúid óstáil ar Ionad UCD don Léann Ceanadach ar bhonn eatramhach agus rinne an Institiúid bainistiú ar chlár ghníomhaíochtaí an Ionaid sin.

### Cuspóirí Amach Anseo

Díreoidh clár oibre taighde straitéiseach na hInstitiúide ar Éirinn sa chomhthéacs domhanda comparáideach. Tá sé beartaithe le clár dá leithéid go mbainfear úsáid as láidreachtaí iomadúla UCD sa Léann Éireannach agus Eorpach ar fud gach disciplín agus go mbainfear fónamh as an teacht atá ag an Institiúid ar líonraí in Éirinn agus ar líonraí idirnáisiúnta.

# Institiúid Uirbeach Éireann, UCD

Is é atá in Institiúid Uirbeach Éireann (IUÉ) ná ionad mar a ndéantar forbairt ar theicneolaíochtaí, ar pholasaithe agus ar smaointe nua le feabhas a chur ar chaighdeáin oibre agus ar chaighdeáin mhaireachtála. Bhí an tOllamh Eugene O'Brien in Stiúrthóir ar an Institiúid sa tréimhse tuairiscithe.

Seo a leanas na príoimhchuspóirí atá ag braislí taighde IUÉ :

- Fuinneamh agus an Timpeallacht Laistigh: cur leis an tuiscint atá ann ar an gcaoi le feabhas a chur ar fheidhmíocht an fhuinnimh agus na timpeallachta laistigh trí mheán an taighde acadúil agus fheidhmigh agus trí mheán an chomhoibrithe le comhpháirtithe sa rialtas agus i dtionscail;
- Iompar agus Bonneagar Iompair: modhanna nua agus feabhsaithe a fhorbairt le héascú a dhéanamh ar iompar éifeachtach daoine agus earraí;
- Timpeallacht Uirbeach: eolas agus tuiscint a chur chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht uirbeach a chuimsíonn caighdeán maireachtála agus sláinte, éiceolaíocht agus bithéagsúlacht, úsáid talún agus a impleachtaí, tuillte agus maolú ar an mbaol ó thuillte, seirbhísí uirbeacha lena n-áirítear uisce agus diúscairt dramhaíola;
- Polasaí Timpeallachta agus Tuaithe: ionad taighde idirnáisiúnta a fhorbairt a dhéanann anailís tuaithe agus timpeallachta, a bhfuil sainmheon ildisciplíneach mar bhonn is mar thaca aige a bheidh mar ardán don chur chuige comhtháite comhordaithe maidir le saincheisteanna lárnacha.



*Conor Lenihan TD, Aire Stáit le Stiúrthóir na hInstitiúide, An tOllamh Eugene O'Brien ag seoladh na bileoige eolais leis an Developing World Research*

## Dul Chun Cinn go dtí Seo

Thionóil roinnt grúpaí ildisciplíneacha agus chuibhreannais idirnáisiúnta agus cuireadh líon mór tograí faoi bhráid na bhfoinsí náisiúnta agus Eorpacha a chuireann maoiniú ar fáil. I measc na n-ábhar a ndeachaigh na tograí i ngleic leo bhí athrú aeráide, rialúcháin maidir le tógáil éifeachtach fuinnimh, todhchaí lasta bóthar san Eoraip, leabharlanna digiteacha agus samhaltú uirbeach.

Reáchtáil IUÉ seimineáir agus comhdhálacha ardphróifíle faoi scáth an mbraislí atá ann faoi láthair agus faoi scáth na réimsí nua atá ag teacht chun cinn. D'fhreastail 100 gnó mór, pleanálaithe sna húdaráis áitiúla, forbraitheoirí, cinnteoirí agus ionadaithe ón tionscal maoine ar sheimineár a reáchtáladh ar chánachas talún. D'fhreastail lucht éisteachta idirnáisiúnta ar chomhdháil a reáchtáil UCD i gcomhar le Coláiste na Tríonóide ar thaighde a bhain le droichid agus iompar. I mí na Nollag 2006, thug an tAire Stáit, Conor Lenihan cuairt ar sheoladh na bileoige eolais leis an Developing World Research Group.

Tá an líon mac léinn taighde ag dul i méid i gcónaí. Faoi láthair tá naoi dtaighdeoir iardhochtúireachta agus 127 mac léinn PhD agus Máistreachta Taighde ann. Sa bhliain 2006/07, chuir comhchomhatlaí agus mic léinn IUÉ níos mó ná 100 foilseachán ar fáil.

## Cuspóirí Amach Anseo

Bhí rath ar an Institiúid Uirbeach mar ar bhain sí amach Clár Taighde Céime IRCHSS/IRCSET (GREP) le clár PhD a chur ar bun san Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá an dámhachtain seo ar an gcéad cheann dá leithéid in Éirinn agus tá sé seo ag feitheamh le faomhadh ó Choiste Feidhmeach na Comhairle Taighde.

Cuirfidh an clár ceathrú leibhéal san Fhorbairt Inbhuanaithe céimithe ar fáil a bhfuil oiliúint faighte acu ionas go mbeidh siad ábalta modhanna teicniúla agus polasaí ó dhisciplíní éagsúla a chur i bhfeidhm maidir le fadhbanna casta a bhfuil a fhios acu nach bhfuil réiteach orthu. Tá an clár dírithe ar chéimithe atá ag smaoineamh ar dhul le taighde, ó raon disciplíní, agus a bhfuil spéis acu i dtaighde idirdhisciplíneach ar na dúshláin a bhaineann le Forbairt Inbhuanaithe. San áireamh ba chóir go mbeadh céimithe a bhfuil disciplíní éagsúla mar chúlra acu sna hEolaíochtaí Daonna agus Sóisialta agus sna hEolaíochtaí Beatha.

# Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh UCD

Is é misean na hInstitiúíde seo ná leanúint leis an traidisiún atá ann san fhoghlaim faoi stair agus faoi shibhialtacht na hÉireann a chuir na Proinsiasaigh Éireannacha ar bun sa 17ú haois; caomhnú a dhéanamh ar na lámhscríbhinní atá fós ar marthain agus na leabhair a thug Proinsiasaigh na hÉireann do UCD; bailiúchán a chur ar fáil mar uirlis taighde do scoláirí sa Léann Éireannach; feidhmiú mar acmhainn oideachais do scoláirí in Éirinn agus thar lear; agus spéis a mhúscailt in oidhreacht shaibhir na tíre ón stair in Éirinn. Is é an Dr John McCafferty stiúrthóir na hinstitiúide.

## Dul Chun cinn go dtí seo

Le linn 2006/07 chuir an Institiúid go mór lena chlár caomhnaithe agus lena stoc de lámhscríbhinní meánaoiseacha agus nua-aoise luaithe mar chuid de na comhaontuithe aistrithe atá aici le Proinsiasaigh na hÉireann. Tá Lámhscríbhinn A4, Acallam na Senórach, ar cheann de na téacsanna liteartha ó Éirinn na luath-aoise atá fós ar marthain agus is ón 16ú haois an chóip áirithe seo. Tá caomhnú na lámhscríbhinne seo ar cheann de na saothair is casta agus ar an gceann a thóg an méid is mó ama ar tugadh faoi riamh ar phár in UCD go nuige seo. Táthar i mbun caomhnú a dhéanamh faoi láthair ar lámhscríbhinní 'D', a dtugtar páipéir Wadding orthu go minic, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon. Bhí torthaí thar na bearta ar an obair a rinneadh ar an gcéad imleabhar, obair a rinne Susan Corr, agus beidh a cuid oibre mar bhunús le hobair bhreise ar an lámhscríbhinn iontach seo.

Ba í 2007 comóradh 350 bliain ar bhás Luke Wadding agus comóradh 400 bliain ar bhunú Choláiste N. Antaine i Lováin (Leuven na Beilge). Is í an Dr Edel Bhreatnach ón Institiúid an comhordaitheoir náisiúnta do chomóradh oifigiúil an rialtais ar na hócáidí seo, faoi scáth Roinn an Taoisigh. Is féidir breathnú ar an gclár iomlán imeachtaí a chuimsíonn an chuid is mó de na hinstitiúidí tríú leibhéal agus cultúrtha ag www.louvain400.eu. Ar na buaicphointí suntasacha atá san áireamh tá seoladh an fhéilire i mí na Nollag 2006 agus an chéad chur ar stáitse den St Francis Cantata le Michael McGlynn an 1 Márta 2007. Bhí sraith comhdhálacha agus seimineár in UCD agus in áiteanna eile, a sheol an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa sa Bheilg agus a sheol an Taoiseach, Bertie Ahern TD in Éirinn, múnlaithe mórthimpeall scoil samhraidh na hInstitiúide in Leuven i mí Bealtaine.

Leanadh leis an obair ar thionscadal a fuair maoiniú ó IRCHSS le catalógú a dhéanamh ar ábhar oidhreachta a bhain le hoird déirce bhochta in Éirinn. Táthar i mbun tástála ar mhíreanna nua a fuarthas, agus táthar ag súil an tionscadal a chur i gcrích mar a bhí beartaithe faoin spriocdháta, is é sin an 31 Eanáir 2008.

## Cuspóirí Amach Anseo

*Lógó chomóradh 400 Lováin*

Leanfaidh comóradh 400 Lováin le linn gheimhreadh 2007, mar a mbeidh ábhar á fháil ar iasacht maille le saineolas ón Institiúid chun taispeántais a chur ar siúl san Ard-Mhúsaem, sa Leabharlann Náisiúnta, i Músaem Phort Láirge, i Músaem Hunt agus taispeántas comhoibritheach a reáchtálfaidh UCD i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ag eascairt as aistriú os cionn 1,500 leabhar luatha cúige UCD, cuirfear tús le tionscadal comhoibritheach idir an Institiúid, Katholieke Universiteit Leuven agus Ollscoil Münster in earrach na bliana 2008 d'fhonn athstruchtúrú a dhéanamh ar stoc na leabharlainne ó na coláistí Proinsiasacha 17ú haoise i Lováin agus sa Róimh.



*Cailís Phroinsiasach*

# Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach, UCD

Cuireadh Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach, UCD ar bun le tacaíocht rialtas na hÉireann mar aitheantas ar an méid mór a rinne an tUachtarán William Jefferson Clinton ar son phróiseas na síochána in Éirinn. Tá an Institiúid, faoi stiúir an Ollaimh Liam Kennedy, tiomanta do chur chun cinn an taighde acadúil agus an chomphlé phoiblí i leith na Stát Aontaithe in Éirinn agus in áiteanna eile. An misean straitéiseach atá ag UCD ná idirnáisiúnú a dhéanamh ar chláir thaighde chun cláir idirdhisciplíneacha taighde agus oiliúna a chothú.

*Ag scoil samhraidh Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD bhí (ar cúl, ó chlé go deas):An tOllamh Donald Pease (Dartmouth College),An Dr Hamilton Carroll (University of Leeds) agus an tOllamh Liam Kennedy (UCD); (chun tosaigh, ó chlé go deas):An tOllamh Janet Davis (University of Texas), An tOllamh John Carlos Rowe (University of Southern California) agus an tOllamh Donatella Izzo (Ollscoil Naples,"L'Orientale")*

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Sa tréimhse 2006/07 reáchtáil an Institiúid seimineáir thaighde, léachtaí poiblí, siompóisiam agus comhdhálacha idirnáisiúnta. Ina measc bhí na comhdhálacha seo a leanas: The United States and Iraq: Reflections and Projections (Samhain 2006) agus Terrorism and the City (Eanáir 2007), agus bhí clúdach leathan sna meáin, idir theilifís is mheáin chlóite, ar an dá imeacht. I measc aoi-chainteoirí na bliana bhí: Mike Davis (Ollscoil California, Irvine), An tOllamh Marilyn Young (Ollscoil Nua-Eabhracy), An tOllamh Werner Sollors (Ollscoil Harvard), An tOllamh Donald Pease (Coláiste Dartmouth), agus an tOllamh John Carlos Rowe (Ollscoil California Theas).

Lean an Institiúid ag tacú le tionscadail tiomnaithe comhoibritheacha a bheadh ceannródaíoch sa chultúr taighde. Le linn na tréimhse 2006/07 chuir an Institiúid síolchaipiteal ar fáil do thionscadail sna SA agus i dTuaisceart Éireann, 1968-2000; War and American Identity; and The American-Irish – bhí gairmithe agus scoláirí Éireannacha agus idirnáisiúnta rannpháirteach i ngach ceann de na tionscadail.

Forleathnaíodh na cláir do chéimithe (MA agus PhD sa Léann Meiriceánacha) chun go mbeadh roinnt mhaith modúl nua atá comhroinnte le haonaid ghaolmhara i gColáiste Ealaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD a chuir feabhas ar an meascán ildisciplíneach.

I mí Iúil 2007 reáchtáil an Institiúid a chéad scoil samhaidh, sraith seachtaine de cheardlanna agus de léachtaí a thug le chéile 60 scoláire agus mac léinn dochtúireachta ó na SA agus ón Eoraip. Bhí ról tábhachtach ag an scoil samhraidh i bhforbairt stádas na hInstitiúíde mar phríomhionad don Léann Ceilteach agus fóram le haghaidh díospóireachtaí domhanda maidir le staidéar a dhéanamh ar stair, ar chultúr agus ar pholasaí eachtrach Mheiriceá.

I mí Eanáir 2007 bhog an Institiúid go hoifigí tiomnaithe i dteach Belfield, a ndearnadh athchóiriú air.



## Cuspóirí Amach Anseo

Leanfaidh Institiúid Clinton ar aghaidh ag tógáil a chlár do chéimithe agus a chlár taighde, agus i measc na ngníomhaíochtaí chun é sin a bhaint amach déanfar na nithe seo a leanas:

- Seolfar clár nua MA sa bhliain 2008/09 – déanfaidh an MA sna Meáin agus sa Choimhlint Idirnáisiúnta nasc a chruthú le tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón Institiúid agus bainfidh sé feidhm as taighde agus teagasc tras-institiúideach sa réimse seo;
- Deiseanna maoiniúcháin náisiúnta agus Eorpacha a lorg chun tacú le tionscadail taighde, agus cothú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua maoiniúcháin le hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun tacú le cláir for-rochtana agus cultúrtha;
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt leis na meáin agus le heagraíochtaí cultúrtha eile in Éirinn chun tacú le tionscadail na hInstitiúide. Sa tréimhse 2007/08 cuimseoidh sé seo comhoibriú leis an Temple Bar Cultural Trust chun maoiniú a fháil le comhdháil/féile a eagrú atá dírithe ar chaidreamh ceoil idir Éirinn agus na SA;
- Cur leis an gcomhoibriú idirnáisiúnta le hionaid barr feabhais sa Léann Meiriceánach, trí mheán tionscadail taighde chomhoibritheacha, scoil samhraidh na hInstitiúide agus malartú céimithe.

# Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD

Tá Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD díreach tar éis a chéad bhliain a chur i gcrích faoi stiúir an Ollaimh Colin Boreham. Cuireadh ISS ar bun mar chuid den fhís níos leithne spórt agus sláinte a chur chun cinn ar champas UCD agus do náisiún iomlán na hÉireann. Tá an ISS ann chun an uasfhónamh a fháil as feidhmíocht spórtúil agus sláinte in Éirinn ach eolaíocht a chur ar bun, a chur i bhfeidhm agus na torthaí a scaipeadh. Tairgeann an Institiúid raon seirbhísí idirdhisciplíneacha le haghaidh speictream leathan riachtanas. Ina measc tá sláinte phoiblí agus folláine agus barr feabhais i gcúrsaí spóirt, ag aithint go bhfuil ról riachtanach ag gníomhaíochtaí spóirt agus fisiceacha i bhfeabhas a chur ar fheidhm agus ar fheidhmíocht an duine.

De réir mar atá an institiúid ag déanamh a chuid teagaisc, taighde agus a fheidhmeanna seirbhíse, tá an institiúid faoi stiúir na bprionsabal seo a leanas:

- Seirbhísí teagaisc agus for-rochtana a sholáthar ar an gcaighdeán is airde;
- A dícheall a dhéanamh tús áite a bhaint amach i dtaighde idirnáisiúnta na heolaíochta spóirt.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Chomh maith leis an Ollamh Boreham, tá an tOllamh Giuseppe De Vito agus an Dr Brian Caulfield anois le ISS agus ceapadh an tOllamh Greg Whyte mar Aoi-Ollamh

Tá sé beartaithe comhbhaill foirne agus foireann lánaimseartha eile a cheapadh, lena n-áirítear síceolaí spóirt leis an IRFU/Comhairle Spóirt na hÉireann. Le bliain anuas d'fhoilsigh an fhoireann os cionn 40 alt piarmheasúnaithe, lena n-áirítear roinnt irisí a raibh ardtionchar acu. Tá roinnt tionscadal fós idir lámha agus bronnadh conradh de chuid an Bhoird Taighde Sláinte le déanaí chun iniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag gleacaíocht ar phian droma, agus an tionscadal faoi stiúir an Dr Deirdre Hurley-Osing.

Cuireadh ar bun BSc nua sa tSláinte agus sa Ghníomheolaíocht agus ghlac an chéad chohórt mac léinn a n-áiteanna sa bhliain 2007. I measc na bhforbairtí dáimhe tá athchóiriú ar an tsaotharlann fheidhmíocht dhaonna san fhoirgneamh  Phillips mar a bhí, mar aon leis an gcéad seachadadh trealaimh.

Bhí gach ball foirne páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí acadúla agus scoláireachta lena n-áirítear comhdhálacha a eagrú agus aoi-chainteanna a thabhairt, bheith rannpháirteach i gcoistí agus in eagraíochtaí seachtracha agus páirt a ghlacadh sa cheapadh polasaí ar bhonn náisiúnta.

## Cuspóirí Amach Anseo

Mar thír bheag, ní féidir rath spórtúil na hÉireann a bhunú ar chomórtas agus ar roghnú nádúrtha, ach caithfear é a threorú tríd na hacmhainní eolaíochta atá ann agus trí mheán na hardoiliúna. Ar an gcaoi chéanna, is léir anois gur féidir roinnt mhaith de na galair ainsealacha mhóra atá ag dul i bhfeidhm ar shláinte an phobail a chosc nó a fheabhsú ach tabhairt faoin ngleacaíocht chuí. Tabharfaidh ISS le chéile agus déanfaidh comhordú ar iarrachtaí uile a eolaithe agus a chleachtóirí a bhfuil saineolas suntasach acu agus móiminteam institiúideach UCD chun go gcruthófaí ionad iontach barr feabhais in Éirinn.



*Mac léinn leighis UCD, Joanne Cuddihy a bhaineann fónamh as saineolas agus tacaíocht Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD. Bhain sí curiarracht Éireannach nua amach sa rás 400 méadar sa Chomórtas Lúthchleasaíocht Domhanda sa tSeapáin i mí Lúnasa 2007 agus beidh sí ag rás ar son na hÉireann i gCluichí Oilimpeacha Bhéising sa bhliain 2008.*

I measc na sainchuspóirí tá earcaíocht sa bhreis a dhéanamh ar fhoireann ardleibhéil acadúil agus tacaíochta, naisc a chruthú le Forais Rialaithe Náisiúnta Spóirt maidir le soláthar seirbhíse spóirt, forbairt ar áis saotharlainne den chéad scoth san ISS, agus maoiniú sa bhreis a fháil chun tacú le gníomhaíochtaí taighde. Ar deireadh thiar, tabharfar tús áite do leanúint leis an bhfairsingiú ar chomhtháthú an BSc nua le teagasc, ar thaighde agus soláthar seirbhíse le comhpháirtithe, idir chomhpháirtithe laistigh de UCD agus comhpháirtithe lasmuigh den ollscoil.

## Institiúid Dhomhanda na hÉireann, UCD

Aithnítear i bPlean Straitéiseach UCD go gcaithfear Institiúid Dhomhanda na hÉireann a chur ar bun mar chuid den leas níos leithne ag an ollscoil i bpobal domhanda na hÉireann agus mar phríomhghné dá straitéis taighde i gcoitinne chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Réimsí láidreachta a shainaithint chun tús áite a thabhairt dóibh;
- Idirdhisciplineacht agus comhoibriú a chothú;
- Cláir thaighde a idirnáisiúnú.

Mar phríomhthéama taighde don ollscoil ainmníodh Léann Éireannach. Is é misean na hinstitiúide cláir thaighde a sholáthar mórthimpeall an téama seo ar cláir iad a bhaineann úsáid as an stoc cartlainne ar leith atá ann agus tacú le raon cumais agus saineolais laistigh de UCD. Is é an Dr Brian Jackson stiúrthóir na hInstitiúide.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

D'éirigh leis an Institiúid maoiniú a dhaingniú, dar luach €2.6 milliún faoi thimthriall 4 den PRTLI, do chláir thaighde maidir le hÉirinn Dhomhanda mar chuid den chuibhreannas taighde comhoibritheach, an tionscadal Humanities Serving Irish Society, ailíniú straitéiseach ar thionscadail taighde i ndaonnachtaí na hÉireann ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Ollscoil na hÉireann Maigh Nua, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, faoi scáth Acadamh Ríoga na hÉireann.

Seo a leanas aidhmeanna chlár na hInstitiúide:

- Claochlú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar staidéar ar Éirinn;
- Ath-shamhlú a dhéanamh ar an gcoincheap 'ollscoil';
- Nasc a sholáthar don scoláireacht, don pholasaí agus don rannpháirteachas gníomhach sa tsaoránacht.

Féachann an clár taighde le dul thar na teorainneacha traidisiúnta a bhain i gcónaí le cláir 'Léann Éireannach' agus breathnú ar Éirinn sa chomhthéacs comparáideach idirnáisiúnta ag baint úsáide as chur chuig modheolaíochta ar fud raon disciplíní sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta.

Sainaithníodh ceithre phríomhthéáma laistigh den chlár:

- Coiscéimeanna na hÉireann: oidhreacht agus tírdhreach;
- Céannachtaí Éireannacha: cur i láthair cultúrtha agus teangeolaíoch;
- An Stát agus an tSochaí: forbairt stairiúil agus dúshláin chomhaimseartha;
- An t-eispéireas Éireannach: réiteach coimhlinte eitnea-náisiúnta, comhtháthú polaitiúil agus forbairt eacnamaíochta i gcomhthéacs na hÉireann-na Breataine, na hEorpa agus sa chomhthéacs domhanda.

Tarlóidh an chéad bhabhta earcaíochta le haghaidh na bpost iardhochtúireachta agus dochtúireachta faon gclár seo sa bhliain 2008.

Roimhe seo, chuir an Institiúid imleabhar d'aistí gearra ar fáil chun misean ma hInstitiúíde a shoiléiriú, chun go gcuirfí ar bun branda na hInstitiúide laistigh den chomhthéacs 'Léann Éireannacha' agus chun athdhearbhú a dhéanamh ar ról na hollscoile i gcruthú fóraim don idirghníomhú scoláireachta, polasaí agus rannpháirtíochta saoránachta.

Rinne an Institiúid óstáil ar an 59ú Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta i mí Iúil 2007. Dhírigh an clár ar pholasaí eachtrach na hÉireann idir 1919 agus 2006 agus d'amharc sé ar an bhforbairt a tháinig ar Éirinn trí mheán phriosma an pholasaí eachtraigh agus an chaidrimh idirnáisiúnta. Bhí an clár faoi stiúir an Ollaimh Michael Kennedy, eagarthóir feidhmeach na sraithe Documents on Irish Foreign Policy de chuid Acadaimh Ríoga na hÉireann agus rinne painéal de shaineolaithe oirirce UCD an cur i láthair, maille le saineolaithe ó ollscoileanna eile in Éirinn, sa Bhreatain agus ó na Fórsaí Cosanta.

### Cuspóirí Amach Anseo

Beidh formáid na scoile mar theimpléad do scoileanna samhraidh eile amach seo. Tá sé beartaithe go mbeidh plandú agus eisimirce mar théama ag scoil samhraidh 2008.

Tá an Institiúid tar éis gealltanas a dhaingniú le gur féidir leis maoiniú a dhéanamh ar shraith léachtaí poiblí agus ar shiompóisiam maidir le heolas agus an saoránach.

## Ionad na hÉireann don Léann Síneach/Institiúid Confucius na hÉireann UCD

Cuireann an tIonad le cuspóirí straitéiseacha UCD ach cur chun cinn a dhéanamh ar a phróifíl idirnáisiúnta i réimsí na hearcaíochta ar mhic léinn agus an taighde. Chomh maith leis sin, déanann sé comhordú ar raon cúrsaí agus clár céime agus déanann iad a fhorbairt ar cúrsaí agus cláir iad a cuireadh ar bun chun eolas agus tuiscint níos fearr a chothú ar an tSín. Faoi stiúir a Stiúrthóra, An Dr Liming Wang, an aidhm atá ag an Institiúid ná oibriú leis an rialtas, le gnóthaí agus leis an lucht acadúil in Éirinn agus sa tSín chun naisc oideachais, chultúrtha agus thráchtála níos daingne a chruthú idir an dá thír.

Seo a leanas príomhchuspóirí an Ionaid:

- Méadú ar líon na mac léinn Síneach a earcaítear trí mheán na gclár comhpháirtíochta;
- Céimeanna a thairiscint do mhic léinn Éireannacha sa Léann Síneach;
- Próifíl taighde idirnáisiúnta sa Léann Síneach a fhorbairt;
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt na nasc eacnamaíochta agus cultúrtha eile idir Éirinn agus an tSín;
- Seirbhísí comhairliúcháin gairmiúla a sholáthar don rialtas agus do ghnóthaí.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Ceann de na clocha míle is mó a tharla i rith na bliana ná nuair a sheol Leas-Phríomhaire na Síne Zeng Peiyan Institiúid Confucius na hÉireann, UCD, an 26 Meán Fómhair 2006. Tá an Institiúid tiomanta do chur chun cinn agus d'fhorbairt na Sínise, chultúr na Síne agus gnóthaí na Síne. Is comhfhiontar é de chuid Oifig Chomhairle Idirnáisiúnta na Sínise, Ollscoil Renmin , an tSín agus UCD.

Bhí rath ar an BComm (Léann Síneach) a reáchtáladh, mar ar chuir an Institiúid 12 mhodúl ar fáil den chéad uair in Éirinn. Glacadh le 159 iarratasóir ar an gclár sa bhliain 2006 agus bronnadh 14 áit. Bhí méadú 40% ar líon rannpháirtithe sa bhliain 2006, mar ar chuir 223 duine isteach air agus bronnadh 19 n-áit.

Chomh maith leis sin, cuireadh tús le cúig chlár for-rochtana agus is féidir le mic léinn UCD agus an pobal i gcoitinne cur isteach orthu. I measc na gclár sin tá cláir Sínise, ha healaíona comhraic agus peannaireachta.

Reáchtáladh comhdháil idirnáisiúnta, ar fhreastail os cionn 130 toscaire uirthi as 13 thír uirthi, agus ba é seo an teacht le chéile is mó riamh in Éirinn, chun iniúchadh a dhéanamh ar na forbairtí eacnamaíochta, cultúrtha, sóisialta agus polaitíochta is déanaí sa tSín.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí cultúrtha, an Beijing Opera san áireamh, chun feasacht chultúrtha a chur chun cinn maidir le héagsúlacht, stair agus traidisiúin na Síne.

Rinneadh suirbhé ar leas na scoileanna dara leibhéal maidir le Sínis a bheith á múineadh mar theanga iasachta. Fuarthas aiseolas dearfach agus mar thoradh air sin tá roinnt scoileanna dara leibhéal ag tosú ceachtanna Sínise agus gníomhaíochtaí cultúrtha do idir mhic léinn is mhúinteoirí. Tá na múinteoirí uile bainteach leis an Ionad.

### Cuspóirí Amach Anseo

- Seolfar dhá chlár nua do chéimithe - MSc i Staidéar Gnó Síneach sa bhliain 2008 agus MA sa Léann Comhaimseartha Síneach sa bhliain 2009;
- Déanfar fairsingiú ar an BComm sa Léann Síneach atá ann cheana féin chun ábhair eile a chur san áireamh;
- Comhoibriú idirnáisiúnta sa bhreis a chur chun cinn agus fiú feasacht níos mó in Éirinn ar an tSínis agus ar chultúr na Síne;
- Teagasc agus taighde ar Léann Síneach laistigh de UCD agus in Éirinn i gcoitinne a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- Seirbhísí a sholáthar don phobal agus do na hearnálacha príobháideacha a dhéanfaidh éascú ar fheabhas a chur ar chaidrimh agus daingniú a dhéanamh ar an naisc eacnamaíochta idir Éirinn agus an tSín;
- Deiseanna nua maoiniúcháin a lorg;
- Idirchaidreamh níos mó a bheith ann le cinnteoirí, mar a gcuirfí níos mó fianaise chéad láimhe ar fáil a bheadh mar bhonn agus mar threoir do cheisteanna polasaí agus a mbeadh tionchar acu ar chinntiú polasaí.



*Baill de Chuideachta Opera Bhéising ón tSín a bhí ar stáitse in UCD i mí an Mhárta 2007*

# NovaUCD – An tIonad um Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta

Ar cheann de mhórstraitéisí UCD tá cur leis na cuspóirí sóisialta, eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le sochaí an eolais. Maidir leis sin, seo a leanas príomhbhearta a ainmníodh i bPlean Straitéiseach UCD le haghaidh NovaUCD, Ionad um Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta na hollscoile:

- Tús a chur le clár um bainistiú eolais;
- Maoin intleachtúil UCD a ainmniú agus a chosaint;
- Tráchtálú a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil UCD trí mheán an cheadúnaithe agus leis na seach-chuideachtaí;
- Oiliúint a chur ar fhoireann UCD san aistriú eolais agus sa fhiontraíocht ach comhtháthú a dhéanamh ar NITM (National Institute of Technology Management) le NovaUCD;
- Comhpháirtíochtaí corparáideacha a chur ar bun le ghnóthaí agus le tionscail chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí taighde.

Tá an Bord faoi chathaoirleacht Paul McCambridge atá ina Leas-Uachtarán agus ina Stiúrthóir Bainisteoireachta ar Xilinx maoirseacht ar ghníomhaíochtaí NovaUCD agus tá ionadaithe sinsearacha ó UCD, ó thionscail, urraitheoirí NovaUCD agus gníomhaireachtaí a chuireann maoiniú don taighde ar fáil ar an mbord freisin. Is é an Dr Pat Frain stiúrthóir NovaUCD.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Tá NovaUCD freagrach as cur i bhfeidhm pholasaí um mhaoin intleachtúil UCD agus tacú le forbairt a dhéanamh ar chonair láidre leis an mhaoin intleachtúil sin a chur i bhfeidhm. Baineadh amach na spriocanna go léir a bhí leagtha amach don tréimhse 2006/07 maidir le hainmniú, cosaint agus tráchtálú ar mhaoin intleachtúil UCD, go príomha trí mheán na gcuideachtaí nua agus seanbhunaithe.

Le linn na bliana, chuir UCD feabhas ar a pholasaí maidir le maoin intleachtúil University College Dublin, Intellectual Property Policy and Procedures, a ndearna Údarás Rialaithe UCD faomhadh air, agus seoladh é. Tá sé beartaithe leis an bpolasaí seo tacú go gníomhach le tráchtálú mhaoin intleachtúil na hollscoile sa chaoi is go gcinnteofar go mbainfear an t-uaséifeacht as ar mhaithe leis an tsochaí agus ar mhaithe le geilleagar na hÉireann, fad is a mhéadaítear go suntasach na dreasachtaí airgeadais dóibh siúd a chruthaíonn maoin intleachtúil.

Tá an leibhéal caiteachas ar T&F ag dul i méid in UCD agus mar seo táthar ag tiomáint mhéadú líon na nochtaí aireagán agus deiseanna tráchtálaithe eile. Le bliain anuas mhéadaigh an líon nochtaí aireagán a d'fhógair NovaUCD ó 29 mar a bhí ann an bhliain roimh ré go 44. Is léiriú é seo ar an méadú suntasach a tháinig ar leibhéal na maoine intleachtúla a d'fhéadfaí a ghiniúint ar fud na hollscoile óna cláir thaighde. Chomh maith leis sin, chomhdaigh UCD seacht n-iarratas ar phaitinní anuraidh ar fud gach réimse den ollscoil agus comhdaíodh seacht bpaitinn PCT (Patent Co-operation Treaty) agus ceithre iarracht ar phaitinní náisiúnta/réigiúnach. Le linn 2006/07, síníodh sé cinn de chomhaontuithe ceadúnaithe le cuideachtaí Éireannacha agus le cuideachtaí idirnáisiúnta.

Ag deireadh na bliana, bhí 23 cuideachta dianeolais ann, in ionann sin agus 85% den spás cothaithe fiontar atá in Ionad NovaUCD. Ag teacht le straitéis NovaUCD's de bheith i gcónaí ag athnuachan a phobail fiontraithe, fuair sé chuideachta ó NovaUCD a 'gcéim' le linn na bliana agus dá bhrí sin bhí spás ann le haghaidh fiontair nua.

## Nithe suntasacha atá bainte amach

Táthar ag cur go mór le foireann teicneolaíochta NovaUCD tar éis do Fhiontraíocht Éireann a fhógairt go bhfuil sí chun beagnach €3 mhilliún a infheistiú thar an gcéad chúig bliana eile chun oifig aistrithe teicneolaíochta UCD a fhorbairt. A bhuíochas leis an infheistiú is féidir le NovaUCD triúr eile a fhostú a bhfuil saineolas agus taithí acu in aistriú teicneolaíochta agus daoine eile a fhostú chun tabhairt faoi chonarthaí a bhainistiú agus faoi thacaíocht riaracháin.

D'éirigh le roinnt cuideachtaí atá lonnaithe in NovaUCD airgead a fháil le linn na bliana chun tionscadail a mhaoiniú. D'éirigh le BiancaMed – cuideachta um theicneolaíocht sláinte ar seach-chuideachta í de chuid Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD €2.5 milliún a dhaingniú ó DFJ ePlanet Ventures agus ó infheisteoir reatha eile ResMed. Visor, agus chuir an chuideachta um réitigh chuntasaíochta idirlíon-bhunaithe i gcrích babhta cothromais €1 mhilliún ó Fhiontraíocht Éireann agus ó infheisteoirí príobháideacha.

Bhí Aonta Technologies, cuideachta de chuid NovaUCD, ina comhbhuaiteoir ar Chraobh Réigiúnach Bhaile Átha Cliath 2006 de Chomórtas Uile-Éireann Seedcorn de chuid InterTradeIreland. Tá Aonta ag baint úsáide as dul chun cinn i réimse na teicneolaíochta chun áiseanna comhdhálacha bunaithe a úsáideann meáin chumarsáide den chuid is mó, a fhorbairt d'fhiontair dhomhanda agus do mhargadh an tsoláthraí seirbhíse.

Tá an Ciste Síolchaipitil €30 milliún de chuid AIB lonnaithe in NovaUCD agus é a chómhaoiniú ag AIB agus ag Fiontraíocht Éireann. Ba é seo an chéad chiste a cuireadh ar bun faoi Scéim Síolchaipitil agus Fiontraíochta €175 milliún Fhiontraíocht Éireann don tréimhse 2007-2012.

Seo é an 12ú bliain ag Clár Forbartha Cuideachtaí Campais de chuid NovaUCD a bheith ag soláthar tacaíochta do 11 chuideachta nuabhunaithe ardteicniúla atá ag forbairt coincheapa chun fiontair forbartha atá ar bhonn maith tráchtála a chruthú.

Bhronn Fitfone an Gradam Forbartha do Chuideachta Campais, a reáchtálann NovaUCD. Chuir an Dr Conor O'Brien Fitfone ar bun, mar ar dhear agus ar fhorbair sé ardán teicneolaíochta agus mar a bhfuair sé paitinn don teicneolaíocht sin – teicneolaíocht a chuireann ar chumas an



*An Dr Conor O'Brien, buaiteoir ar ghradam um Fhorbairt Cuideachta*



*Tá NovaUCD lonnaithe i dteach álainn ón 18ú haois ar champas na hollscoile. Tá na foirgneamh geal, oscailte agus ar ardchaighdeán le spás comhroinnte mar ar féidir le pobal na bhfiontraithe aithne a chur ar a chéile, idir aithne ar bhonn foirmiúil is aithne ar bhonn neamhfhoirmiúil*

fhóin phóca cianrochtain a fháil ar mheasúnú sláinte agus folláine rud a chuireann le hionchas saoil an duine.

Tá raon tionscnamh ann chun feasacht a spreagadh ar fud an champais lena n-áirítear forbairt ar mhodúil PhD ar thráchtálú ar aischuir taighde agus ar chláir oiliúna eile a cheapann agus a reáchtálann NovaUCD.

Ceapadh an Dr Pat Frain, Stiúrthóir NovaUCD ina chathaoirleach ar Chomhairle AURIL (Association of University Research and Industry Links). Is cumann gairmiúil é AURIL a dhéanann ionadaíocht thar ceann na ngairmithe san Aistriú Eolais in Éirinn.

## Cuspóirí Amach Anseo

An fhís atá ag NovaUCD's ná tús áite a bheith aige i dtráchtálú an taighde agus gníomhaíochtaí dianeolais eile ar mhaithe leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Ag tógáil ar an rath a bí ar an aistriú teicneolaíochta agus ar fhorbairt na gcuideachtaí campais, cheap NovaUCD plean uaillmhianach cúig bliana agus i measc cuspóirí an phlean sin tá siad seo a leanas:

- Maoin intleachtúil a aithint go luath, a ghabháil, a chosaint agus a thráchtálú;
- Fiontraíocht a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar chuideachtaí campais le béim ar leith á leagan ar sheach-chuideachtaí UCD;
- Socruithe comhoibriúcháin agus comhpháirtíochta a fhorbairt le tionscail;
- Cur le feasacht agus le heolas ar thráchtálú agus cultúr nuálaíochta agus fiontraíochta a chruthú.





*An tOllamh Ciaran Regan*

## Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2007

Bronnadh gradam Nuálaíochta NovaUCD ar an Ollamh Ciaran Regan mar aitheantas ar an rath a bhí air nuair a chuir sé ar bun naisc straitéiseacha chomhoibreacha lárnacha le tionscail agus sa tráchtálú ar thaighde naineolaíochta.

I measc na nithe a bhain sé amach go dtí seo d'éirigh leis maoiniú €10 milliún a dhaingniú ó Wyeth Discovery agus ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun Grúpa Taighde sa Néaraitheiripe Fheidhmeach a chur ar bun in UCD a bhfuil mar aidhm aige spriocanna néaraiteiripe a aithint. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an nasc seo sa chinneadh a rinne Wyeth ina dhiaidh sin chun áis um airgeadh drugaí bith-theiripe dar luach €13 milliún a bhunú in UCD.

Dhírigh a thaighde ar thuiscint a fháil ar mheicníochtaí phlaisteachas na hintinne agus fónamh a bhaint as na meicníochtaí seo mar spriocanna do dhrugaí nua. Is a ainm atá luaite leis na haireagáin i gcás sé phaitinn de chuid UCD agus chomh maith leis sin comhbhunaigh sé seach-chuideachta UCD Berand Neuropharmacology sa bhliain 2004 atá ag forbairt teiripelaíocht nua chun cóireáil a chur ar dhaoine le huathachas agus daoine a bhfuil iomarca meáchain orthu.



5

# Eispéireas den Chéad Scoth a Sholáthar do Mhic Léinn

Déanaimid ár ndícheall in UCD deiseanna a sholáthar do gach uile mhac léinn forbairt a dhéanamh ar a n-eolas, a n-inniúlacht agus a luachanna a chuideoidh leo ina saol. Ní hé amháin go ndírítear ar bharr feabhais a bhaint amach i gcúrsaí acadúla, ach dírítear freisin ar dheiseanna a sholáthar do mhic léinn tuiscint níos fear a fháil ar an tábhacht a bhaineann le hidirnáisiúntú, le héagsúlacht, le rannpháirtíocht sa phobal agus le saoránacht ghníomhach.

Tá áiseanna den chéad scoth ag UCD do mhic léinn mar a gcuireann os cionn 50 club spóirt agus breis is 110 cumann deiseanna ar fáil do mhic léinn bualadh le daoine, spéiseanna agus scileanna a fhorbairt agus a bheith gníomhach i bpobal UCD.

A luaithe is a thosaíonn mac léinn le UCD tosaíonn siad amach ar aistear fionnachtana atá dúshlánach ach rathúil. Tacaíonn an bonneagar gairmiúil cúraim leis an aistear sin. Cuireann UCD acmhainní cuimsitheacha comhordaithe ar fáil chun a chinntiú go bhfuil daoine, áiseanna agus líonraí ar an gcaighdeán is airde ar fáil chun tacú leis an mic léinn.



Forbairt ar Áiseanna

Cur le Rannpháirteachas

Cúnamh Airgid do Mhic Léinn

Crèche UCD

Leabharlann UCD

Seirbhísí TF UCD

Sláinte agus Leas na Mac Léinn UCD

Tacaíocht do Mhic Léinn UCD

Spóirt UCD

Ceol

Cumainn na Mac Léinn

Rannpháirteachas Pobail

Gairmeacha agus Fostaíocht

# Forbairt ar Áiseanna

An t-idéal ná go dtacódh ollscoil le cónaí agus le foghlaim an mhic léinn ar an gcampas. Ag tabhairt aitheantais don tábhacht a bhaineann le pobal a chruthú, tá fís curtha ar bun ag an ollscoil de champas a chuireann timpeallacht shaibhir spreagúil ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus do chuairteoirí.


## Tionscadal Gateway, UCD

Mar bhunchuid de straitéis UCD tá láthair campais bríomhar a bhunú, atá tacaithe ag gníomhaíochtaí acadúla agus cultúrtha araon, agus atá comhtháite go maith lena chomharsana agus leis an bpobal gnó.

Mar chuid den tionscadal Gateway, UCD, seolfar ré nua den saol ar champas Belfield ach conláistí nua cultúrtha agus sóisialta a thabhairt, Ionad Fáilte UCD agus halla taispeántais, pictiúrlann, bialanna agus asraoin mhiondíola, cóiríocht ar an gcampas do mhic léinn, áiseanna tráchtála, óstáin agus áiseanna comhdhála.

Saibhreoidh Gateway eispéireas iomlán an mhic léinn, cuirfear áiseanna fairsinge ar fáil don fhoireann agus cuirfidh sé creat ar fáil le gur féidir le UCD a bheith níos rannpháirtí ar bhonn gníomhach sa phobal áitiúil agus cur le forbairt shóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta chathair Bhaile Átha Cliath agus chontae Dhún-Laoghaire-Ráth an Dúin.

Bhuaigh an gnólacht Ingenhoven Architects, atá lonnaithe in Dusseldorf na Gearmáine, an duais sa chomórtas ailtireachta idirnáisiúnta don tionscadal Gateway. Tá cáil ar Ingenhoven Architects toisc a gcur chuige ardteicniúil maidir le dearadh inbhuanaithe ar fhoirgnimh. Chuir siad máistirphlean ar fáil do UCD – plean ar glacadh leis amach is amach agus a bhfuil morcháil air, don cheantar Gateway. Beidh foirgnimh Gateway mar bhonn is mar thaca d'fhís na hollscoile don todhchaí.



*Léiriú Ailtire ar fhorbairt Gateway UCD*

## Tionscadail i gcrích agus tionscadail atá fós idir lámha

### Ionad Eolaíochta UCD

Mar chéad chéim san athdhearadh ar Ionad Eolaíochta UCD a thosaigh le hIonad Eolaíochta Theas bhí bonneagar ar ardchaighdeán a sholáthar don cheimic shintéiseach agus do ghníomhaíocht ghaolmhar. Tosófar ar shuiteáil an aghaidh nua foirgnimh agus ar threalamh na saotharlainne i mí Eanáir 2008 agus tá sé beartaithe an tionscadal a bheith i gcrích i mí Mheán Fómhair 2008.  Tá sé beartaithe leis an Ionad Eolaíochta nua do UCD go mbeidh acmhainn claochlaithe ann d'eolaíocht in Éirinn, mar a gcuirfear áiseanna ar fáil a mheallfaidh na mic léinn, na céimithe agus an fhoireann is fearr ó réimsí na heolaíochta agus na hinnealtóireachta..

Tacóidh An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI), Timthriall 4 le maoiniú a chur ar fáil d'Eolaíocht UCD ionas gur féidir na gnéithe deireanacha den Ionad Eolaíochta Theas a chur i gcrích. Mar chuid den athfhorbairt beidh soláthar na gclár naineolaíochta, bithchógaisíochta, bia agus sláinte a fhaigheann maoiniú.

Tá sé beartaithe go mbeidh an t-athdhearadh iomlán ar Fhoirgneamh Ionad Eolaíochta Theas i gcrích go luath sa bhliain 2010.

### Eolaíochtaí Sláinte UCD


Cuireann Ionad Eolaíochtaí Sláinte UCD áiseanna den chéad scoth ar fáil sna disciplíní seo a leanas: leigheas, altranas, cnáimhseachas, fisiteiripe, agus íomháú diagnóiseach. Tá cónascadh na dtrí dhisciplín seo mar chur i gcrích ar cheann de chuspóirí UCD comhtháthú agus daingniú a dhéanamh ar na cláir oibre taighde. Is é Leabharlann na nEolaíochtaí Sláinte an lárshaoráid shuntasach.

Cuireann dearadh an fhoirgnimh san áireamh na haidhmeanna timpeallachta atá ann laghdú ar na riachtanais atá ann le haghaidh aerú meicniúil, chun an t-uasfhónamh a bhain as solas an lae agus feidhmíocht an fhuinnimh san fhoirgneamh ag amanna éagsúla le linn na bliana.

### Scoil Ghnó UCD

Rinneadh athchóiriú iarshéipéal champas na Carraige Duibhe, a tógadh sa bhliain 1894, a chur i gcrích i mí Eanáir 2007. A bhuíochas leis sin tá timpeallacht foghlama úrscothach anois ag an Scoil Ghnó a thagann lena stádas mar institiúid oideachais ghnó den chéad scoth. Beidh ról lárnach ag an áis nua seo i measúnú a dhéanamh ar an gclár oibre taighde atá ag Coláiste Gnó agus Dlí UCD agus ag an ollscoil i gcoitinne.

*Ionad Eolaíochta UCD le códú le dathanna chun pasáil féideartha na tógála a chur in iúl*





*Teach Belfield*

## Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD

Sa bhliain 2002 fuair UCD an coimpléasc a bhí ag Philips in Newstead. Tá céatadán mór de na foirgnimh ar an suíomh anois curtha in oiriúint le gur féidir le Scoil Ailtireachta, Tírdhreacha agus Innealtóireachta Sibhialta UCD iad a úsáid do chuspóirí acadúla.

Tar éis Chéim 1 den fhorbairt is féidir Richview a úsáid anois mar phríomhbhail na dtrí dhisciplín laistigh den Scoil. Toisc go bhfuil an coimpléasc a bhíodh ag Philips gar do Scoil Richview is féidir anois an dá shuíomh a chónascadh chun coimpléasc amháin a chruthú. Toisc go bhfuil sé lonnaithe idir an príomhchampas agus Richview, is féidir an chuid seo den champas a oscailt.

Thosaigh an obair athchóiriúchán i mí Bealtaine 2006 agus cuireadh an obair sin i gcrích i mí Iúil 2007.

## Foirgneamh Taighde UCD

Is síneadh é Foirgneamh Taighde dhá stór UCD ar Fhoirgneamh Tierney a bhí ann ó na 1970í luatha i leith. San fhoirgneamh nua seo tá spás oifige, taispeántais, tionscadail agus seomraí cruinnithe a dearadh chun tacú leis an bpobal taighde. Cuireadh tús leis an obair thógála go luath sa bhliain 2006 agus cuireadh an obair sin i gcrích i mí Eanáir 2007.

Is siombail é an foirgneamh nua, ag croílár an champais, de thiomantas UCD tógáil ar an taighde den chéad scoth agus an tábhacht níos mó is níos mó a bhaineann le taighde mar chuid de mhisean straitéiseach na hollscoile.

Baineadh amach an dath spleodrach ar an bhfoirgneamh a bhuíochas le cumhdra copair, agus réitíonn cruth agus línte an fhoirgnimh go maith le Bunfhoirgneamh Tierney.

## Tionscadal Athnuachana Newman agus Daonnachtaí

Is é Foirgneamh Newman an foirgneamh acadúil is mó ar champas Belfield agus tacaíonn sé leis an díorma is mó de mhic léinn agus de bhaill foirne. Baineadh an chéad úsáid as an bhfoirgneamh seo sna 1970í agus níor tháinig mórán athraithe ar an bhfoirgneamh ó shin i leith. Leagan cur i bhfeidhm na gclár modúlaithe agus an chuir chuige chomhoibrithigh i leith an taighde béim ar an ngá atá ann feabhas a chur ar an bhfoirgneamh agus é a athnuachan ionas gur féidir tacú le riachtanais acadúla nua.

Cuireadh an tionscadal seo ar bun chun feabhas a chur ar an eispéireas a bhaineann an fhoireann, na mic léinn agus an pobal araon as an bhfoirgneamh, agus tacaíonn sé le pleananna acadúla na Scoileanna agus na gColáiste.

Ceanglóidh an deic nua i mbealach isteach Fhoirgneamh Newman na ceantair éagsúla do choisithe lena n-áirítear Gairdín James Joyce agus an bealach isteach nua le céimeanna chuig Foirgneamh Newman.

Cuireadh tús le sraith miontionscadal eile san Fhoirgneamh i lár 2007. Táthar ag ullmhú na gcáipéisí faisnéise chun an Tionscadal Foriomlán Athnuachana Newman agus na Daonnachtaí a threorú.

## Teach Belfield

Sa bhliain 1934, cheannaigh UCD Teach agus tailte Belfield chun ionad spóirt agus páirceanna imeartha a sholáthar, mar ar tháinig campas Belfield ar an saol. Ina dhiaidh sin, d'fhorbair an ollscoil a champas agus cuireadh tailte comharsanachta eile leis.

Tógadh an foirgneamh sa bhliain 1801, is foirgneamh caomhnaithe é agus tá sé fós gan

*Dearadh Ailtire ar an gcrèche Thornfield nua*



smál, a aolchloch athchóirithe tar éis athchóiriú mór a dhéanamh ar a dhíon, ar aghaidh an fhoirgnimh agus ar an taobh istigh. A bhuíochas le tionscadal athchóirithe íogair tá seomraí an fháiltithe anois á n-úsáid mar a bhíodh nuair a tógadh an foirgneamh ar dtús.

Cuireadh i gcrích an fhorbairt ar Theach Belfield chun cóiríocht riaracháin agus fáiltithe a sholáthar d'Institiúid William Jefferson Clinton don Léann Meiriceánach go luath sa bhliain 2007.

## Líomatáiste Ionad na Mac Léinn

Cuirfidh forbairt ar Líomatáiste Ionad na Mac Léinn rochtain bhreise ar fail ar raon leathan caithimh aimsire cultúrtha agus fóillíochta.

Mar chuid de thionscadal an Líomatáiste déanfar leathnú ar Ionad Mac Léinn UCD sa bhliain 2000. Mar chuid den fhorbairt nua beidh stiúideo damhsa, téatar drámaíochta, ionad díospóireachta, spás le haghaidh coirmeacha ceoil, ionad ilmheáin, ionad gleacaíochta agus linn snámha. Chomh maith leis sin, mar chuid den fhorbairt cuirfear carrchlós ilstóir agus an bonneagar a bhaineann leis sin ar fáil. Táthar ag súil go n-osclófar an foirgneamh faoi mhí na Nollag 2009.

Tá sé beartaithe go n-úsáidfear Linn Snámha UCD mar ionad traenála le spás le haghaidh tuairim is 300 duine. Cuirfidh an linn snámha 50 méadar áis áineasa/fóillíochta ar fáil do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne agus bainfidh roinnt clubanna spóirt ina measc clubanna curachóireachta áireamh, rámhaíochta, fo-uisce, snámha agus peil uisce úsáid as an áis. Chomh maith leis sin, beidh an áis ina chuid den bhonneagar chun go ndéanfar forbairt ar shnámh mar spórt in UCD agus é mar chuspóir eile stádas éilite a bhaint amach.

## Crèche Thornfield

Táthar ag baint an méid úsáide agus is féidir as an crèche ag Rosemount. Mar thoradh air seo chuir an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí deontas ar fáil i dtreo na gcostas a bheadh ar an dara crèche a thógáil ar champas Belfield.

## UCD Bowl

Tá forbairt á dhéanamh i láthair na huaire ar UCD Bowl ionas go mbeidh airéine spóirt allamuigh ar ardhchaighdeán ar fáil le haghaidh sacair agus rugbaí. Freastalóidh an áis ar an dá spóirt agus comhlíonfaidh sí caighdeáin UEFA agus IRB maidir dromchlaí imeartha agus maidir le compord agus sábháilteacht lucht féachana. Déanfar soilsiú a shuiteáil chun freastal ar imeachtaí istoíche.

Cuireadh Céim I den tionscadal seo i gcrích i mí Mheán Fómhair 2007. Leithdháileadh €1.25 milliún ar UCD sa bhliain 2006 mar chuid de scéim deontais chaipitil na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Déanfaidh an obair seo comhlánú ar an bhforbairt a rinneadh le déanaí ar an bPailliún Spóirt, áit a bhfuil seomraí gléasta úrscothacha. Cuireadh an áis seo ar fáil ar bhonn straitéiseach chun freastal ar riachtanais athraithe éadaí na lúthchleasaithe a bhíonn ag imirt sa Staidiam haca agus in UCD Bowl.

Cuireadh tús le soláthar áiseanna páirceanna imeartha sintéiseacha i mí an Mheithimh 2007 agus táthar ag súil é sin a bheith i gcrích go déanach sa bhliain 2007. San áireamh sna háiseanna seo beidh páirc imeartha rugbaí ag teacht le caighdeáin iomlána an IRB agus an chéad pháirc imeartha le dromchla sintéiseach, faofa ag an CLG, le haghaidh cluichí Gaelacha in Belfield.

### Eolaíochtaí Sláinte Céim 3 – An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

Cuireadh tús leis an tógáil ar chéim 3 de Choimpléasc na nEolaíochtaí sláinte i mí Lúnasa 2006 agus beifear in ann tosú á úsáid go déanach sa bhliain 2007.

Cuirfidh an chéim seo de Choimpléasc na nEolaíochtaí Sláinte cóiríocht ar fáil don Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (LBSB). Cinntíonn athlonnú an LBSB chuig campas Belfield go leanfar leis an traidisiún comhpháirtíochta atá ann le fada an lá, ó 1971 i leith, idir an Biúró agus an ollscoil seirbhís um mhíochaine fóiréinseach a sholáthar, maille le míochaine um thrácht ar bhóithre, agus sábháilteacht ar bhóithre.

Sa chéim seo cuirfear 2,200m² de chóiríocht saotharlainne agus tacaíochta ar fáil a chuirfidh rochtain dhíreach ar fáil ar Leabharlann na nEolaíochtaí Sláinte, Scoil Leighis agus Eolaíochtaí Leighis UCD agus áiseanna ollscoile eile.

### Obair ealaíne

Le déanaí chuir an ollscoil obair ealaíne le Edward Delaney lena bailiúchán ealaíne ilghnéitheach. Is dealbh ard cruach sé mhéadar ar airde é Celtic Twilight déanta as cruach dhosmálta fheadánach agus rinne an t-ealaíontóir é sa bhliain 1974. Dheonaigh an forbróir David Arnold an dealbh don ollscoil i ndil chuimhne a athar, agus beidh an obair ealaíne seo ar taispeáint go buan i gclós Institiúid Mhic Con Mí UCD, mar a dtabharfaidh sé fócas drámata nua dóibh siúd a bhaineann fónamh as an spás oscailte seo.

Rinne an ollscoil coimisiúnú ar Norman Teeling le go gcuirfeadh sé sraith péitéireachtaí ar fáil do líomatáiste Gateway roimh thús fhorbairt an tionscadail. Ina theannta sin, mar chuid den chaomhnú ar na tithe seanré ar an gcampas, fuair an ollscoil obair ealaíne le haghaidh na dtithe agus aistríodh an dealbh iontach Hibernia and Cloncurry le John Hogan chuig Teach Belfield. Rinneadh coimisiúnú ar Jason Ellis le dealbh mhór a chruthú agus beidh sé lonnaithe taobh le Halla Roebuck.

## Tionscadail atá á ndearadh faoi láthair nó ag céim an choincheapa

### Tionscadal do Chóiríocht na Todhchaí

Le cur i gcrích na cóiríochta le lóistín le aghaidh 288 duine i Halla Roebuck Céim 1 sa bhliain 2006, tá sé anois mar chuspóir ag UCD cóiríocht le 5,000 áit a sholáthar le haghaidh mic léinn agus foireann laistigh de thréimhse cúig bliana. Tá sé beartaithe go mbeidh forbairt na cóiríochta i Halla Roebuck Céim 2 faoi 2010 ag teacht le soláthar na n-áiseanna pobail gaolmhara breise. Bainfidh an campas féin sochar as an mbeocht níos mó a bheidh ann le dul i méid líon na n-áitritheoirí.

Déanfar é seo a chomhlánú le fairsingiú ar shiopa Merville a bhfuiltear ag súil é a chur i gcrích go déanach sa bhliain 2007.

### Ionad Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD – Innealtóireacht ar Bhithchórais

Tá an ollscoil faoi láthair ag cur i gcrích a phleananna le hathlonnú a dhéanamh ar an Roinn Innealtóireacht Bithchórais ó Ardán Phort an Iarla. Cuirfear i gcrích oibreacha suntasacha athchóiriúcháin go luath sa bhliain 2008 laistigh d'Ionad Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe ionas gur féidir gníomhaíocht uile na Scoile a bheith bailithe in ait amháin ar champas Belfield.

### Scoil Dlí Sutherland UCD

Sa bhliain 2007 thug Peter Sutherland AS bronntanas mór ceannaireachta de €4 mhilliún le go gcaithfí é ar fhorbairt Scoil Dlí nua in UCD ar champas Belfield. Beidh ról tábhachtach ag an mbronntanas seo nuair atáthar ag iarraidh maoiniú a fháil ón Rialtas agus ó fhoinsí eile chun an €20 milliún atá de dhíth don tionscadal a bhailiú.

Faoi láthair ag an gcéim forbartha, táthar ag súil go mbeidh an foirgneamh i gcrích sa bhliain 2010 agus cuirfidh sé 4,000m² d'áiseanna úrscothacha ar fáil chun tacú le Scoil Dlí UCD



*Ag nochtadh pictiúir Edward Delaney dar teideal* Celtic Twilight *(ó chlé go deas): Eamonn Ceannt, Leas-Uachtarán um Fhorbairt Caipitil agus Tráchtála UCD, David Arnold, Forbróir agus mac Edward Delaney, Eamonn Delaney*

## Cur le Rannpháirteachas

An aidhm atá ag UCD ná a bheith ina ollscoil atá cuimsitheach go sóisialta áit a nglacann mic léinn ó chúlraí éagsúla páirt iomlán agus cothrom i ngach gné de shaol na hollscoile. Díríonn an ollscoil go speisialta ar ghrúpaí faoi-ionadaithe i réimse an ardoideachais lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas, foghlaimeoirí fásta agus mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta níos ísle.

Oibríonn foirne tiomnaithe in Oifig an Stiúrthóra Rochtana agus Ionad Aosoideachais UCD chun an sprioc seo a bhaint amach, i gcomhar lena gcomhghleacaithe ar fud na hollscoile. Chomh maith leis an ról seo i gcur le rannpháirteacha, déanann Ionad Aosoideachais UCD éascú ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil ach raon deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine fásta. Chláraigh os cionn 1,000 mac léinn do chúrsaí a bhfuil creidiúintí ag dul dóibh, agus ghlac 3,000 mac léinn sa bhreis páirt i gcúrsaí ar bhonn spéise in Ionad Aosoideachais UCD. I gcas roinnt mhaith mac léinn, ba é seo an chéad uair a riabh seans acu páirt a ghlacadh san ardoideachas. Léiríonn na ranganna aosoideachais seo tiomantas na hollscoile tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus páirt a ghlacadh sa phobal i gcoitinne.



*Mic léinn ar éirigh leo sa chúrsa rochtana agus ócáid bhronnadh na ngradam*

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Tacaíonn UCD le leathnú amach a dhéanamh ar an gclár oibre rannpháirtíochta ach tabhairt faoi roinnt tionscnamh:

- Naisc le scoileanna, le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí deonacha, ag soláthar eolais agus ag tabhairt comhairle maidir le roghanna ardoideachais, gníomhaíochtaí chun tuairim a fháil ar shaol na hollscoile, scoileanna samhraidh agus deiseanna oideachais in ionaid for-rochtana;
- Cúrsaí rochtana a sholáthar sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Daonna, Eolaíocht agus Innealtóireacht, agus Tráchtáil do dhaoine fásta a bhfuil mar aidhm acu an t-ardoideachas a chur chun cinn;
- Conair iontrála solúbtha chun staidéar a dhéanamh in UCD, lena n-áirítear conair iontrála speisialta bunaithe ar fhorais amhail aois aibí a bheith bainte amach, a bheith faoi mhíchumas grúpáil shocheacnamaíochta agus cáilíocht FETAC;
- Tacaí cuí a sholáthar ionas gur féidir le gach mac léinn páirt iomlán a ghlacadh i saol na hollscoile. Ina measc – cláir na seisiún tionscnaimh, ceardlanna ar scileanna acadúla, acadamh sa scríbhneoireacht acadúil, cóiríocht bunaithe ar riachtanais do mhic léinn faoi mhíchumas, ábhair agus teicneolaíochtaí inrochtaineachta agus meantóireacht, comhairle, treoir agus sparánachtaí airgeadais.

### Nithe Suntasacha atá bainte amach go dtí seo

Tá forbairt tagtha ar an tSeirbhís um Thacú Míchumais (STM) le roinnt blianta anuas chun an t-éileamh atá ag teacht ó dhaoine faoi mhíchumas a léiriú go mbeadh rochtain chothrom acu ar ardoideachais agus ar rannpháirtíocht san ardoideachas. Ag feidhmiú de réir múnla cuimsitheachta maidir le míchumas, tacaíonn UCD le mic léinn a bhfuil míchumas amhairc, cloisteála, fisiceach/gluaiseachta acu, breoiteachtaí ainsealacha agus riochtaí fadtéarmacha leighis. Cuirtear cláir tacaíochta in oiriúint go speisialta don mhac léinn aonair agus bunaítear iad ar phróiseas measúnaithe sonrach. Sa bhliain acadúil 2006/07 bronnadh céim ó UCD ar 72 mac léinn san iomlán a bhí cláraithe leis an STM.

Chuir an Clár Nua ERA, i gcomhar le Clár Rochtana na Tríonóide agus Múinteoirí ar Cuairt ó Sheirbhísí don Lucht Siúil sraith ceardlann ar fáil le haghaidh mic léinn ón Lucht Siúil agus dá dtuismitheoirí.

D'imigh ERN nua UCD i gcomhpháirt le hOifig Chlár na hEolaíochta agus le hOifig na gComhairleoirí do Mhic Léinn Lánfhsta chun clár meantóireachta i measc piaraí a sholáthar do mhic léinn nua a bhí ag teacht isteach i mbliain a haon. Cuireadh oiliúint ar 10 mac léinn nua ERA agus d'fheidhmigh siadsan ina meantóirí le linn na chéad bhliana.

Tá 80 céimí nua ERA ann ó gach clár le haghaidh na bliana acadúla 2006/07.

Is cúis áthais é don ERA nua go bhfuarthas maoiniú scoláireachta ó roinnt deontóirí, idir dheontóirí poiblí agus dheontóirí príobháideacha, agus gan a dtacaíocht don ERA nua ní bheifí in ann an cuspóir maidir le comhionannas rochtana a bhaint amach.

Tairgeadh áit ar chéim sna hEalaíona in UCD do chaoga seacht mac léinn lánfhásta a chuir i gcrích cúrsa Rochtana ar na hEalaíona agus na hEolaíochtaí Sláinte. Glacadh le ceathrar eile ar chéim san Eolaíocht Shóisialta. Tá mic léinn lánfhásta eile ar chláir eile in UCD agus in áiteanna eile.

Fuair ocht mac léinn ón gClár Rochtana ar Eolaíocht agus Innealtóireacht áit ar Chéim Eolaíochta. Tairgeadh áiteanna san Fisiteiripe, san Fhisic Theoiriciúil, sa Ríomheolaíocht agus sa tSláinte agus sa tSábháilteacht ar mhic léinn rochtana lánfhásta eile.

Ghluais os cionn leath de na mic léinn a bhí cláraithe ar an gclár rochtana Tráchtála ar aghaidh chun céim BComm a dhéanamh.

Rinne Oifig na gComhairleoirí do Mhic Léinn lánfhásta píolótú ar Acadamh Scríbhneoireachta Riachtanaí réamhchlárúchain do mhic léinn lánfhásta a bhí ag teacht isteach i mbliain a haon sa bhliain 2006. Chláraigh nócha hocht mac léinn le haghaidh an Acadaimh trí lá seo. Chomh maith leis sin, d'fhreastail 160 mac léinn lánfhásta ar Lá an tSeisiúin Tionscnaimh do Mhic Léinn Lánfhásta.

Rinne Oifig an gComhairleoirí do Mhic Léinn Lánfhásta píolótú, i gcomhair leis an gClár Nua ERA, ar chlár meantóireachta piara do mhic léinn lánfhásta atá ag teacht isteach i mbliain a haon. Cuireadh oiliúint ar chúigear mac léinn lánfhásta agus d'fheidhmigh siad mar mheantóirí le haghaidh 35 mac léinn lánfhásta nua a bhí ag teacht isteach san ollscoil.

Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh tríocha trí mac léinn lánfhásta le haghaidh tréimhse trí bliana a bhuíochas le deontas flaithiúil ó Scoláireacht Kathleen Rooney Miller. Cuireadh an scoláireacht phríobháideach seo ar fáil – scoláireacht a dhíríonn ar mhic léinn lánfhásta agus a thagann trí mheán na gCistí Éireannacha – ó 2004 i leith.

Bronnadh 150 scoláireacht UCD sa bhliain 2006 ar chúig mhac léinn déag ó chúlraí ilghnéitheacha. Díríodh iad seo ar mhic léinn a bhí tar éis constaicí móra a shárú, amhail míbhuntáiste sóisialta/oideachais, deacrachtaí airgeadais, míchumas nó cúinsí deacra saoil chun cuidiú leo a n-uaillmhianta tríú leibhéal a bhaint amach.

Sa bhliain 2006 seoladh suíomh gréasáin comhtháite nua d'Oifig an Stiúrthóra Rochtana. www.ucd.ie/access agus tá na trí sheirbhís rochtana san áireamh ar shuíomh gréasáin amháin.

B'ionann an líon mac léinn ó ghrúpaí faoi-ionadaithe agus 14% de na mic léinn fochéime nua a tháinig isteach sa tréimhse 2006/07.

## Forbhreathnú ar mhic léinn fochéime de réir cláir

| 2006/07 | Mic Léinn Nua | Iomlán |
|---|---|---|
| STM | 126 | 410 |
| ERA Nua | 121 | 386 |
| Lánfhásta | 332 | 931 (Lánaimseartha)<br>+606 (Páirtaimseartha) |
| Cúrsa Rochtana | 149 | |

## Cuspóirí Amach Anseo

Meastóireacht ar an tionchar atá ag na tionscnaimh reatha agus nua rannpháirteachais trí mheán tionscadail taighde chomhoibritheacha a fhaigheann maoiniú ón gCiste um Chuimsitheacht Shóisialta le hInstitiúid Uí Ghadhra UCD.

Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na gcúrsaí rochtana do mhic léinn lánfhásta ar rátaí rannpháirteachais agus dul ar aghaidh chuig ardoideachas trí mheán staidéar dochtúireachta ar mhic léinn lánfhásta ar chúrsaí rochtana páirtaimseartha.

Dul i ngleic le rochtain ardoideachais, le comhionannas agus le riachtanais tacaíochta atá ag na pobail nua atá ag teacht chun cinn in Éirínn, lena n-áirítear baill den lucht siúil.




*Ag cruinniú eolais do mhic léinn lánfhásta ionchasacha - Ronan Murphy agus Una Hegarty ó Sheirbhís Tacaíochta do Mhic Léinn Lánfhásta UCD*

## Cúnamh Airgid do Mhic Léinn

Is féidir le mic léinn deacrachtaí airgid a bheith acu mar thoradh ar ioncam íseal leanúnach, na costais a bhaineann le cúram leanaí nó deacrachtaí airgeadais a eascraíonn as nithe nach bhfuiltear ag súil leo – mar shampla bás, timpiste nó breoiteacht.

Tá trí scéim i bhfeidhm ag an ollscoil do mhic léinn a bhfuil gá acu le cúnamh airgid. D'fhormhór déantar na scéimeanna sin a mhaoiniú tríd an gCiste Sóisialta Eorpach trí mheán an Phlean Forbartha Náisiúnta 2006-2013. Tagann maoiniú breise ó dheontais agus ó fhíneálacha a ghearrtar ar mhic léinn.

Is é atá sa **Chiste Leasa Mac Léinn** ná ciste a chuireann tacaíocht ar fáil do mhic léinn a mbíonn deacrachtaí acu le linn a dtréimhse ag staidéar in UCD. Cuimsíonn raon an chiste na mic léinn sin nach féidir leo fónamh a bhaint as na gnáthchonair cúnaimh, ar chúis amháin nó ar chúis eile. Is féidir iarratas a dhéanamh ag aon am le linn an bliana acadúla agus déanann an coiste Ciste Leasa Mac Léinn breithniú ar na hiarratais sin. Tagann an Coiste seo le chéile ar bhonn tráthrialta.

Is é atá sa **Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn** ná ciste chun tacú le mic léinn faoin míchumas is mó agus déanann Coiste Leasa agus Cúnaimh Mac Léinn UCD an ciste seo a riar. Faigheann an ciste maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa tríd an PFN.

Is é ata sa **Scéim Fóirdheontas Cúraim Leanaí** ná scéim chun tacú leis na mic léinn atá ina dtuismitheoirí is mó a bhfuil gá acu le cúnamh airgid agus cuireann sé ranníocaíocht ar fáil i dtreo na gcostas a bhíonn ar chúram leanaí. Is féidir an t-airgead seo a chur ar fáil le haghaidh leanaí atá in crèche UCD nó in áiseanna cúraim leanaí lasmuigh den champas. Bunaítear gach fóirdheontas ar riachtanais ar leith an mhic léinn agus déanann an Coiste Fóirdheontais Cúraim Leanaí measúnú orthu.

*Ionad na Mac Léinn UCD*



## Crèche UCD

Tá crèche ar champas UCD anois le tuairim is 30 bliain anuas. D'fhás an crèche ón 40 áit a bhí ann ar dtús go naíolann ar féidir léi freastal ar bhreis is 60 leanbh. Rinneadh athchóiriú iomlán sa bhliain 2006 ar an ionad reatha saintógtha agus tá sé suite in aice le bealach isteach Chluain Sceach. Buailte le ceantar coillearnaí, tá dhá ghairdín mhóra ag an bhfoirgneamh aonstóir áit ar féidir leanaí súgradh go sábháilte.

Reáchtálann Oakmount Crèche Ltd crèche mar chuideachta sheachbhrabúsach a bhfuil bord stiúrtha aige ar a bhfuil foireann agus mic léinn atá ina dtuismitheoirí.

Tá an fhoireann go léir cáilithe ina ngairmithe sa chúram leanaí agus tugtar tacaíocht dóibh trí mheán an bhreisoideachais agus oiliúna.



Tá sé mar pholasaí ag an ollscoil don crèche go dtabharfaí tús áite do mhic léinn a bhfuil leanaí acu.

I measc na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim atá ar fáil do theaghlaigh tá:

- *Ranganna Stretch and Grow do leanaí 2-5 bliana d'aois;*
- *Gymboree le haghaidh leanaí níos óige (1-2 bliain d'aois);*
- *The French Experience – Ranganna Fraincise do leanaí atá 2-5 bliana d'aois.*

UCD Oakmount crèche

### Cuspóirí Amach Anseo

Fuarthas cead pleanála i mí Iúil 2007 i gcomhair an dara crèche – Thornfield – a thógfar ar an gcampas ag barr Pháirc Greenfield. Beidh spás ann le haghaidh suas le 65 leanbh agus tá sé beartaithe a dhoirse a oscailt roimh dheireadh na bliana 2009.



## Leabharlann UCD

Tacaíonn Leabharlann UCD le stádas UCD mar ollscoil diantaighde ach seirbhísí agus áiseanna a sholáthar a chuireann le gníomhaíochtaí foghlama, taighde agus teagaisc na mac léinn agus na foirne. Chun é seo a bhaint amach, cuirfidh an leabharlann leis an mbailiúchán foilseachán atá aige, foilseacháin chlóite agus foilseacháin ar líne, cuirfidh sé leis an timpeallacht fhisiceach foghlama, agus soláthróidh sé punann bhreisithe de sheirbhísí fíorúla leabharlainne ar bhonn 24/7, agus déanfaidh sé na seirbhísí leabharlainne a chomhtháthú le forbairtí ríomhfhoghlama na hollscoile.



### Dul Chun Cinn go dtí seo

A bhuíochas leis an dara céim den IReL (Irish Electronic e-Library) cuireadh feabhas mór ar na hacmhainní eolais ar líne sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sa dlí, le tuairim is 10,000 iris agus bunachar sonraí anois ar fáil.

Ceapadh cláir scileanna litearthachta eolais agus cuireadh iad ar fáil ag an leibhéal ionduchtúcháin, na foghlama agus na tacaíochta taighde. A bhuíochas le bunú clár struchtúrtha PhD cuireadh an deis ar fáil le leabú a dhéanamh ar scileanna leabharlainne agus eolais sa ghné den chlár a bhaineann le scileanna inaistrithe. Cuireadh leis an oiliúint a thugtaí go traidisiúnta i scileanna eolais chun go gcuimseofaí ní hé amháin fionnachtain agus rochtain ach meastóireacht, stóráil, athúsáid eolais, agus seisiúin ar ábhair ar nós stíleanna tagartha, bradaíl liteartha, agus an chaoi le déileáil le tagairtí sa leabharliosta. Bhain idir thaighdeoirí is fhoireann acadúil fónamh astu seo.

Cuireadh roinnt áiseanna líonraithe sóisialta ar líne in oiriúint do chuspóirí leabharlainne d'fhonn feabhas a chur ar an bhfor-rochtain d'úsáideoirí. Ceapadh blaganna do sheirbhísí léitheora, do thaighdeoirí, d'úsáideoirí seirbhíse, d'úsáideoirí na heolaíochta sláinte, d'áiseanna sa staidéar fíorúil agus d'fhoilsitheoirí na rochtana oscailte.

Cuireadh craobhleabharlann ar bun i saol fíorúil Second Life. Tá leabharlann UCD ar an gcéad leabharlann lena seirbhísí a chur i láthair ar an mbealach seo, agus is féidir le daoine a úsáideann Second Life rochtain a fháil ar acmhainní gréasánbhunaithe, ar bhlaganna, ar chur i láthair, agus ar roinnt ríomhleabhar.

Cuireadh feabhas ar rochtain ar stoc féin na Leabharlainne nuair a cuireadh i bhfeidhm nasc díreach idir tagairtí a fuarthas sna bunachair shonraí agus téacs iomlán na n-alt foinseach (findit@ucd), agus áis chomhlántach mar ar féidir cuardach a dhéanamh ar fud braislí na mbunachar sonraí (crosssearch@ucd).

Cuireadh síneadh le huaireanta oscailte Leabharlann James Joyce le linn mhíonna an tsamhraidh.

Osclaíodh dhá chraobhleabharlann nua in Ionad Eolaíochtaí Sláinte UCD agus ar Champas na Carraige Duibhe. Tá an leabharlann ag cur cruth nua ar bhealach dinimiciúil agus nuálaíoch ar na háiseanna le haghaidh foghlama. Is féidir leis an bhfoireann oiliúint a chur ar úsáideoirí sna seomraí scileanna faisnéise maidir leis na bealaí is fearr eolas a aithint agus a mheas.

Seoladh Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann i rith na bliana, tionscadal de chuid Institiúid Daonnachtaí na hÉireann arna mhaoiniú ag PRTLI, agus tá ról lárnach ag an Leabharlann ann. Cuireann sé seo rochtain ar fáil do thaighdeoirí ar ábhar digiteach (lena n-áirítear ábhar clóite, lámhscríbhinní, grafaice agus closábhar) ó chúpla stór éagsúil.

### Cuspóirí agus Pleananna Amach Anseo

Cuirfear stór ar líne ar bun chun rochtain a thabhairt do dhaoine ar na foilseacháin agus na tráchtais a scríobh taighdeoirí ó UCD mar chuid de thionscnamh a fhaigheann maoiniú ón gCiste um Chuimsitheacht Shóisialta le stór a chruthú le haghaidh na seacht n-ollscoil Éireannacha. I bhforbairt ghaolmhar, glacfaidh leabharlann UCD, ag oibriú le cuibhreannas de leabharlanna móra Eorpacha, part i dtairiscint €2 mhilliún chun tairseach taighde eacnamaíochta ardphróifíle a chur ar fáil ar a mbeadh foilseacháin de chuid thaighdeoirí eacnamaíochta UCD.

Seolfar closturas podchraolta de Leabharlann James Joyce le gur féidir é a íoslódáil ar mp3 ón suíomh gréasáin, agus beidh an t-úsáideoir ábalta turas a dhéanamh ar a gcaoithiúlacht.

Cuirfear i bhfeidhm go hiomlán seirbhís ghasta iasachta, a ndearnadh píolótú air le linn 2006/07, agus tá sé beartaithe tabhairt faoi thionscnaimh speisialta chun cur le fáil agus úsáid ríomhleabhar.

# Seirbhísí TF UCD

An aidhm atá le Seirbhísí TF in UCD ná go mbeadh TF mar bhunchuid den teagasc, den fhoghlaim agus den taighde san ollscoil ach seirbhísí a fhorbairt chun campas 24/7 a chruthú don fhoireann agus do mhic léinn.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Sa bhliain 2007 bhain 25,000 úsáideoir sa tseachtain úsáid as Seirbhísí TF – an líon is mó go dtí seo. An chúis a bhí leis an méadú as cuimse sin ná an úsáid fhorleathan a bhaintear as an líonra gan sreang – de ghnáth 10,000 úsáideoir sa tseachtain-agus an líon níos mó daoine a bhfuil ríomhaire glúine acu – líon atá anois ag sárú 50% de dhaonra na mac léinn. Cuireadh le seirbhís thairseach UCD le go gcuimseofaí taighde, teagasc agus foghlaim, leabharlanna agus seirbhísí riaracháin iomána d'úsáideoirí agus tá sé anois ar an bpríomhphointe rochtana TF ar an gcampas agus lasmuigh den champas.

Sa bhliain 2007 tugadh isteach clár ríomhaire glúine do gach mac léinn agus é tacaithe ag Intel agus Microsoft. Cuireadh an pacáiste Learn / Chill / Play ar fáil trí mheán na soláthraithe Ríomhairí Pearsanta agus tá sé tacaithe le hiasacht bhainc ó AIB.

Cuireadh leis an tseirbhís tacaíochta le hIonad TF nua in Newstead agus na limistéir idirlín SUAS (Stand up and Surf) san Ionad Eolaíochta. Déanann na limistéir um rochtain sholúbtha seo, a bhfuil an-tóir orthu, an teicneolaíocht a chomhtháthú le spásanna oscailte sna foirgnimh, agus mar sin is féidir rochtain éasca a fháil ar an tairseach UCD Connect, ar ríomhphost, ar chur teachtaireachtaí agus ar ghlaonna gutháin Skype.

Reáchtáil Seirbhísí TF UCD cúig lá de chúrsaí ionduchtúcháin TF do gach mac léinn nua a tháinig isteach le linn Sheachtain Sheisiúin Tionscnaimh do bhreis is 3,900 mac léinn a bhí i láthair. Cuireann an cúrsa mórshochair ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann ach mic léinn a ullmhú roimh ré don teicneolaíocht a bheidh in úsáid acu ina n-obair chúrsa.



Tugadh faisnéis dóibh siúd a bhí ag freastal ar an ócáid le linn cúrsa 20 nóiméad maidir leis an uile ní a bheadh orthu bheith ar eolas faoi sheirbhísí TF in UCD. Chomh maith leis sin, fuair siad eochair bhrandáilte 1GB agus cóip den Treoirleabhar TF do Mhic Léinn le haghaidh 2007.

Táthar tar éis cur go mór lena bhfuil le tairiscint ag an tseirbhís TF do ghrúpaí taighde agus anois tá áiseanna óstála tiomnaithe agus cumas stórála fiontar solúbtha ar fáil. Oibríonn an fhoireann TF le hinstitiúidí agus le húsáideoirí taighde chun teicneolaíocht a chur i bhfeidhm do thionscadail mhórscála. I measc na samplaí de seo le linn 2007 bhí:

- Leabharlann Taighde agus Stór Cartlainne Fíorúil na hÉireann (IVRLA), tionscadal náisiúnta a thacaíonn le taighde ceannródaíoch trí rochtain a cheadú ar ábhar digitithe ;
- Scoil Ríomheolaíochta agus Faisnéisíochta UCD , a bhfuil píolótú á dhéanamh aici faoi láthair ar an mbraisle Ardfheidhmíochta nua 'Meteorite' do Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD. Beidh an bhraisle seo mar chuid den lárbhraisle pobail;
- Oibriú go dlúth le pearsanra ó Institiúid Mhic Con Mí agus Bithfhaisnéisíochta mar aon le soláthraithe crua-earraí ar an bpíblíne nua Próitéamaíochta. Tarlaíonn an óstáil don trealamh TF seo in Ionad Sonraí Daedalus UCD agus beidh na sonraí ón mais-speictriméadar lonnaithe ar an áis stórála sonraí fiontar nua atá ag Seirbhísí TF UCD.

## Cuspóirí Amach Anseo

I measc na bPríomhfhorbairtí tá:

- Cur leis an mbonneagar agus leis na hionaid sonraí;
- Seirbhísí nua chun tacú le forbairt an ríomhábhair agus níos mó úsáide as teicneolaíocht sa seomra rang;
- Forbairt a dhéanamh ar stóráil sonraí straitéiseacha agus ar chumas cartlainne;
- Teicneolaíochtaí gréasáin a chur i bhfeidhm chun tacú le láithreacht ghréasáin UCD agus chun feabhas a chur air;
- Cur i bhfeidhm leanúnach ar sheirbhísí TF mac léinn lárnacha;
- Forbairt ar sheirbhísí um bainistiú eolais chun tacú le foireann UCD agus le cinnteoireacht.

## Seirbhísí Leighis agus Comhairleoireachta UCD

An ráiteas misin atá ag Seirbhís Sláinte na Mac Léinn UCD ná caighdeán den chéad scoth de chúram leighis phríomhúil, síceolaíochta agus síciatrach a chur ar fáil do mhic léinn chláraithe in UCD, chun tacú lena ndochtúirí leighis féin agus le seirbhísí cúraim shláinte eile.

Díríonn na seirbhísí ar thréimhsí le linn an téarma agus leis na tréimhsí is mó éileamh. Tá 17 fostaithe sa tseirbhís le cóimheas dochtúir amháin: 8,000 mac léinn agus altra amháin :8,000 mac léinn.

Nuair a ceapadh Stiúrthóir ar Chomhairleoireacht do Mhic Léinn i mí Feabhra 2007 cuireadh an comhthéacs ar fáil le go scarfaí Sláinte Mac léinn in dhá sheirbhís, Seirbhís Leighis na Mac Léinn UCD agus Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn UCD, ach fós ag coinneáil na gceangal agus na peirspictíochta a bhaineann leis an ildisciplíneacht

Chuir an tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn tús le ceapadh plean straitéisigh ar leith ach fós féin choinnigh an tSeirbhís roinnt comhspriocanna, comhroinnt áitreabh fisiceach agus comhroinnt seirbhísí riaracháin le Seirbhís Leighis na Mac léinn in ionad Sláinte na Mac Léinn ar champas Belfield.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

**Seirbhís Leighis**

- D'éirigh leis an tSeirbhís cur lena huaireanta oscailte le linn an téarma. Bhí an fhoireann riaracháin agus leighis an-solúbtha maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm ar a sceidil oibre chun freastal ar an huaireanta oscailte sa bhreis.
- Ceapadh an Dr Joe Conway le déanaí agus is príomhbhall é den fhoireann, go háirithe toisc a scileanna i leigheas spóirt;
- Choinnigh an tSeirbhís comhairleoir maidir le halcól, Donal Kiernan agus cuireadh le próifíl na seirbhíse seo;
- Cuireadh i bhfeidhm pacáiste bogearraí ríomhaire Dochtúra Teaghlaigh go sásúil;
- Reáchtáladh feachtas eolais laistigh den tSeirbhís maidir le frithghiniúint agus le galair




### An Feachtas *Please Talk*

Bhí comhairleoir mac léinn UCD an tAthair Tony Coote ag taisteal abhaile ó shochraid bhrónach i nDoire. Ba mhac léinn eolaíochta a bhí básaithe agus í tar éis lámh a chur ina bás féin. Ag labhairt le beirt dá chomhghleacaithe dúirt sé, "Nach díol trua é nach raibh duine éigin tar éis a rá léi 'téigh agus labhair le duine". Mar thoradh ar an mbás seo chuir an tAthair Coote agus daoine eile feachtas nua ar bun dar teideal Please Talk. Sheol an t-iománaí ó Chorcaigh, Seán Óg Ó hAilpín, an feachtas. Ag an seoladh (clé go deas) An Dr Martin Butler, Leas-Uachtarán do Mhic Léinn UCD, Sean Óg Ó hAilpín, An tAthair Tony Coote agus Barry Colfer, Oifigeach Leasa Oideachais, Aontas Mac Léinn UCD.

ghnéas-tarchurtha ag díriú ar gach mac léinn san ollscoil. Baineadh é seo amach ach pacáistí eolais a chruthú agus a dháileadh ar mhic léinn a thug cuairt ar an tseirbhís is cuma cibé cúis;

- Ceapadh bileog eolais ar thoise cárta creidmheasa, ar a raibh uimhreacha gutháin tábhachtacha agus línte cabhracha agus suímh ghréasáin. An aidhm a bhí leis ná rochtain a thabhairt do mhic léinn ar eolas faoi na foinsí cabhrach atá ann. Chomh maith leis sin, bhí eolas ann maidir le hólachán sábháilte;
- Ghlac baill foirne páirt i Seachtain Sláinte na bhFear;
- Chuir an tSeirbhís go rialta le ríomhphoist an Leas-Uachtaráin chuig mic léinn ag leagan béime ar ábhair abartha ar leathanach tosaigh an tsuímh ghréasáin;
- Thug baill foirne cuairt ar Ollscoil Sheffield sa RA d'fhonn pleanáil d'Ionad nua Sláinte agus Comhairleoireachta Mac Léinn.

**Seirbhís Comhairleoireachta**

- Cuireadh bileoga eolais maidir le brú scrúduithe ar fáil do mhic léinn agus tá ábhar leictreonach á dhearadh faoi láthair;
- Cuireadh ar bun níos mó bailiú sonraí chun freastal ar chuspóirí cliniciúla agus taighde;
- Chuathas i mbun gníomhaíochtaí meáin chun cur le dearcadh poiblí maidir le comhairleoireacht a chur ar mhic léinn;
- Cuireadh níos mó comhairliúcháin agus cuairteanna ar sheirbhísí comhairleoireachta ollscoile, ar fhorais ghairmiúla agus ar ghníomhaireachtaí meabhairshláinte ar fáil ;
- Reáchtáladh sraith seimineár don fhoireann acadúil maidir le cuidiú le mic léinn in anacair.



## Cuspóirí agus Pleananna amach anseo

**Seirbhís Leighis**

- Oibriú le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfreastalaíonn Ionad Sláinte agus Comhairleoireachta Mac léinn ar riachtanais na mac léinn;
- Mar scéim phíolótach sa tréimhse 2007/08, reáchtálfaidh an Dr Joe Conway clinicí speisialta spóirt;
- Forbairt sa bhreis ar sheirbhísí frithghiniúna arna reáchtáil ag altraí;
- Tionscnaimh chuí um chothú sláinte, go háirithe tionscnaimh ghréasánbhunaithe;
- Seisiúin oiliúna a reáchtáil don fhoireann chuí maidir le saincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte na mac léinn;
- Seolfar an tionscnamh Books on Prescription i mí Eanáir 2008. Seo scéim mar a molfar do mhic léinn leabhair áirithe a léamh a meastar iad a bheith cabhrach mar a mbaineann lena bhfadhbanna pearsanta. Beidh leabhair i stoc ag an leabharlann agus déanfaidh an leabharlann iasachtaí a bhainistiú. Dheonaigh Wyeth €3,000 chun díol as ceannach na leabhar.

**Seirbhís Comhairleoireachta**

- A bheith mar bhunchuid de shaol na hollscoile ar bhealach réamhghníomhach mar a bhféadfaí roinnt de na deacrachtaí a bhíonn ag mic léinn a aithint roimh ré – na deacrachtaí a phléann mic léinn le linn a seisiún comhairleoireachta agus a thacóidh le gnáthfhorbairt tascanna shaol na mac léinn;
- Leanúint ag cur le lárghníomhaíochtaí agus le hábhar tacaíochta spriocdhírithe;
- Suíomh gréasáin a fhorbairt do mhic léinn mar fhoinse eolais;
- Cur leis an gclár meantóireachta piara chun go gcuimseofaí Scoileanna breise in UCD;
- Forbairt a dhéanamh ar chlár Bibliotherapy ag cur leis an gclár Books on Prescription;
- Cur leis an rannpháirteachas i misean oideachais, sóisialta, meabhairshláinte agus folláine na hollscoile.

## Comhairleoirí na Mac Léinn agus Séiplíneacht UCD

Lean comhairleoirí na mac léinn, ag teacht le moltaí Thascfhórsa an Uachtaráin maidir le Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn, sa tréimhse 2006/07 ag obair mar bhunchuid de gach Oifig Cláir chomh maith le sannadh do ghrúpaí áirithe mac léinn, dála mic léinn idirnáisiúnta, Nua-aoise agus lánfhásta. Tá deichniúr anois i ngrúpa na gcomhairleoirí mac léinn rud a léiríonn go n-aithnítear iad anois mar chuid lárnach de na struchtúir nua Coláiste agus mar ghné riachtanach chun feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn san ollscoil.

Cé gurb é bunsprioc chomhairleoirí na mac léinn a bheith ar fáil do mhic léinn ar bhonn duine le duine, lean siad freisin sa tréimhse 2006/07 lena rannpháirteachas i raon coistí agus tionscnamh Coláiste, amhail an Ciste Leasa Mac Léinn, an Coiste um Chothú Sláinte, Coistí Foireann-Mic Léinn, an Feachtas Please Talk (a seoladh i mí Feabhra 2007) agus an Grúpa Tacaíochta Méala .

### Dul Chun Cinn go dtí seo

- Seoladh scéim phíolótach maidir le meantóireacht piara i mí Mheán Fómhair 2006 le haghaidh mic léinn eolaíochta, Nua-aoise agus lánfhásta agus bhí an-rath ar an scéim;
- Sheol an Coiste um Chothú Sláinte Comórtas um Bia Sláintiúil, agus comhairleoir mac léinn i gceannas air, agus reáchtáladh an comórtas i mí Aibreáin 2007. Chuir scoil chócaireachta Cooks Academy bia ar fáil bunaithe ar na hoidis a chuir na mic léinn isteach ar an gcomórtas agus ba é Tom Doorley, léirmheastóir bia an Irish Times, moltóir an chomórtais;
- Bhí Comhairleoirí na Mac Léinn mar chuid den ghrúpa d'Oibrithe Deonacha UCD Thar Lear a d'imigh den chéad uair go Nicearagua i mí Iúil 2007;
- Ghlac Comhairleoirí na Mac Léinn páirt i méadú a dhéanamh ar líon threoraithe na seisiún tionscnaimh do mhic léinn agus cuireadh le líon na n-imeachtaí do mhic léinn i mí Mheán Fómhair 2006.

### Cuspóirí Amach Anseo

- Ceapadh beirt chomhairleoirí mac léinn nua sa tréimhse 007/08, duine amháin chun freastal ar Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD agus Scoil Dlí UCD agus duine chun freastal ar Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD;
- Cur leis an tionscadal meantóireachta piara sa tréimhse 2007/08 le go gcuimseofaí gach mac léinn eolaíochta, Nua-aoise agus talmhaíochta;
- Tá seó ceoil pobail UCD beartaithe le haghaidh mí Feabhra 2008 agus beidh comhairleoir mac léinn mar léiritheoir ar an seó sin;
- Leanfaidh comhairleoirí na mac léinn a bheith páirteach san fheachtas Please Talk, lena mballraíocht ar an gCoiste Cothaithe Sláinte, ar Choiste an Crèche, ar Choiste na nÁitritheoirí agus ar choistí eile;
- Cur chun cinn na seirbhíse comhairleoirí mac léinn le bileog eolais a dháilfear ar bhreis is 5,000 mac léinn nua i bpacáistí mac léinn agus a dháilfear ar an bhfoireann.



*Comhairleoirí Mac Léinn UCD ón thaobh na láimhe clé: Carl Lusby, Ronan Murphy, Colleen Blaney, Ros McFeely, Jennifer Murphy, Jacqueline Levine, Kieran Moloney, Aoife FitzGerald, Anna Farrell agus Aisling O'Grady*

## Spóirt UCD

Tá sé mar sprioc ag Spóirt UCD eispéireas sláinte agus saoil den chéad scoth a sholáthar don 23,000 mac léinn nó mar sin atá cláraithe leis an ollscoil. Le 59 club atá gaolta le Comhairle Aontais Lúthchleasaíochta UCD agus le ballraíocht de bhreis is 8,500 mac léinn, tá idir chláir nua is chláir bhreise á gcur i bhfeidhm go céimneach chun níos mó mac léinn a mhealladh ionas go mbeadh spórt, fóillíocht agus gleacaíocht mar chuid de sceideal seachtainiúil na mac léinn agus mar chuid dá saol go ginearálta.

Tiomnaíodh nócha hocht de 330 acra champas Belfield don spórt, le háiseanna nua beagnach i gcrích, agus is féidir le mic léinn rochtain éasca a fháil ar áiseanna spóirt agus fóillíochta. Tá fás agus forbairt á dhéanamh i gcónaí ar an gCeantar Spóirt atá mórthimpeall an Ionaid Spóirt de réir mar a chuirtear bonneagar riachtanach d'áiseanna leis. Ar na forbairtí is fearr tá an leathnú atá á dhéanamh ar Líomatáiste Cheantar na Mac Léinn, a mbeidh linn snámha mór mar chuid de, agus tá tionscadal seo ag céim an deartha ag an staid seo.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Tá Spórt UCD ag leanúint lena chlár um fhorbairt is fheabhsú áiseanna. Sa bhliain 2007 cuireadh i gcrích na chéad chéimeanna eile den pháirc imeartha sintéiseach agus tá páirc imeartha CLG úrscothach anois ann i bPáirc Devlin, agus d'fhaomh an IRB páirc imeartha rugbaí lántoiseach ag Newstead. Rinneadh uasghrádú ar an UCD Bowl ionas go mbeadh sé ag comhlíonadh na gcaighdeán ceadúnaithe atá ag UEFA, le 1,500 suíochán agus soilsiú nua. Is san Bowl a bheidh cluichí baile UCD AFC agus UCD RFC agus é ag feidhmiú mar áis chomhroinnte. Bíonn UCD san iomaíocht ag an leibhéal is airde ar bhonn náisiúnta sa dá spórt sin. Cuireadh áiseanna ar fáil don Institiúid Spóirt agus Sláinte ar shuíomh Newstead. Cuireadh tús le clár oibre taighde na hInstitiúide chun rannpháirteachas a spreagadh agus chun spórt agus gníomhaíocht fhisiceach a chur chun cinn, i gcomhar le Scoil Fisiteiripe agus Eolaíocht na Feidhmíochta UCD.

Bhain an mac léinn leighis Joanne Cuddihy amach curiarracht nua d'Éirinn sa rás 400m – is é sin 50.73 soicind ag Comórtas Lúthchleasaíochta Domhanda in Osaka, sa tSeapáin i mí Lúnasa 2007 agus tá sí ag leanúint lena cuid traenála le haghaidh na nOilimpeacha i Béising.

Bhuaigh foireann Pheil Ghaelach na bhFear an Chraobh Pheil Ghaelach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2006 agus chaill siad, ar éigin, ag leathchraobh Laighean in Rhode.

Sháraigh an Rothaí Louise Moriarty curiarracht na hÉireann sa rás 3,000 méadar agus bhain sí an t-ochtú háit sa Tour de Bretagne.

Bhain Padraig White, caiteoir casúir, an dara háit sa Chomórtas Lúthchleasaíochta Sinsearach Náisiúnta.

D'éirigh le foireann sacair na bhFear an leathchraobh den League Cup a bhaint. D'éirigh leis an gclub an bua a fháil i ngach comórtas tríú leibhéal, lena n-áirítear an chéad Léig Ollscoileanna agus Coláistí, Corn Collingwood, Corn Harding




*Ainmníodh Rena Buckley ó fhoirne chamógaíochta agus Pheil Ghaelach na mBan UCD ar an Duine Spóirt Dr Tony O'Neill na bliana ag ócáid i mí Bealtaine 2007*



*Imreoirí agus lucht bainistíochta UCD ag ceiliúradh tar éis don fhoireann Comórtas Sinsearach Pheil Ghaelach a bhuachan(©Sportsfile)*

agus Corn an Dr Tony O' Neill Faoi 21. Roghnaíodh Darren Forsyth agus James O'Sullivan do Léig Eircom Faoi 18 agus 19 faoi seach.

Choinnigh Rugbaí UCD a stádas AIB League Division 1. Bhí na himreoirí rugbaí Ian Keatley, Conor McInerney, Sean O'Brien, Paul Donohoe agus Kevin Sheehan ar an bhfoireann grand slam faoi 20. Roghnaíodh Fergus McFadden agus Robert Kearney chomh maith d'fhoireann A na hÉireann sa bhliain 2007. Roghnaíodh ceathrar céimithe de chuid UCD chun a bheith ar scuad na hÉireann don Chorn Domhanda Rugaí 2007: Brian




*Rothaí ó UCD, Louise Moriarty*

O'Driscoll, Denis Hickie, Brian Carney agus Paddy Wallace. Chláraigh an cúigiú himreoir Gordon D'Arcy, le haghaidh clár céime sna healaíona i mí Mheán Fómhair 2007.

D'éirigh le foireann haca na bhFear UCD Roinn 1 bhaint amach, agus bíonn siad san iomaíocht anois ag na leibhéil arda cúigeacha ina mbíonn Foireann Haca na mBan UCD ag imirt.

## Cuspóirí Amach Anseo

Táthar ag cur i gcónaí leis na pleananna chun Spórt agus Sláinte a bheith mar ghníomhaíocht lárnach in UCD le haghaidh na mac léinn agus na foirne chomh maith leis an bpobal i gcoitinne. Tá acmhainní suntasacha geallta chun feabhas a chur ar an iarracht an cleachtas is fearr a chur ar fáil mar a mbaineann sé leis an eispéireas in UCD leis na háiseanna bonneagair spóirt nua mar shampla na gnéithe nua caithimh aimsire agus fóillíocht i Líomatáiste Cheantar na Mac Léinn. Tá sé beartaithe ag Spóirt UCD Ionad Réigiúnach Barr Feabhais a sholáthar mar chuid de straitéis spóirt náisiúnta an Rialtais. Leanaimid orainn ag cur chun cinn an chláir Get in Gear do mhic léinn éighníomhacha agus clár um sheisiúin tionscnaimh do mhic léinn na chéad bhliana a bhfuil eolas cuimsitheach ar spórt agus fóillíocht san ollscoil mar chuid shuntasach de



*Imreoir rugbaí de chuid UCD  Fergus McFadden agus é ar tí scóráil don fhoireann*

## Ceol

Tá raon leathan de ghrúpaí a chuireann coirmeacha ceoil ar stáitse ag UCD, agus mar sin is féidir leis na mic léinn dul i dtaithí ar cheol ó réanna éagsúla agus ar stíleanna éagsúla. Is féidir le héinne a bhfuil spéis acu sa cheol agus atá sásta am a chaitheamh leis an bpaisean seo a bheith páirteach sna córacha agus na ceolfhoirne.

Feidhmíonn Ceolfhoireann Shiansach UCD, Scoláirí Córach UCD, Cór Fiolarmónach agus Ceolfhoireann Bharócach UCD mar ambasadóirí ar an gcampas agus lasmuigh den champas, agus is fianaise é seo go bhfuil na mic léinn ní hé amháin go maith go hacadúil ach go bhfuil siad oilte ag an gcleachtas féin.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Sa tréimhse 2006/07, chuir Ceolfhoireann Shiansach UCD dhá cheolfhoireann ar stáitse, an chéad cheann ar an gcampas sa Halla Astra – ag teacht ar an bpobal i gcoitinne – agus an dara ceann sa Cheoláras Náisiúnta. I measc na saothar a sheinn siad bhí Siansa Uimh 5 le Shostakovich agus Siansa Uimh. 2 le Sibelius. Chomh maith leis sin, cuireadh Lieder eines fahrenden Gesellen (Songs of a Wayfarer; Norah King, soprano)le Mahler agus Coinséartó Uimh. 1 le Prokofiev ar stáitse le haonréadaí Cora Venus Lunny. Sa bhliain 2007/08, tá sé beartaithe ag an gCeolfhoireann leanúint lena chomhpháirtíocht le Redmond O'Toole (giotár Brahms) a sheinnfidh Coinséartó don Giotár le Villa-Lobos agus is í Mary McCague an t-aonréadaí a sheinnfidh Coinséartó don Phianó le Ravel. Ar na buaicphointí eile beidh an New World Symphony le Dvorák.

Bhí bliain ghnóthach eile ag Scoláirí Córach UCD. Thug siad a gcéad cheolchoirm in Eaglais Dhomhnach Broc i gcomhar leis an Earley Music Ensemble mar ar chas siad roinnt de na hamhráin Nollag is fear leis an bpobal. Ba dheas an fhuaim a bhí ann agus an cór ag canadh in éineacht le haonréadaithe den chéad scoth (roinnt mhaith díobh ina Scoláirí iad féin) agus leis na huirlisí. Chan na Scoláirí freisin ag imeachtaí ar fud an champais, ag seirbhísí do phobal UCD le linn na bliana acadúla agus ar imeachtaí mór le rá mar shampla Dinnéar Foundation Day UCD. Tá Pleananna idir lámha chun líonra de chéimithe a chur ar bun agus mar sin bonn a chruthú ónar féidir fanacht i dteagmháil le hiarbhaill.

Rinne iar-Chór Choláiste UCD athstruchtúrú air féin agus anois is Cór Fiolarmónach UCD atá air. Is faoi stiúir Thomas Kehoe atá an cór, agus tá sé beartaithe aige idir fhoireann is mhic léinn a thabhairt isteach mar bhaill, mar a gcanfaidh siad ceol ó raon éagsúil ceoil chóraigh agus ó sheánraí éagsúla. Féachann an Cór leis na caighdeáin is airde a bhaint amach mar a mbaineann le teicníc chórach agus teacht le chéile i dtimpeallacht dianoibre agus ardtaitneamhachta. Cuirfidh an cór a chéad choirm cheoil ar stáitse i mí na Samhna 2007. An teideal atá ar an gclár ná Four Weddings and a Funeral agus beidh ceol ann ó Bach, Duruflé, Walton, Whitacre agus canfar Requiem Fauré.

### Future objectives

ISa tréimhse 2007/08, cuirfear leis an méid rannpháirtíochta a bhíonn ag na grúpaí ceoil leis an gclár UCD Horizons. Is féidir le mic léinn a bheith ag canadh nó ag seinm le Scoláirí Ceoil UCD, le Ceolfhoireann Shiansach UCD, le Cór Fiolarmónach UCD agus le Ceolfhoireann Bharócach UCD chun creidiúintí a ghnóthú, faoi réir triail a dhéanamh. Tá siad á dtairiscint mar mhodúil roghnacha do mhic léinn ar gach clár agus i ngach ábhar. Bronnfar gráid bunaithe ar chaighdeán chion an mhic léinn agus an taifead tinrimh ag an mac léinn sin. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an deis nua seo mar dhreasacht bhreise a beith páirteach i ngrúpaí ceoil UCD de réir mar a chruthaíonn siad nasc idir saol cultúrtha an champais leis an bpobal i gcoitinne.



*Scoláirí Córacha UCD ag canadh ag deireadh an tseimeastair ag fáiltiú i mí na Nollag 2006*

# Cumainn na Mac Léinn agus Gníomhaíocht Shóisialta

Leagann Plean Straitéiseach UCD béim ar an tábhacht a bhaineann le cumainn agus le gníomhaíocht na gcumann i bhforbairt agus i gcothú gníomhaíochtaí iomadúla ardchaighdeáin eis-churaclaim oideachais, cultúrtha agus sóisialta do mhic léinn. Maidir le soláthar tugann cumainn an deis do mhic léinn forbairt phearsanta a bhaint amach, go háirithe maidir le scileanna saoil amhail bainistíocht, eagrúchán agus bainistíocht ama.



Mainicíní ó Sheó Faisin na nEalaíon ag ócáid grianghrafadóireachta chun an t-imeacht a chur chun cinn

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Cuirtear le gach réimse cumann gach bliain, le breis is 100 cumann cláraithe ann anois. Ina theannta sin, tá ról níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí ag cumainn na mac léinn i ngníomhaíochtaí eile na hollscoile, agus cumainn ag cur le clár na Mac Léinn ina nAmbasdóirí, foireann tionscadail Ionad na Mac Léinn, agus ról suntasach a bheith acu in imeachtaí 'Farewell to the Terrace'. Bíonn cumainn i gcónaí ag glacadh tús áite san idirghníomhú le mic léinn nua agus tá ról ar leith ag Cumann Mac Léinn Penang agus ag an gCumann Mac Léinn Idirnáisiúnta. Athbhunaíodh Cumann For-rochtana UCD, a dhéanann teagasc a thairiscint i gceantair faoi mhíbhuntáiste, agus cuireadh an Oíche C&E Superbowl ar fáil d'áitritheoirí an champais agus do mhic léinn Mheiriceánacha amháin.

Tríd is tríd, tá méadú tagtha ar líon na mac léinn atá rannpháirteach sna cumainn, le líon carnach de 35,000 cláraithe ina mbaill sna cumainn. Tá ballraíocht de bhreis is 4,000 i roinnt de na cumainn is mó in UCD. Lean líon agus caighdeán na n-imeachtaí ag dul i méid, agus níos mó imeachtaí ardphróifíle agus ardacmhainneacht ag tarlú ar an gcampas. I mbliana cuireadh ar bun roinnt cumann nua, lena n-áirítear an tSeirbhís Dlí do Mhic Léinn, mar ar féidir le mic léinn comhairle dlí neamhthreorach saor in aisce a fháil. Rinneadh atheagrú ar Líonra Teilifíse an Champais, agus anois is féidir infheistiú caipitil suntasach a dhéanamh sa réimse seo. Bhuaigh an Cumann Leighis Cumann na Bliana UCD 2007, agus is é Cumann Newman a bhain Cumann Beag na Bliana.

Cuireadh leis an oiliúint d'oifigigh na gcumann i mbliana, agus tá modúil ann anois maidir le réiteach fadhbanna agus le réiteach coimhlinte.

Bíonn cumainn na mac léinn i gcónaí ag tairiscint deiseanna ar leith do mhic léinn bualadh le mórphearsana a bhfuil clú idirnáisiúnta orthu agus iad a chloisteáil, maille le daoine eile ón gcultúr coiteann. I measc na n-aoi-chainteoirí a thug cuairt ar na cumainn le 12 mhí anuas bhí An Breitheamh SA Antonin Scalia, mórphearsana spóirt Brian O'Driscoll agus George Hook; scríbhneoirí grinn Graham Linehan agus Bill Bryson; an t-aisteoir Erik Per Sullivan; agus an fuirseoir Ardal O'Hanlon.



Breitheamh na Cúirte Uachtaraí sna SA (lár) ag glacadh le teastas ag ceiliúradh a cheapacháin mar Leas-Uachtarán ar Chumann Dlí UCD agus an teastas á bhronnadh air ag Sean Tracey, Cisteoir an Chumainn (ar chlé) agus Richard Mulrooney, Iniúchóir an Chumainn (ar dheis)

Bhí rath náisiúnta ar an gCumann Liteartha agus Staire (L&H) athuair, le foireann amháin i gcraobh chomórtas díospóireacht an Irish Times agus duine eile ag buachan Más na hÉireann Mace. Ceapadh Ciaran Lawlor, iar-iniúchóir L&H agus tionólaí an Chomórtais Dhomhanda ina Leas-Phríomh-mholtóir don Chomórtas Díospóireachta Domhanda 2008 sa Téalainn. Bhí cumann drámaíochta UCD páirteach arís i bhFéile Drámaíochta na Mac Léinn, agus is iad a bhain na n-ainmniúchán is líonmhaire agus an méid is mó gradam, agus bhuaigh siad an duais don léiriúchán is fearr don tríú bliain as a chéile.

# Rannpháirteachas Pobail

Tá Ionad Scoile Quinn UCD um Fhoghlaim Seirbhíse agus Rannpháirteachas sa Phobal ann ó mhí an Mheithimh 2005 i leith

Is é misean an Ionaid ná:

- Mic Léinn Scoil Quinn UCD a spreagadh le go n-amharcfaidís ar rannpháirteachas sa phobal mar bhunchuid dá n-oideachas tríú leibhéal agus dá saol oibre agus pearsanta amach anseo;
- Naisc a chur ar bun le comhpháirtíochtaí pobail Scoil Quinn UCD, ar féidir leis an dá thaobh fónamh a bhaint astu;
- An fhoireann a spreagadh le go mbeidís rannpháirteach sa phobal agus é seo a chur chun cinn sa churaclam acadúil.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Tugadh isteach modúl nua um fhoghlaim seirbhíse, don 30 mac léinn atá i Scoil Quinn UCD, mar ar thugadar faoi thionscnaimh phobail agus chuspóirí na foghlama acadúla.

Chuir an tIonad lena bhonn comhpháirtithe pobail chun go gcuimseofaí naoi n-eagraíocht: Angel's Quest Aware, Blackrock Hospice, Catherine McAuley Centre, Cheshire Ireland, Debra Ireland, Jesuit Centre for Faith and Justice, Our Lady's Grove, Roslyn Park College, agus an Chuideachta Téatair.

Sraith léachtaí ag cur fiontraithe sóisialta i láthair le caint ó Mel Young, Stiúrthóir ar an gCorn do Dhídeanaithe, i mí Feabhra 2007.

Chuathas i mbun suirbhé cuimsitheach ar an mbonn comhpháirtithe pobail ionas go mbeidís mar chuid den treo a ghlacfaidh an tIonad amach anseo.

Cuireadh comhchaidrimh ar bun le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun go mbeadh scáthghrúpa ann d'ionaid rannpháirteachais phobail ón ardoideachas (múnlaithe ar an US Campus Compact Program).

Tugadh isteach na Gradaim Engage do mhic léinn Quinn UCD na chéad bhliana, agus iad urraithe ag Banc na hÉireann.

## Cuspóirí Amach Anseo

D'fhonn tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo, tá sé beartaithe tabhairt faoi bhearta breise chun:

- •Socrúcháin phobail a thabhairt isteach atá leabaithe agus nasctha go hacadúil le samhaltacha gnóthaí reatha amhail margaíocht agus cuntasaíocht;
- Leanúint leis an bhfoghlaim seirbhíse mar mhodúl neamhspleách don ghrúpa iomlán mic léinn leibhéal 2/3;
- Cur leis an líon eagraíochtaí comhpháirtíochta ag an Ionad;
- Rannpháirteachas níos leithne a bhaint amach i measc fhoireann UCD.



## Tionscadail Phobail

"Rinneamar ár gclár le Happy Faces Day de chuid Debra Ireland áit a bhféadfadh an pobal páirt a ghlacadh i stiúideonna grianghrafadóireachta ar fud na tíre agus go nglacfaí portráid ghairmiúil díobh ar chostas €20. Tugadh na fáltais uile do charthanacht. Táimid páirteach in eagrú, i bhfoilsiú agus i gcomhordú an imeachta iomláin.

Mar mhic léinn Scoil Quinn UCD, bhí fhois againn cheana féin faoi loighistice agus mar sin bhí léargas againn ar a mbeimis ag súil leis agus muid ag iarraidh an t-imeacht a eagrú. Chomh maith leis sin, tuigimid go raibh spriocanna le sroicheadh agus an chaoi is fearr déanamh amhlaidh.

Mholfainn d'éinne an tionscnamh Foghlama Seirbhíse a dhéanamh. Seans go mbeifeá in amhras an féidir leatsa aon chion a dhéanamh ar son an tionscnaimh seo, ach seans go mbeadh ionadh ort fút féin!" Mac Léinn BComm David Rainey

*Sa phictiúr thuas tá David Rainey (ar chlé) le baill na foirne Lorna Purcell, Annette Larkin and Richard Tunney*

## Gairmeacha agus fostaíocht

Cuireann UCD oideachas ar mhic léinn, spreagann sé iad agus cuidíonn leo todhchaí a aimsiú dóibh féin a chuireann ar a gcumas an méid is éifeachtaí a dhéanamh ar son shaol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann agus an phobail dhomhanda i gcoitinne.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

D'eirigh to thios on next line. Replace with text: D'éirigh go maith lenár gcéimithe, athuair, sa bhliain 2006 le 51% díbh ag tabhairt faoi bhreis staidéir, le 42% i bhfostaíocht, 6% gan a bheith ar fáil d'fhostaíocht agus 1% ag lorg fostaíochta. Bhí an céatadán de chéimithe le bunchéim ag bhí ag lorg fostaíochta fós íseal le roinnt mhaith díobh fostaithe nó ag leanúint ar aghaidh leis an staidéar agus leis an bhfoghlaim. I margadh fostaíochta atá ag athrú déantar iarracht a chur ina luí ar mhic léinn tabhairt faoi chur chuige dea-ullmhaithe spriocdhírithe níos luaithe sa bhliain acadúil nuair a tharlaíonn formhór na hearcaíochta. Tá dianiomaíocht ann do phoist mhaithe do chéimithe sa bhaile agus thar lear.

D'fhonn cuidiú le mic léinn sa chur chuige sin, reáchtáladh Aonach Gairmeacha UCD i mí Dheireadh Fómhair i Halla O'Reilly ag díriú ar fhostóirí in Éirinn. Bhí an tAonach ina dheis mhaith freisin chun mic léinn a chur ar a n-airdeall maidir leis an earcaíocht a tharlaíonn go luath sa bhliain dheireanach. Cuireadh leis an Aonach le hAonach Teagaisc a reáchtáladh san fhómhar agus le hAonach Eolaíochta, Innealtóireachta agus TF a reáchtáladh san earrach.  Tá aonaigh eile á gcur ar fáil anois ag Cumann na Seirbhísí Gairmeacha do Chéimithe in Éirinn, san fhómhar maille le haonach ar Staidéar do Chéimithe san earrach. Mealladh móreagraíochtaí idirnáisiúnta le cuairt a thabhairt ar an gColáiste chun earcaíocht a dhéanamh.

Le blianta beaga anuas tá níos mó is níos mó daoine a bhfuil a mbunchéim críochnaithe acu ag tabhairt faoi staidéar agus oiliúint iarchéime, seachas ag dul díreach isteach sa mhargadh fostaíochta. Spreagadh iad le déanamh amhlaidh leis an raon leathan obair chúrsa atá ar fáil san ollscoil. Tá cáilíocht na bpost a bhíonn á bhfáil ag daoine a bhfuil ardchéim acu i bhfad níos fearr ná cáilíocht na bpost a fhaigheann daoine le bunchéimeanna, mar a mbeifí ag súil leis. D'éirigh go maith freisin le daoine a thug faoi chúrsaí dioplóma iarchéime sa mhargadh fostaíochta. Mar sin tá fíor-rogha ann do mhic léinn a bhfuil céim bainte amach acu, dul díreach isteach sa mhargadh fostaíochta nó tabhairt faoi staidéar sa bhreis.

Ar an obair a bhíonn ar bun ag Oifig Gairmeacha agus Ceapachán UCD le mic léinn tá comhairleoireacht phearsanta agus 'córas dualgais' a thugann an deis do mhic léinn comhairle a fháil gan coinne a bheith déanta acu roimh ré ar bhonn laethúil. Bhí tinreamh maith ag na cruinnithe comhairleacha, an obair ghrúpa, na cláir oideachais gairme, cainteanna faoi ghairmeacha agus seimineáir. Tá an tSeirbhís Gairmeacha lonnaithe i leabharlanna agus oifigí saintógtha i bhfoirgneamh Leabharlainne ag Belfield agus i Scoil Smurfit UCD sa Charraig Dhubh.

Bíonn an fhoireann Gairmeacha agus Ceapachán i mbun ábhar eolais a chur ar fáil maidir le gairmeacha do chéimithe agus i mbun fiontair chomhoibritheacha eile a bíonn á dhéanamh ag AGCSI agus Cumann Seirbhísí Comhairleacha Gairmeacha do Chéimithe sa Bhreatain agus in Éirinn. Tá suíomh gréasáin ann, gradireland (www.gradireland.com), a ndéantar nuashonrú air gach lá ar a gcuirtear na seirbhísí gairmeacha in Éirinn ar an eolas faoi fholúntas, agus ar a bhfuil eolaire Gradireland, a ceapadh i gcomhar leis an AGCSI agus leis na foilsitheoirí GTI agus atá ar fáil do mhic léinn agus do chéimithe.



### Dioplóma sa Leigheas Tréidliachta

Sa bhliain 2007 bhí Eibhlín Leahy ó Órán Mór, Co. na Gaillimhe ar an gcéad duine le Dioplóma san Altranas Tréidliachta ar glacadh léi mar altra tréidliachta leis an Royal College of Veterinary Surgeons (RCVS) sa RA. Cuireann an dioplóma seo na scileanna, an t-eolas agus an muinín ar fáil chun tacaíocht altranais den chéad scoth a chur ar fáil. Amharctar ar an RCVS mar fhoras atá ina thagarmharc don altranas tréidliachta ar fud an domhain.

6

# Cláir Oibre a Mhúnlú

Tá páirt ag UCD i gcur chun cinn ról na hÉireann, agus beidh páirt aige ann amach anseo. A bhuíochas leis an mbarr feabhais sa teagasc, san fhoghlaim agus sa taighde a mbaineann céimithe UCD fónamh astu tá deiseanna iontacha ar fáil dóibh. Cuidíonn an dul chun cinn ó thaobh taighde de go ndéanann an ollscoil teorainneacha na feasa daonna a bhrú amach ag an leibhéal áitiúil agus domhanda araon.

Tacaíonn an obair chumarsáide a dhéanann Caidrimh na hOllscoile UCD leis an iarracht atá ann fís UCD a fhíorú, mar a dhéanann an obair bailithe airgid agus an obair caidrimh le halumni na hollscoile a bhíonn ar bun ag Forbair agus Caidreamh Alumni UCD.

Aithníonn an ollscoil go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach gach spriocghrúpa a chur ar an eolas maidir leis an dul chun cinn ar fud raon réimsí atá á dhéanamh ag an ollscoil. An ról atá ag Caidreamh na hOllscoile ná úsáid a bhaint as bealaí éagsúla cumarsáide chun comhchaidrimh láidre agus tuiscint láidir a chothú i measc páirtithe leasmhara na hollscoile, go hinmheánach agus go seachtrach, ar díorma ilchineálach iad.

Leathnaíonn agus daingníonn Forbairt agus Caidreamh Alumni UCD leis an idirchaidreamh atá ag an ollscoil le gach iar-mhac léinn ar bhonn domhanda. A bhuíochas le clár caidrimh déthreo mealltar maoiniú chuig an ollscoil chun feabhas níos mó a chur ar a shaoráidí agus ar a chláir. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil iar-mhic léinn go maith ar an eolas maidir le UCD, ag tógáil spiorad dílseachta, rannpháirteachais agus tiomantas feadh an tsaoil don ollscoil.

*Ag labhairt ar na seanlaethanta ag an taispeántas* Living History *a bhí mar chuid den chlár imeachtaí ag* The Farewell to the Terrace




## Caidrimh na hOllscoile

## Forbairt agus Caidreamh le hAlumni

## Aitheantas Speisialta

## Caidrimh na hOllscoile

An príomhchuspóir atá ag Caidrimh na hOllscoile ná na priomhtheachtaireachtaí ó UCD a chur in iúl do mhuintir na hÉireann agus don phobal idirnáisiúnta trí mheán na meán go léir ach úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí agus cleachtas ar ardchaighdeán.

Go háirithe, déanann Caidrimh na hOllscoile bainistiú ar mhargaíocht straitéiseach, ar chaidrimh leis na meáin agus ar ghníomhaíocht um bainistiú imeachtaí. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le raon leathan gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha. An cuspóir atá leis ná ardán a sholáthar chun na nithe suntasacha a bhaineann UCD amach a chur chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim taighde agus i réimsí eile.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Le linn na bliana tugadh faoi roinnt measúnachtaí chun anailís a dhéanamh ar éifeachtach na mórthionscadail chumarsáide, a bunaíodh chun tacú leis an cuspóirí straitéiseacha.

Bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar iris de chuid UCD dar teideal UCD Today cuireadh roinnt leasúchán i bhfeidhm ar ábhar agus ar dhearadh na hirise. Dhearbhaigh taighde margaidh an luach a bhaineann leis an iris a foilsítear cúig uaire sa bhliain agus a dáiltear ar 5,000 duine, mar bhealach le torthaí taighde fhoireann UCD a chur i bhfios do dhaoine agus fógraíocht a dhéanamh ar an iliomad imeachtaí a reáchtáiltear ar an gcampas.

Bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar fhógraíocht le haghaidh earcú foirne rinneadh athdhaingniú ar pholasaí agus ar chleachtas sa réimse seo.

Chomh maith le caidreamh leis na meáin agus margaíocht réamhghníomhach, cuireann Caidrimh Ollscoile UCD seirbhís fhrithghníomhach eolais ar fáil do na meáin, agus an aidhm atá ag an tseirbhís sin ná freagraí tráthúla beachta a sholáthar maidir le saincheisteanna ollscoil-bhainteacha a bhaineann le leas an phobail agus le haon ghrúpa de pháirtithe leasmhara.

Dhírigh an mhargaíocht leanúnach a dhéantar ar UCD Horizons ar na hollchláir chéime a chur chun cinn agus feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na cumarsáide le hábhar mac léinn.

A bhuíochas le féilire imeachtaí ar líne ar shuíomh gréasáin UCD tá rochtain ar fáil do léachtóirí, d'aoichainteoirí, do sheimineáir agus d'imeachtaí sóisialta ar an gcampas.

Leanann an tseirbhís nuachta ar líne ag cur chun cinn na hoibre a mbeadh spéis ag spriocghrúpaí inmheánacha agus seachtracha acu iontu. Tháinig méadú ar líon na n-amas ar an suíomh gréasáin i gcaitheamh na bliana.

Is é atá i UCD Connections ná foilseachán bliantúil ceannródaíoch na hollscoil leis haghaidh alumni na hollscoile agus dáiltear 120,000 cóip. Tá an irisleabhar seo ar cheann de na foilseacháin is airde caighdeán a chuireann UCD ar fáil.




*Seoladh chárta aifinideachta UCD*

### Nithe Suntasacha atá bainte amach

Sa bhliain 2006 ainmníodh bronnadh an teideal Ollscoil na Bliana an Sunday Times ar UCD. Bunaíodh seo d'fhormhór ar an leibhéal nuálaíochta agus an athraithe straitéisigh a thug nuachtáin agus tráchtairí faoi deara maidir leis an ollscoil.

Chun comóradh a dhéanamh ar UCD ag fágáil Ardán Phort an Iarla tar éis 124 bliain, eagraíodh clár imeachtaí Farewell to the Terrace. Lean an clár seo ar aghaidh ar feadh ceithre lá agus mar chuid de na himeachtaí reáchtáladh coirm cheoil sa Cheoláras Náisiúnta, mar ar díoladh na ticéid uile agus mar ar bronnadh Bonn Foundation Day 2006 ar Maeve Binchy. Sheinn an pianódóir John O'Conor, atá ina chéimí de chuid UCD, agus léigh scríbhneoirí eile ó UCD sleachta as saothair de chuid scríbhneoirí cáiliúla eile ó UCD, lena n-áirítear Kate O'Brien, James Joyce agus Flann O'Brien. Chomh maith leis sin, bhí ceiliúradh mar chuid den chlár seo don fhoireann go léir ó Ardán Phort an Iarla atá imithe ar scor agus bhí díospóireacht L&H ann idir na mic léinn reatha agus iarbhaill an chumainn, mar a ndearnadar díospóireacht ar an rún seo a leanas: *Youth is wasted on the young*.

D'fhreastail beagnach 3,000 iar-mhac léinn ar chóisir i ngairdín Phort an Iarla, ar thaispeántas ar stair UCD ó 1880 go 1970 agus ar shraith léachtaí agus turas. Cuireadh Coronation Mass le Mozart ar stáitse mar ar imigh roinnt mhaith céimithe ar ais

chuig Séipéal na hOllscoile ar Fhaiche Stiabhna. Ag gabháil leis an gclár imeachtaí seo, foilsíodh leabhar comórtha Farewell to the Terrace, agus forlíonadh san Irish Times. San iomlán, d'fhreastail breis is 5,000 iar-mhac léinn ar na himeachtaí.

I measc na mórthionscnamh cumarsáide eile bhí tacú leis an gcomórtas ailtireachta Gateway agus forbairt a dhéanamh ar an gcumarsáide agus ar straitéis caidrimh meáin do sheoladh Chúram Sláinte Acadúil Bhaile Átha Cliath, comhpháirtíocht idir UCD, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann.

Socraíodh cárta creidmheasa nua le AIB mar a ndéanann an banc €25 a dheonú in aghaidh gach cuntais a osclaítear agus cuirtear céatadán de gach idirbhirt isteach  gciste forbartha na hollscoile.

## Cuspóirí Amach Anseo

Díreoidh clár cuimsitheach cumarsáide ar na mic léinn is fearr a mhealladh chuig UCD agus míneoidh sé na buntáistí acadúla, iomlánaíocha, a bhaineann le curaclam UCD Horizons. Mar thoradh ar dhlúthobir leis an Oifig um Earcú Mic Léinn cuirfear teachtaireachtaí mealltacha ina luí ar ábhar mac léinn. Tabharfar tús áite do chumarsáid ghréasánbhunaithe i rith na bliana le teacht. Déanfar é seo a fhíorú trí ghníomhaíochtaí ar líne agus margaíochta, rud a atreoróidh ábhar mac léinn, tuismitheoirí agus gairmthreoraithe chuig an micreashuíomh gréasáin, *MyUCD*.

Príomhchupsóír a bheidh ann amach anseo ná béim a leagann ar thorthaí taighde a chur chun cinn. Tá Oifig Chaidrimh na hOllscoile ag cur saintreorach ar fáil chun go mbeidh rochtain ar shaineolaithe acadúla níos fusa do na meáin.



# Forbairt agus Caidreamh le hAlumni na hOllscoile

Léirigh ceapachán Aíne Gibbons ina Leas-Uachtarán um Fhorbairt go bhfuil treo nua á ghlacadh maidir le gníomhaíochtaí forbartha agus Caidrimh le hAlumni na hOllscoile. Déanfaidh sí maoirseacht ar leathnú amach Fhondúireacht UCD mar ullmhú le haghaidh tionscnamh mór bailithe airgid sa bhliain 2009.



*An Dr Hugh Brdy, Uachtarán UCD, an tOllamh Imelda Maher, Cathaoirleacht Sutherland sa Dlí Eorpach agus Peter Sutherland AS. Thug an tUasal Sutherland bronntanas flaithiúil de €milliún do UCD chun go gcuirfí Scoil Dlí nua ar bun.*

Fuarthas freagra an-mhaith ó thorthaí suirbhé a rinneadh ar chéimithe chun a fháil amach cén tacaíocht atá ann do phleananna na hollscoile, mar ar chuir tuairim is 89% in iúl go raibh muinín acu as UCD agus aitheantas á thabhairt acu don luach a bhraitheadar a bhí ag baint lena gcéim le UCD agus leis an rath a bhí orthu ina ngairm. Thug sé seo an faomhadh d'Fhondúireacht UCD feabhas a chur ar a straitéis bailithe airgid agus seo a leanas príomhghnéithe na straitéise sin: cultúr an deonaithe a chur ar bun in UCD: tógáil ar líonraí alumni UCD: cláir bailithe airgid nua a chur i bhfeidhm agus ullmhú le haghaidh mórfheachtais.

In Éirinn, mar is fíor i dtíortha eile, tháinig bunathruithe ar roinnt gnéithe den ardoideachas. Toisc gur gluaiseadh i dtreo ardoideachais ar scála mór agus an méadú ar líon na mac léinn, chomh maith leis na héilimh a dhéanann an pobal go mbeadh níos mó oideachais ar a shaoránaigh, ní mór d'ollscoileanna cur lena mbonn maoiniúcháin agus ioncam a fháil ó fhoinsí daonchairdiúla. An sprioc atá ag Forbairt agus Caidrimh le hAlumni UCD, mar sin, mar sin, tá ioncam agus tacaíocht do UCD a mhéadú agus bainfidh an ollscoil sochair shoiléire uaidh seo. Braithfidh athfhorbairt an champais agus cáilíocht an eispéiris UCD do gach mac léinn níos mó ná riamh ar an rath a bheidh ar straitéisí bailithe airgid na hollscoile.

## Dul Chun Cinn go dtí seo

Cuireann an Clár Comhaltachtaí Newman deiseanna taighde ar fáil ag an leibhéal iardhochtúireachta agus óna chur ar bun sa bhliain 1989, tá sé tar éis taighdeoirí den chéad scoth a mhealladh ar bhonn comhréireach a fuair maoiniú flaithiúil ó ghnóthaí agus ó thionscail. Cuideoidh dhá chomhpháirtíocht nua thábhachtacha, le Baxter Healthcare agus Safefood, a chinntiú go mbeidh rath leanúnach ar an gclár.

Tá comhaltachtaí Newman ina ngné riachtanach de straitéis taighde UCD. Leanann an clár ag cur ar chumas na hollscoile a theorainneacha a leathnú amach maidir leis an eolas atá ar fáil cheana féin agus dul chun sochair gheilleagar na hÉireann agus an domhain. Cuireann an líon mór foilseachán a chuireann Comhaltaí Newman UCD ar fáil go mór leis an aschur taighde ón ollscoil.

Cuireadh feabhas ar an teagmháil leis an alumni trí chlár dinimiciúil a thug le chéile ranganna 1956, 1966 and 1981. Chomh maith leis an iris d'alumni cuidíonn an iris UCD Connections agus an nuachtlitir leictreonach eConnections naisc riachtanacha a chothú agus leanann siad ag éascú agus ag cur leis an gcumarsáid le halumni ar fud an domhain. Cuireann cruthú pobail ar líne UCD le céimithe deiseanna níos fearr a bheith acu le hidirghníomhú lena chéile. Tógann sé am na caidrimh fhíorúla seo a thógáil ach is féidir na sochair a fheiceáil sna cláir plé agus an líonrú sóisialta chomh maith le sonraí d'ardchaighdeán don bhunachar alumni.

## Nithe suntasacha atá bainte amach

Chuir Peter Sutherland AE, Cathaoirleach ar BP agus ar Goldman Sachs International, deontas €4 mhilliún ar fáil i dtreo fhorbairt Scoil Dlí nua UCD agus a bhuíochas leis sin beifear ábalta tosú ar na pleananna tógála de réir an sceidil a bhí beartaithe. Tá Peter Sutherland ar dhuine d'alumni na Scoile agus tá sé ag tacú go dícheallach leis an ollscoil le fada an lá.

Bhí an slán a d'fhág UCD le hArdán Phort an Iarla le sraith imeachtaí comórtha ar cheann de na teacht le chéile is mó riamh d'alumni na hOllscoile.

Seoladh Ciste Alumni Ardán Phort an Iarla chun a chinntiú go gcoinneofaí oidhreacht Phort an Iarla le haghaidh na mac léinn a bheidh san ollscoil amach anseo. An cuspóir leis an gciste ná maoiniú a dhéanamh ar athchóiriú na Fuinneoige Comórtha Kevin Barry agus saoráidí ospidéil a bhun d'alumni Ardán Phort an Iarla mar chuid den tionscadal Gateway nua. Bhí sé ar an achainí airgid mó is rathúla dá chineál agus léiríonn sé dílseacht agus tacaíocht na gCéimithe a d'fhreastail ar Ardán Phort an Iarla.

Bhaist Club na mBád UCD The Graduate ar bhád in onóir do na céimithe a thug airgead do Chiste Chlub na mBád UCD. Bunaíodh Club na mBád sa bhliain 1917 agus tá sé lonnaithe i nDroichead na hInse, ceann de na cumainn is sine san ollscoil.

*Ardán Phort an Iarla uair dá raibh*



## Cuspóirí Amach Anseo

D'fhonn méadú agus éagsúlú a dhéanamh ar an ioncam príobháideach a gintear rachaidh Fondúireacht UCD i mbun feachtas teileafóin i bhfómhar na bliana 2007. Déanfar foireann de thuairim is daichead mac léinn a earcú agus oilfear iad mar ghlaoirí agus tá dhá fheachtas sé seachtaine beartaithe ionas gur féidir dul i dteagmháil le tuairim is 10,000 céimí gach bliain.

An cuspóir atá leis an bhfeachtas ná:

- Feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an ollscoil agus na céimithe;
- Spéis a mhúscailt i dteacht le chéile agus i mórimeachtaí amach anseo;
- Ciste do Chéimithe a bhunú agus feabhas a chur ar na eispéireas acadúil, cultúrtha, sóisialta agus spórtúil do mhic léinn

Beidh bailiú airgid ar scála mór mar bhunchloch ag an straitéis bailithe airgid nua mar go mbeidh an líon céimithe a bheidh ina ndeontóirí tábhachtach don ollscoil mar uirlis idirbheartaíochta nuair atáthar ag iarraidh tacaíocht a lorg ó mhórdheontóirí eile.

Táthar i mbun obair bhunaidh chun an ollscoil a ullmhú don Fheachtas do UCD, an chéad iltionscadal mór san iarracht bailithe airgid. Roghnófar tionscadail a bhfuil an acmhainn iontu a bheith ina dtionscadail ar chaighdeán domhanda, bunaithe ar thaighde idirdhisciplíneach, ar nuálaíocht agus ar chaomhnú oidhreachta agus infheistiú i mic léinn agus i bhfoireann acadúil na ollscoile. Tá sprioc an fheachtais fréamhaithe sna mór-éachtaí flaithiúlachta go dtí seo a rinne daoine ar son UCD agus ar an muinín atá ag daoine sa todhchaí. Cruthóidh Fondúireacht UCD bord idirnáisiúnta chun tacú leis an bhfeachtas agus comhordú a dhéanamh ar bhailiú airgid ar son UCD.

Leanfar leis an clár Caidrimh le Céimithe – iubhaile airgid, óir agus rúibín – agus cuirfear imeachtaí nua leis an bhféilire san iarracht caidrimh mhaithe a chur ar bun le líon céimithe atá de shíor ag dul i méid.

# Aitheantas Speisialta

## Samhain 2006



**Denis O'Brien**

Bronnadh Céim Oirirc sa Dlí ar Denis O'Brien mar aitheantas ar na mór-éachtaí atá bainte amach aige mar fhear gnó agus mar fhiontraí in Éirinn. Céimí de chuid UCD sa Pholaitíocht, Stair agus Loighic sa bhliain 1977, tá cuideachtaí teileachumarsáide agus cumarsáide bunaithe aige agus tá sé i mbun iad a reáchtáil le leasa in Éirinn agus i mbreis is 30 tír thar lear. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Eagrúcháin do na hOilimpeacha Speisialta sa bhliain 2003 agus bhí mar eagraí ar bhailiú €73 milliún don imeacht. Tá sé ina stiúrthóir ar Concern worldwide, agus ina chathaoirleach ar Frontline, An Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Chosaint na gCosantóirí Cearta Daonna.

## Nollaig 2006



**Ronnie Delany**

Bronnadh Céim Oirirc sa Dlí ar Ronnie Delany mar aitheantas ar na héachtaí a rinne sé ar feadh a shaoil a thug inspreagadh do mhuintir na hÉireann. Bhuaigh sé bonn óir sa rás 1,500 méadar i gCluichí Oilimpeacha in Melbourne, san Astráil sa bhliain 1956 agus tá sé ar dhuine de na fir spóirt agus de na hambasadóirí spóirt mó clú in Éirinn. Is céimí eacnamaíochta é de chuid Ollscoil Villanova i SAM, bhí sé san iomaíocht le gradam ó gach cearn den domhan agus bhuaigh sé an chéad bhonn óir de chuid na hÉireann i gCluichí Domhanda Ollscoileanna sa bhliain 1961. D'oibrigh sé ar feadh na mblianta i mBaile Átha Cliath ina Phríomhfheidhmeannach ar B&I Line sular chuir sé ar bun a ghnó comhairleoireachta margaíochta agus spóirt féin.

## Meitheamh 2007

**Milo O'Shea**

Bronnadh Céim Oirirc sa Litríocht ar Milo O'Shea mar aitheantas ar an obair ar feadh an tsaoil ar an stáitse agus ar an scáileán agus é ar dhuine d'aistreoirí móra na hÉireann. Rugadh agus tógadh é i mBaile Átha Cliath, agus bhí sé ag aisteoireacht le breis is trí scór bliain. Rinne sé aisteoireacht leis na Abbey Players, sa tsraith BBC Me Mammy agus an iliomad léiriúchán ar stáitse, cláir theilifíse agus scannán, lena n-áirítear a ról mar Leopold Bloom i scannán 1967 le Joseph Strick den úrscéal Ulysses.



*Ag ócáid bronnta céimeanna oirirce (ó chlé go deas): Milo O'Shea, Alfred Brendel agus an tOllamh Amartya Sen*

**Alfred Brendel**

Bronnadh Céim Oirirc ar Alfred Brendel mar aitheantas ar an méid a rinne seo ar son sheinm an cheoil. Tá sé ar dhuine de na ceoltóirí is fearr riamh, agus sheinn sé mar aonréadaí, i gceol aireagail, i gcoirmeacha ceoil leis na ceolfhoirne is fearr ar domhan agus le stiúrthóirí. Lean a ghairmréim breis is caoga bliain agus tá clú agus cáil ar leith air dá léiriú féin ar repertoire na hOstaire-na Gearmáine.

**Amartya Sen**

Bronnadh Céim Oirirc ar an Ollamh Amartya Sen mar aitheantas ar a chuid oibre maidir leis an ngorta, le teoiric fhorbairt an duine, le heacnamaíocht leasa, leis na bunchúiseanna le bochtaineacht agus le liobrálachas polaitiúil. Rugadh é san India, agus an mórchoincheap a chuir seisean le smaointeoireacht na 20ú haoise ná coincheap na 'hinniúlachta'. Bhuaigh sé Duais Nobel dá leabhair a aistríodh go breis is 30 teanga.




*Ag ócáid chomórtas an Ryder Cup, bronnadh céimeanna oirirce sa Dlí ar chaptaein na bhfoirne ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe, Ian Woosnam (ar chlé) agus Tom Lehman, chomh maith le ceathrar eile a bhfuil clú domhanda orthu, i mí Mheán Fómhair 2006*

# Bonn Foundation Day

## Maeve Binchy

Tá an Dr Maeve Binchy ar duine de na céimithe is mó a bhfuil cionn ag daoine uirthi agus bronnadh Bonn Foundation Day uirthi i mí an Mheithimh 2007. Bronnadh an bonn mar aitheantas ar a scileanna agus a rath thar na bearta i dtraidisiún mór ha hÉireann – an scéalaíocht.

Rugadh í i mBaile Átha Cliath, agus thosaigh sí a gairmréim mar mhúinteoir tar éis di céim a bhaint amach in UCD. Ansin chuaigh sí le hiriseoireacht leis an Irish Times agus foilsíodh a céad úrscéal, Light a Penny Candle, sa bhliain 1982 agus ó shin i leith scríobh sí an iliomad úrscéal agus gearrscéal, gach ceann acu le mór-rath orthu. Cuireadh roinnt de na scéalta sin in oiriúint don cineama agus don teilifís.

Tá clú agus cáil dhomhanda uirthi. Nuair a bhí sí ag trácht i mbliana ar a tréimhse mar mhac léinn in Ardán Phort an Iarla dúirt sí: "Ní féidir é go rabhamar lán le gáire chuile lá, ach sin mo chuimhne air."

# Bonn Ulysses

## Hilary Putnam

Bronnadh an Bonn Ulysses ar an Ollamh Hilary Putman mar aitheantas ar an méid iontach a rinne sé le linn a saoil i saol na fealsúnachta. Bhí sé ar dhuine de na fealsúnaithe is mó tionchar agus is bisiúla i Meiriceá le 50 bliain anuas. I measc an méid a rinne sé ar son na fealsúnachta, bhí sé ar dhuine de na chéad daoine le ríomhaire a mhúnlú ar aighne an duine. Chomh maith leis sin, d'fhorbair sé "loighic candaim", teoiric chuimsitheach don mhíniú ar theangacha nádúrtha, agus argóintí i bhfabhar agus i gcoinne cineálacha éagsúla réaltachta. Is ollamh oirirc é a thugann cuairt ar Scoil na Fealsúnachta UCD.

## Robert Grubbs

Bronnadh Bonn Ulysses ar an Ollamh Robert Grubbs mar aitheantas ar a obair ceannródaíoch sa cheimic orgánach. Bronnadh an Duais Nobel sa Cheimic air sa bhliain 2005 toisc forbairt a dhéanamh ar mhodh sintéiseach ar a dtugtar meiteastáis – malartú adaimh idir mhóilíní chun substaintí nua a chruthú. Tá an próiseas anois ar cheann de na himoibriúcháin is tábhachtaí sa cheimic orgánach. I measc na bhfeidhmeanna reatha a baintear as a catalaígh tá peitriliam atá bunaithe ar cheimicí a ionadú le foinsí inathnuaite lena n-áirítear ola ó shíolta agus úsáid a mhodheolaíochta sa leighis. Bhí tionchar mór ag a chuid oibre ar cheimic shintéiseach agus tá féidearthachtaí millteacha móra acu i gcúrsaí leighis agus na tionscal polaiméire.

Bronnadh Bonn Ulysses ar an Ollamh Grubbs ag an 15ú Siompóisiam Eorpach ar Cheimic Orgánach a reáchtáladh in UCD i mí Iúil 2007. Bhí sé ar an imeacht is mó sa cheimic orgánach a reáchtáladh riamh in Éirinn, agus mealladh breis is 600 mac léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta chuig UCD dá bharr.



*An tOllamh Robert Grubbs*

# Gradaim Foundation

Bronnadh gradaim Foundation Day ar bheirt chéimithe óga i mí na Samhna 2006.

Tugadh aitheantas do Ciara O'Brien toisc an méid suntasach a bhain sí amach sa spórt. Bhuaigh sí 103 uair d'Éirinn i haca sinsearach agus bhí ról lárnach aici freisin i bhforbairt Chumann Haca na mBan in UCD.

Tugadh aitheantas do Ciaran Lawlor as ucht a chuid oibre i gcur chun cinn díospóireachta. Bhí sé ina fhórsa taobh thiar den iarratas a rinne UCD go dtionólfaí Comórtas Díospóireachta Domhanda na nOllscoileanna 2005 in Éirinn, rud a baineadh. Seo an t-imeacht is mó do mhic léinn ar domhan seachas imeachtaí spóirt



*Ciara O'Brien agus Ciaran Lawlor lena ngradaim do mhóréachtaí ag dinnéar Foundation Day UCD 2006*

7

# Forbairtí Foirne

Glacann foireann na hollscoile páirt lárnach i bhfíorú Phlean Straitéiseach UCD. Cuireann UCD timpeallacht teagaisc, foghlama, taighde agus forbairt phearsanta den chéad scoth ar fáil dá phobal uile ach fónamh a bhaint as na scileanna atá acu siúd atá ag obair cheana féin in UCD, maille le hearcaíocht straitéiseach a dhéanamh ar fhoireann nua.

Má thacaítear leis an bhfoireann ar gach bealach, beidh UCD ina áit ina bhfuil meas ar an duine aonair agus ina gcothaítear an duine, áit a ndéantar feidhmiú a mheas ar bhealach oiriúnach agus struchtúrtha, agus áit ar féidir leis an bhfoireann uile teacht ar dheiseanna oiriúnacha dá bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil féin




Forbairtí Foirne

Ollaimh a Ceapadh

Comh-Ollaimh a Ceapadh

Léachtóirí Sinsearacha a Ceapadh

Ceapacháin sa Bhainistíocht Shinsearach

Lá Carnabhail UCD

## Forbairtí Foirne

Tá cúpla téama duine-bhainteach ag Plean Straitéiseach UCD 2005-2008 – ina measc:

- Ceannaireachta agus forbairt an duine;
- Barr feabhais sa riarachán agus sa phróiseas AD;
- Rannpháirtíocht agus ilchineálacht an fhostaí;
- Acmhainniú don thodhchaí;
- Straitéis agus barr feabhais AD.

### Dul Chun Cinn go dtí seo

Leag an ollscoil an-bhéim ar an gclár oibre mar a mbaineann le daoine sa bhliain acadúil 2006/07 agus cuireadh tús le roinnt clár tábhachtach chun téamaí lárnacha ón bPlean Straitéiseach a chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús le clár ceannaireachta, arna mhaoiniú ag Ciste Nuálaíochta Straitéisí an Údarás um Ard-Oideachas, le haghaidh na foirne sinsearaí laistigh den ollscoil. Tá Ollscoil Cranfield ag obair i gcomhar le rannóg Acmhainní Daonna UCD ar an gclár tábhachtach seo. Seo a leanas aidhmeanna an chláir:

- A chinntiú go bhfuil teacht ag na ceannairí acadúla agus bainistíochta ar an "gcleachtas is fearr" maidir le bainistíocht ceannaireachta;
- Feabhas a chur ar scileanna ceannaireachta agus ar chaighdeán na cinnteoireachta;
- Pleanáil chomharbais straitéiseach a chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús freisin leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) agus cuirfidh sochair an chláir seo ar chumas na foirne na riachtanais oiliúna agus forbartha a mbeidh gá leo amach anseo a fhorbairt.

Tá na babhtaí bolscaireachta i measc na foirne acadúla agus riaracháin anois i gcrích agus tá an comhaontú náisiúnta mar a ndéantar frámaíocht don fhoireann theicniúil a leagan amach anois i bhfeidhm.

Tugadh faoi roinnt tionscnamh eagraíochta straitéiseacha sa tréimhse 2006/07 lean n-áirítear Clár Cathaoirleachta agus Léachtóireachta Stokes SFI, a cuireadh ar bun chun tógáil ar ár n-acmhainneacht i sainréimsí.

D'fhonn cuidiú linn na cláir uaillmhianacha seo a sholáthar, tá athbhreithniú ar an bhfeidhm AD idir lámha faoi láthair agus an aidhm atá leis sin ná:

- Ath-ailíniú a dhéanamh ar na struchtúir AD, soláthair foirne agus na próisis le tosaíochtaí agus struchtúir na hollscoile;
- Samhail oibríochta leasaithe AD a fhorbairt, maille le comhchaidrimh tuairiscithe AD agus caighdeáin a leagan amach a ndéanfar iad a sholáthar go lárnach agus go háitiúil;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mhórphróisis AD agus méadrachta.

An aidhm chomhréireach a bhí ag an gclár maidir le daoine le bliain anuas ná tógáil ar chumas agus é a choinneáil laistigh den ollscoil ag gach leibhéal agus cuideoidh sé seo le UCD a thosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm.

### Ceapacháin agus Ardú Céime

Baineann na ceapacháin a liostáiltear sna táblaí seo a leanas leis an tréimhse 1 Meán Fómhair 2006 go 31 Lúnasa 2007.



*Daoine ag freastal ar bhricfeasta teaghlaigh i ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit ag UCD i mi na Samhna 2006 mar cheiliúradh ar an líon mór leanaí a thug foireann na Scoile ar an saol le déanaí*

## Ollaimh a Ceapadh

Liostáiltear sa tábla thíos 21 ceapachán acadúil a rinneadh sa tréimhse mar ar ceapadh Ollaimh agus cuireann sé san áireamh daoine nua a earcaíodh in UCD agus daoine a bhí fostaithe le UCD cheana féin a fuair ardú céime.

| Ainm | Aonad |
|---|---|
| An tOllamh Petra Ahrweiler | Institiúid Náisiúnta um Bainistíocht Teicneolaíochta |
| An tOllamh James Bergin | Scoil na hEacnamaíochta UCD |
| An tOllamh Pieter Brama | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Cothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD |
| An tOllamh Pádraig Cunningham | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD |
| An tOllamh Giuseppe De Vito | Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD |
| An tOllamh Tony Fahey | Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD |
| An tOllamh Ann Fogarty | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD |
| An tOllamh Brian Fynes | An Scoil Ghnó UCD |
| An tOllamh Michael Gibney | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD |
| An tOllamh Kathleen James-Chakraborty | Scoil na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD |
| An tOllamh Suzanne Jarvis | Institiúid Mhic Con Mí um Thaighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD |
| An tOllamh Alun Jones | Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD |
| An tOllamh Brendan Loftus | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD |
| An tOllamh Liam Mac Mathúna | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD |
| An tOllamh Frank McGuinness | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD |
| An tOllamh Christoph Muller | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD |
| An tOllamh Brian Nolan | Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmigh UCD |
| An tOllamh Stefan Oscarson | An tIonad um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach |
| An tOllamh Michael Turner | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD |
| An tOllamh Patrick Paul Walsh | Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta UCD |
| An tOllamh Karl Whelan | Scoil na hEacnamaíochta UCD |

## Comh-Ollaimh a Ceapadh

Sa tábla thíos tá liosta de na 3 cheapachán acadúla a rinneadh sa tréimhse mar ar ceapadh Comh-ollaimh, agus cuireann sé san áireamh daoine nua a earcaíodh in UCD agus daoine a bhí fostaithe cheana féin in UCD a fuair ardú céime.

| Ainm | Aonad |
|---|---|
| An tOllamh Gerard Fealy | Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Leighis UCD |
| An tOllamh Gary McGuire | Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD |
| An tOllamh Daniel Thomas | Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta UCD |

## Léachtóirí Sinsearacha a Ceapadh

Sa tábla thíos tá liosta de 13 cheapachán acadúla a rinneadh sa tréimhse mar ar ceapadh Léachtóirí Sinsearacha agus cuireann sé san áireamh daoine nua a earcaíodh in UCD nó daoine a bhí fostaithe le UCD cheana féin agus a fuair ardú céime.

| Ainm | Aonad |
|---|---|
| An Dr Arthur Cater | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD |
| An Dr James Christie | Scoil na hInnealtóirachta Leictrí, Leictreonaice agus Meicní UCD |
| Patrick Connolly | Scoil na hInnealtóirachta Leictrí, Leictreonaice agus Meicní UCD |
| Damian Dalton | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD |
| Clíona De Bhaldraithe-Marsh | Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta UCD |
| An Dr Franz Geiselbrechtinger | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD |
| An Dr Patrick Grace | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD |
| An Dr Máirtin Mac Siúrtáin | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD |
| An Dr Grainne McCarthy | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD |
| Henry McLoughlin | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD |
| An Dr Desmond Morgan | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD |
| Jeremiah O'Dwyer | Scoil na hInnealtóirachta Leictrí, Leictreonaice agus Meicní UCD |
| John Sheehan | Scoil na hEacnamaíochta UCD |

## Ceapacháin sa Bhainistíocht Shinsearach

Sa liosta thíos tá na ceapacháin a rinneadh chuig an mBainistíocht Shinsearach sa tréimhse agus cuireann sé san áireamh daoine nua a earcaíodh in UCD agus daoine a bhí fostaithe in UCD a fuair ardú céime.

| Ainm | Aonad |
|---|---|
| An Dr Martin Butler | Leas-Uachtarán do Mhic Léinn |
| Eamonn Ceannt | Leas-Uachtarán um Fhorbairt Chaipitil agus Tráchtála |
| Clíona de Bhaldraithe-Marsh | Stiúrthóir Tionscadail, Tionscadal Newman um Athchóiriú Daonnachtaí |
| Roy Ferguson | Stiúrthóir Cáilíochta |
| Aíne Gibbons | Leas-Uachtarán um Fhorbairt |
| An tOllamh Mark Keane | Leas-Uachtarán Nuálaíochta |
| An Dr Erik Lithander | Stiúrthóir ar Straitéis agus Oibríochtaí Idirnáisiúnta |
| An tOllamh Imelda Maher | Stiúrthóir Tionscadail, Scoil Dlí Sutherland |
| An tOllamh Michael Monaghan | Stiúrthóir Tionscadail, UCD Forbairt ar Líomatáiste Forbartha |

## Lá Carnabhail UCD

D'fhreastail líon níos mó ná riamh d'fhoireann UCD, a dteaghlaigh agus a gcairde ar Lá Carnabhail na bliana, a reáchtáladh in Ionad Spóirt UCD agus an limistéar máguaird, ar 30 Meitheamh.

Bhain na leanaí leas as raon áiseanna agus gníomhaíochtaí ar an lá, a d'eagraigh Coiste Lá Carnabhail 2007 go sármhaith.





